Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10607/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0195(COD)**

**ENV 656**
**CODEC 1007**
**CLIMA 317**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 304 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hathchóiriú an dúlra |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 304 final.

Faoi iamh: COM(2022) 304 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.6.2022
COM(2022) 304 final

2022/0195 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le hathchóiriú an dúlra**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2022) 256 final} - {SWD(2022) 167 final} - {SWD(2022) 168 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## COMHTHÉACS AN TOGRA

### Forais agus cuspóirí an togra

D’ainneoin iarrachtaí AE agus iarrachtaí idirnáisiúnta, tá cailliúint na bithéagsúlachta agus díghrádú na n-éiceachóras fós ag éirí níos measa ar ráta scanrúil, rud a dhéanann dochar do dhaoine, don gheilleagar agus don aeráid. Déantar é seo a dhoiciméadú go forleathan, go háirithe i dtuarascálacha ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC)[1] agus ón Ardán Idir-rialtasach um Beartas Eolaíochta maidir le Seirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais[2], tuarascáil ar dhul chun cinn Spriocanna Aichi[3], agus Eacnamaíocht na Bithéagsúlachta: An tAthbhreithniú Dasgupta[4]. Le héiceachórais shláintiúla, soláthraítear bia agus slándáil bia, uisce glan, linnte carbóin agus cosaint ar thubaistí nádúrtha arb é an t-athrú aeráide is cúis leo. Tá siad ríthábhachtach do mharthanas, d’fholláine, do rathúnas agus do shlándáil fhadtéarmach na hEorpa, ós iad is bonn d’athléimneacht na hEorpa.

Trí éiceachórais a athchóiriú agus trí na hiarrachtaí chun trádáil agus tomhaltas an fhiadhúlra a laghdú, cabhrófar freisin le galair theagmhálacha a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo lena mbaineann poitéinseal zónóiseach a chosc agus leis an bhfrithsheasmhacht ina n-aghaidh a mhéadú, rud a laghdóidh na rioscaí a bhaineann le ráigeanna agus paindéimí, agus cuideofar le tacú le hiarrachtaí AE agus domhanda cur chuige na hAon Sláinte Amháin a chur i bhfeidhm, lena n-aithnítear an nasc intreach idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus nádúr athléimneach sláintiúil.

Sa tuarascáil 2022 ó IPCC cuireadh i dtábhacht go háirithe nach bhfuil ach fuinneog ama ghearr ag an domhan agus ag an Eoraip todhchaí a chinntiú inar féidir cónaí, ós rud é gur dochúlaithe roinnt iarmhairtí atá ina dtoradh ar an ardú san adhaimsir agus san adhaeráid fad is atá córais nádúrtha agus dhaonna á brú thar a gcumas oiriúnú a dhéanamh. Iarrann sí go gcuirfear chun feidhme gníomhaíochtaí práinneacha chun éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú, chun tionchar an athraithe aeráide a mhaolú, go háirithe trí bhogaigh agus aibhneacha díghrádaithe agus éiceachórais aibhneacha, foraoise agus talmhaíochta a athchóiriú.

Mar gheall ar fhorbairtí geopholaitiúla a tharla le déanaí béim bhreise ar an ngá atá le slándáil an tsoláthair bia agus athléimneacht na gcóras bia a chosaint. I ngeall ar mhéaduithe ar phraghsanna tráchtearraí agus ar ábhair imní maidir le slándáil bia ar fud an domhain, ní mór aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí, amhail spleáchais ar allmhairí, chomh maith leis an ngá atá ann dlús a chur leis an aistriú chuig córais bia atá inbhuanaithe agus athléimneach[5]. Is léir

[1] An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC): Tuarascáil speisialta ar thionchair 1.5 °C an téimh dhomhanda, ar fáil ag https://www.ipcc.ch/sr15/, agus Séú Tuarascáil Measúnaithe IPCC, Athrú Aeráide 2022:Impacts, Adaptation and Vulnerability [Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht] |Climate Change 2022 [Athrú Aeráide 2022]:Impacts, Adaptation and Vulnerability [Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht] (ipcc.ch).

[2] An tArdán Idir-rialtasach um Beartas Eolaíochta maidir le Seirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais: Tuarascáil mheasúnaithe dhomhanda 2019 ar sheirbhísí bithéagsúlachta éiceachórais, le fáil ag https://doi.org/10.5281/zenodo.5657041.

[3] An Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, le fáil ag https://www.cbd.int/convention/text/ .

[4] An tOllamh Sir Partha Dasgupta, Tuarascáil deiridh an athbhreithnithe neamhspleách ar Eacnamaíocht na Bithéagsúlachta, an 2 Feabhra 2021, le fáil ag https://www.gov.uk/government/publications/final-report-the-economics-of-biodiversity-the-dasgupta-review.

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Slándáil bia a chosaint agus athléimneacht na gcóras bia a threisiú, COM (2022) 133 final.

ón bhfianaise go bhfuil tionchar dearfach ar tháirgiúlacht bia san fhadtéarma ag baint le hathchóiriú na n-éiceachóras talmhaíochta, agus go bhfeidhmíonn athchóiriú an dúlra mar pholasaí árachais chun inbhuanaitheacht agus athléimneacht fhadtéarmach an Aontais a áirithiú.

I dtuarascáil deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, a foilsíodh an 9 Bealtaine 2022[6], ina gcuid tograí maidir le talmhaíocht, táirgeadh bia, bithéagsúlacht, éiceachórais agus truailliú, d'iarr saoránaigh go háirithe 'limistéir chosanta a chruthú, a athchóiriú, a bhainistiú níos fearr agus a leathnú – chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú'; chun 'feithidí a chosaint, go háirithe feithidí dúchasacha agus pailnitheacha, lena n-áirítear trí iad a chosaint ar speicis ionracha agus tríd an rialáil atá ann cheana a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr'; Chomh maith le 'spriocanna náisiúnta ceangailteacha ar fud Bhallstáit AE a leagan síos chun crainn dhúchasacha agus *flora* áitiúla a athfhoraoisiú, agus cásanna agus sainiúlachtaí náisiúnta éagsúla á gcur san áireamh'. Maidir lena dtograí maidir le faisnéis, feasacht, comhphlé agus stíl bheatha, d'iarr saoránaigh go háirithe 'go n-áireofaí táirgeadh bia agus cosaint na bithéagsúlachta mar chuid den oideachas, lena n-áirítear na buntáistí a bhaineann le bia neamhphróiseáilte thar bhia próiseáilte, agus gairdíní scoile a chur chun cinn, tionscadail gharraíodóireachta uirbeacha agus feirmeoireacht ingearach a fhóirdheonú' agus 'machnamh a dhéanamh ábhar scoile éigeantach a dhéanamh as an mbithéagsúlacht agus feasacht ar an mbithéagsúlacht a ardú trí fheachtais meán agus trí 'chomórtas' arna ndreasú ar fud an Aontais'[7]. Tá gá le gníomhaíocht níos cinntithí, dá bhrí sin, chun cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais a bhaint amach do 2030 agus do 2050, agus chun athléimneacht na gcóras bia a áirithiú.

Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht níos cinntithí chun cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais le haghaidh 2030 agus 2050 a bhaint amach. Leis an gComhaontú Glas don Eoraip[8] ghealltar an dúlra a chosaint agus a athchóiriú. Luaitear ann go sainaithneoidh an Coimisiún bearta, lena n-áirítear bearta dlíthiúla, chun cabhrú leis na Ballstáit éiceachórais a bhfuil damáiste iontu agus ar mhórán carbóin a fheabhsú agus a athchóiriú ina n-éiceachóras ag a bhfuil dea-stádas éiceolaíoch. Cuireadh i dtábhacht sa Chomhaontú Glas don Eoraip a thábhachtaí atá sé go beadh gníomhaíochtaí agus beartais uile an Aontais ar aon dul le chéile chun cabhrú leis an AE aistriú rathúil agus cóir a bhaint amach i dtreo todhchaí inbhuanaithe.

Le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030[9] leagadh síos spriocanna chun an dúlra a chosaint a thuilleadh san AE. Cuireadh i dtábhacht go láidir léi, áfach, nach leor an chosaint amháin: chun cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú, is gá níos mó iarrachtaí a dhéanamh chun an dúlra a thabhairt ar ais chuig an tsláinte mhaith ar fud an AE, i limistéir faoi chosaint agus lasmuigh díobh. Dá bhrí sin, gheall an Coimisiún spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí a mholadh chun éiceachórais dhíghrádaithe AE a athchóiriú, go háirithe iad siúd is mó atá in ann carbón a bhaint agus a stóráil agus tionchar tubaistí nádúrtha a chosc agus a laghdú.

6 Reáchtáladh an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa idir mí Aibreáin 2021 agus mí na Bealtaine 2022. Is éard a bhí sa Chomhdháil beart faoi stiúir na saoránach a bhain le daonlathas na ngrúpaí machnaimh ar an leibhéal uile-Eorpach, rud nach raibh a leithéid ann cheana, ina raibh na mílte saoránach Eorpach, chomh maith le gníomhaithe polaitiúla, comhpháirtithe sóisialta, ionadaithe ón tsochaí shibhialta agus príomhpháirtithe leasmhara páirteach.

7 *Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa – Tuarascáil ar an toradh deiridh*, Bealtaine 2022, Togra 2 lch. 44, agus Togra 6 lch. 48.

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Comhaontú Glas don Eoraip, COM/2019/640 final.

9 https://environment.ec.europa.eu/strategy/biodiversity-strategy-2030_ga.

Go dtí seo, theip ar an AE stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta. Léirítear i staidéar a cuireadh i gcríoch le déanaí[10] faoi chuimsiú meastóireacht ar straitéis bhithéagsúlachta an AE suas go 2020[11] nach bhféadfadh an AE stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta idir 2011 agus 2020. Níor chomhlíon sé an sprioc dheonach maidir le 15 % ar a laghad de na héiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú faoi 2020 (i gcomhréir le Sprioc Aichi 15 den Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht[12]). Tá an t-ionchas don bhithéagsúlacht agus d'éiceachórais lag agus léiríonn sé nach bhfuil an cur chuige atá ann faoi láthair ag feidhmiú.

D'áitigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle freisin go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun éiceachórais a athchóiriú, mar a cuireadh in iúl sna conclúidí ón gComhairle i mí na Nollag 2019[13] agus i rún ó Pharlaimint na hEorpa i mí Eanáir 2020[14]. Leis an rún ón bParlaimint iarraidh ar an gCoimisiún 'imeacht ó ghealltanais dheonacha agus straitéis uaillmhianach agus chuimsitheach a mholadh lena leagtar síos spriocanna ceangailteacha don Aontas agus dá Bhallstáit ar bhonn dlíthiúil (agus, dá réir sin, is féidir a fhorfheidhmiú). Ina rún an 9 Meitheamh 2021[15], d'fháiltigh Parlaimint na hEorpa go mór roimh thiomantas an Choimisiúin togra reachtach a tharraingt suas maidir le hathchóiriú an dúlra, lena n-áirítear maidir le spriocanna ceangailteacha maidir le hathchóiriú.

Tá sé ina ábhar tábhachtach freisin ar an gclár oibre idirnáisiúnta éiceachórais a athchóiriú. Fís 2050 faoin gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht[16], Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac[17], faoi Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe)[18] agus Deich mBliana na Náisiún

[10] Trinomics B.V. (2021) Tacaíocht don mheastóireacht ar Straitéis Bhithéagsúlachta an AE go dtí 2020, agus don obair leantach: Tuarascáil staidéir deiridh (Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022). Achoimre ar na príomhthorthaí ábhartha: féach Iarscríbhinn IX den mheasúnú tionchair. Tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an meastóireacht ar Straitéis Bhithéagsúlachta an AE go dtí 2020 atá dlite in Aibreán 2022.

[11] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Ár n-árachas saoil, ár gcaipiteal nádúrtha: Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2020, COM/2011/244 final.

[12] Áiríodh 20 'Spriocanna Bithéagsúlachta Aichi' sa *Phlean Straitéiseach le haghaidh 2011-2020 den Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht*. In Aichi Sprioc 15 sonraítear 'Faoi 2020, cuireadh feabhas ar athléimneacht éiceachórais agus ar rannchuidiú na bithéagsúlachta le stoic charbóin, trí chaomhnú agus trí athchóiriú, lena n-áirítear 15 % ar a laghad d'éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú, rud a chuireann le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide agus leis an gcomhrac i gcoinne an ghaineamhlaithe.', ar fáil ag https://www.cbd.int/sp/targets/rationale/target-15/

[13] Ullmhúchán don Chreat Domhanda Bithéagsúlachta tar éis 2020 maidir leis an mBithéagsúlacht – Conclúidí ón gComhairle (15272/19) an 19 Nollaig 2019.

[14] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Eanáir 2020 maidir leis an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (COP15) sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (2019/2824(RSP)).

[15] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meitheamh 2021 maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol (2020/2273(INI))

[16] An chéad dréacht den Chreat Domhanda Bithéagsúlachta iar-2020, ar fáil ag https://www.cbd.int/doc/c/914ú/eca3/24ad42235033f031badf61b1/wg2020-03-03-en.pdf.

[17] Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac sna tíortha sin ina bhfuil triomach tromchúiseach agus/nó gaineamhlú, go háirithe san Afraic, ar fáil ag https://www.unccd.int/sites/default/files/relevant-links/2017-01/UNCCD_Convention_ENG_0.pdf.

[18] Na Náisiúin Aontaithe: Rún a ghlac an Comhthionól Ginearálta an 25 Meán Fómhair 2015 – I mbun athraithe: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, ar fáil ag https://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E.

Aontaithe maidir le hAthchóiriú Éiceachóras[19], éilítear leo uile go ndéanfaí éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú. Beidh gá le hathchóiriú freisin chun go gcomhlíonfaidh an tAontas a chuid gealltanas faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, agus faoi Chomhaontú Pháras[20]. Is féidir le héiceachórais amhail portaigh, bogaigh, aigéin agus foraoisí – má tá dea-bhail orthu – méideanna móra dé-ocsaíde carbóin a bhaint agus a stóráil agus cuireann siad go mór le tionchar an athraithe aeráide a laghdú freisin.

Leagtar amach cuspóir uileghabhálach sa togra le haghaidh rialachán maidir le hathchóiriú an dúlra: rannchuidiú le téarnamh leanúnach, fadtéarmach agus marthanach an dúlra bhithéagsúil agus athléimnigh ar fud limistéir talún agus mhara an AE trí éiceachórais a athchóiriú agus rannchuidiú le cuspóirí an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide a bhaint amach agus gealltanais idirnáisiúnta an AE a chomhlíonadh.

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, sa togra leagtar síos spriocanna agus oibleagáidí ceangailteacha maidir le hathchóiriú thar réimse leathan éiceachóras. Leis na bearta sin ba cheart a chuimsiú ar a laghad 20 % de limistéir talún agus farraige an AE faoi 2030 agus gach éiceachóras a bhfuil athchóiriú de dhíth air faoi 2050. Tugtar breis tacaíochta don togra le creat cur chun feidhme chun na cuspóirí a iompú ina ngníomhaíocht, trí phleananna náisiúnta um athchóiriú a ullmhú agus a chur i gcrích.

Tá sé d’aidhm ag an togra a chur ar chumas an AE gníomhú go práinneach agus tús a chur le hathchóiriú na n-éiceachóras bunaithe ar spriocanna agus oibleagáidí ceangailteacha ar féidir iad a thomhas agus ar féidir faireachán a dhéanamh orthu cheana. Áiritheofar leis sin go mbeidh na Ballstáit in ann tús a chur le hobair athchóirithe gan mhoill. Is féidir níos mó éiceachóras a chur san áireamh ag céimeanna níos déanaí trí mhodhanna comhpháirteacha a fhorbairt chun spriocanna breise a leagan síos tríd an rialachán a leasú.

Dá bhrí sin, réitíonn an togra an bealach chun go ndéanfar raon leathan éiceachóras san AE a athchóiriú agus a choinneáil ar bun faoi 2050, agus torthaí intomhaiste le feiceáil faoi 2030 agus 2040. Cuireann sé ar chumas an AE cuidiú le stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus an dúlra a thabhairt ar ais chuig sláinte mhaith. Cuireann sé ar chumas an AE freisin ceannaireacht dhomhanda a léiriú maidir leis an dúlra a chosaint, go háirithe ag Comhdháil na bPáirtithe i ndáil leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht a thionólfar níos déanaí in 2022.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é is aidhm don togra an beartas comhshaoil atá ann cheana a chomhlánú. Tá sé ceaptha oibriú go héifeachtach i sineirge le dlí comhshaoil an AE. Leis an togra tabharfar spreagadh freisin do chomhordú agus do chur chun feidhme feabhsaithe na ndlíthe sin.

Go sonrach, comhlánóidh an togra na nithe seo a leanas:

An Treoir maidir le hÉin[21] agus an Treoir maidir le Gnáthóga[22] trí spriocdhátaí a leagan síos chun spriocanna a bhaint amach agus trí cheangal a chur ar na Ballstáit éiceachórais a athchóiriú lasmuigh de líonra Natura 2000 freisin;

---

19 Rún a ghlac an Comhthionól Ginearálta an 1 Márta 2019 – Deich mBliana na Náisiún Aontaithe maidir le hAthchóiriú an Éiceachórais (2021-2030), ar fáil ag https://www.decadeonrestoration.org/about-un-decade.

20 Comhaontú Pháras, ar fáil ag https://unfccc.int/sites/default/files/english_paris_agreement.pdf.

21 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lgh. 7-25).

22 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

an Treoir Réime maidir le hUisce[23] trí cheanglais bhreise maidir le hathchóiriú a shonrú le haghaidh leanúnachas aibhneacha agus chun dea-bhail tuilemhánna a áirithiú;

an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí[24] ina bhfuil bearta sonracha agus spriocanna mionsonraithe maidir le gnáthóga muirí sonracha ar gá iad a athchóiriú;

an Rialachán maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha[25].

Sa togra, oibreofar i ndlúthchomhar freisin ar leibhéal mionsonraithe leis an gcomhbheartas iascaigh, agus áiritheoidh sé comhleanúnachas agus comhlántacht i gcás inarb ábhartha.

Tá naisc dhíreacha ag an togra le Straitéis Foraoise an Aontais Eorpaigh go dtí 2030[26] agus cuidíonn sé léi, agus tá bearta athchóirithe ann a chuirfidh feabhas ar bhithéagsúlacht agus ar athléimneacht foraoisí, mar gheall ar spriocanna agus oibleagáidí sonracha do ghnáthóga foraoise.

A mhéid a bhaineann leis an gcomhbheartas talmhaíochta, cuireann an togra le spriocanna sonracha le haghaidh gnáthóga féarthailte a thagann faoi raon feidhme Threoir 92/43/CEE, agus ar bhonn níos leithne ar fud agrai-éiceachórais AE bunaithe ar fhianaise go bhfuil feabhas á chur ar shraith tháscairí lena gcuirtear leis an mbithéagsúlacht. Tá naisc shoiléire ag an togra le straitéis ithreach an AE toisc go mbíonn a lán éiceachórais talún ag brath ar na bunithreacha agus ag idirghníomhú leo. Déanfar aon sprioc eile a bhaineann leis an ithir a chomhtháthú sa reachtaíocht a bheidh ann amach anseo lena rialófar ithreacha.

Ina theannta sin, cabhróidh an cuspóir atá beartaithe maidir le meath na bpailneoirí a aisiompú chun cuspóirí thionscnamh an AE maidir le pailneoirí a bhaint amach[27]. Beidh tionchar díreach ag spriocanna an togra maidir le spásanna glasa a mhéadú i limistéir uirbeacha ar an straitéis maidir le bonneagar glas[28].

Cuideoidh bearta beartais faoi straitéisí comhshaoil eile, amhail Plean nua Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche[29] agus an plean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú[30], leis an mbrú ar éiceachórais a

---

23 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lgh. 1-73).

24 Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (IO L 164, 25.6.2008, lgh. 19-40).

25 Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú (IO L 317, 4.11.2014, lgh. 35-55).

26 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Foraoise an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, COM(2021) 572 final.

27 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Tionscnamh an Aontais um Pailneoirí, COM/2018/395 final.

28 Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Bonneagar Glas (BG) — Caipiteal Nádúrtha na hEorpa a Neartú, COM/2013/0249 final.

29 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach chun Eoraip níos glaine agus níos iomaíche a bhaint amach, COM/2020/98 final.

30 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – *Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan* [Plean Gníomhaíochta an Aontais dar teideal Conair chuig Pláinéad Sláintiúil do Chách]: 'Plean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú', COM/2021/400 final.

mhaolú trí chineálacha éagsúla truailleán a laghdú. Le bearta amhail an Moladh ón gComhairle maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe (a bheidh le glacadh ag an gComhairle an 16 Meitheamh 2022)[31], féadfar cuidiú leis an eolas, na scileanna agus an meon is gá a chruthú i ndáil le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, lena n-áirítear tacú le hathchóiriú an dúlra.

**Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is bunchloch den Chomhaontú Glas don Eoraip é éiceachórais a athchóiriú agus an bhithéagsúlacht a fheabhsú. Tá dlúthnasc idir éiceachórais shláintiúla agus dul i ngleic leis an athrú aeráide. Bíonn tionchar díreach agus éifeachtaí fadtéarmacha nó dochúlaithe ag an téamh domhanda ar éiceachórais, amhail cailliúint éiceachóras. I mbeartais aeráide an Aontais amhail an Dlí Aeráide Eorpach[32], sna tograí a áirítear sa phacáiste 'Oiriúnach do 55' (go háirithe an togra le haghaidh Rialachán maidir le Talamhúsáid, Athrú ar Thalamhúsáid agus Foraoiseacht[33]), leagtar béim ar an tábhacht ríthábhachtach a bhaineann le linnte nádúrtha chun carbón a ghabháil agus a stóráil. Chun é sin a dhéanamh go héifeachtach, ní mór éiceachórais amhail bogaigh agus foraoisí a bheith i ndea-bhail. Dá bhrí sin, is féidir a mheas go gcuirfidh an rialachán seo go mór le beartais aeráide.

Is é a chiallaíonn éiceachórais a athshlánú i dtreo na dea-bhaile réitigh dhúlra-bhunaithe a sholáthar a chuideoidh leis an athrú aeráide a mhaolú agus a fhéachann le cuspóirí straitéis an Aontais maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide a bhaint amach[34]. Tá éiceachórais atá níos bithéagsúla agus níos sláintiúla níos athléimní in aghaidh an athraithe aeráide agus tá siad éifeachtach freisin maidir le tubaistí a chosc agus na rioscaí a bhaineann leo a laghdú. Faoin Dlí Aeráide Eorpach, glacfaidh na Ballstáit straitéisí náisiúnta oiriúnaithe agus cuirfidh siad chun feidhme iad, ar straitéisí náisiúnta oiriúnaithe iad lena gcuirtear chun cinn réitigh dhúlra-bhunaithe agus oiriúnú éiceachóras-bhunaithe. Sna pleananna náisiúnta um athchóiriú faoin togra seo oibreofar i ndlúthchomhar leis na straitéisí náisiúnta um oiriúnú faoin Dlí Aeráide Eorpach, agus faoi reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint shibhialta[35]. Treiseoidh siad a chéile.

Is earnálacha iad an talmhaíocht, an fhoraoiseacht agus an t-iascach atá ag brath ar éiceachórais a bhfuil dea-bhail orthu. Le hagrai-éiceachórais a bhfuil dea-bhail orthu soláthraítear bia atá sábháilte, inbhuanaithe, cothaitheach agus inacmhainne. Bíonn an

31 Bunaithe ar Thogra ón gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir leis an bhfoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil COM/2022/11 final.

32 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na h Eorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999.

33 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, lena simplítear na rialacha comhlíontachta, lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030 agus lena ngealltar go mbainfear amach ar bhonn comhchoiteann an aeráidneodracht faoi 2035 san earnáil talamhúsáide, foraoiseachta agus talmhaíochta, agus (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú (COM/2021/554 final).

34 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Eoraip a mhúnlú ionas go mbeidh sí seasmhach ó thaobh na haeráide de – Straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir leis an Oiriúnú don Athrú Aeráide, COM/2021/82 final.

35 Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, arna leasú le Cinneadh Uimh. 2019/420

talmhaíocht níos athléimní in aghaidh an athraithe aeráide agus rioscaí comhshaoil mar gheall orthu, agus cruthaítear poist leo (mar shampla san fheirmeoireacht orgánach, turasóireacht tuaithe agus san áineas). Baineann go leor buntáistí le héiceachórais foraoise i ndea-bhail. Mar shampla, soláthraítear iontu adhmad agus bia, déanann siad carbón a ghabháil agus a stóráil, an ithir a chobhsú, aer agus uisce a íonú, agus laghdaítear leo tionchar tubaistí nádúrtha amhail dóiteáin fhiáine agus galair lotnaidí. Ach éiceachórais mhuirí a choinneáil i ndea-bhail, cabhraítear go mór leis an mbithéagsúlacht trí limistéir thábhachtacha sceite éisc agus iasclainne a sholáthar, agus trí bhia sláintiúil a sholáthar ó na farraigí agus ó na haigéin. Le héiceachórais shláintiúla mhuirí déantar an t-athrú aeráide a mhaolú freisin trí thionchar na dtubaistí nádúrtha feadh an chósta a laghdú.

Is é is aidhm do chuid de na spriocanna agus na táscairí a leagtar amach sa togra seo go mbeidh gníomhaíocht maidir leis an mbithéagsúlacht agus gníomhaíocht maidir le beartais eile de chuid an Aontais ag obair níos fearr le chéile. Áirítear ar na beartais sin an comhbheartas talmhaíochta nua (‘CBT’)[36] (lena n-áirítear a rialacha chun an comhshaol sa talmhaíocht a fheabhsú chomh maith le deiseanna maoinithe atá ar fáil faoi phleananna straitéiseacha CBT 2023-2027), an straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol[37] agus an comhbheartas iascaigh. Baineann an togra freisin le beartas réigiúnach an Aontais, lena bhféadfar athchóiriú éiceachóras a mhaoiniú trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa[38], agus trí Fhís Eorpach[39] freisin, lena dtugtar tacaíocht d’infheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht maidir le bithéagsúlacht agus éiceachórais.

Leis an togra féadfar cabhrú leis an Aontas ceannaireacht dhomhanda a léiriú, an comhphobal idirnáisiúnta a shlógadh agus gníomhú chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta ar fud an domhain. Tá coinne ann go gcuirfidh Comhdháil na bPáirtithe (COP15) den Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht creat domhanda bithéagsúlachta nua i gcrích a bheidh spriocanna uaillmhianacha maidir le hathchóiriú san áireamh ann. Treoirphlean is ea Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 chun an méid sin a bhaint amach san AE agus chun tiomantas an AE a thaispeáint ar an leibhéal domhanda. Tabharfaidh an togra comhartha láidir don phobal domhanda go bhfuil an tAontas dáiríre faoina ghealltanas agus go bhfuil sé d’aidhm aige spriocanna maidir le hathchóiriú éiceachóras a chumhdach sa dlí, agus d’fhéadfadh sé a bheith ina spreagadh do thíortha eile chun beartais uaillmhianacha chomhchosúla a ghlacadh maidir le hathchóiriú an dúlra agus cosaint na bithéagsúlachta.

---

36 Féach pleananna straitéiseacha CBT, atá ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/food-farming-fisheries/key-policies/common-agricultural-policy/cap-strategic-plans_en.

37 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, an Straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol, COM/2020/381 final.

38 Féach Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, atá ar fáil ag https://ec.europa.eu/regional_policy/en/funding/erdf/, agus Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, atá ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32021R1058.

39 Féach an beartas maidir le taighde ar an mbithéagsúlacht, atá ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/environment/biodiversity/biodiversity-research-policy_en.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

**Bunús dlí**

Is é is bunús dlí don togra seo Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ina leagtar amach an chaoi ar cheart Airteagal 191 den Chonradh a chur chun feidhme. Foráiltear in Airteagal 191 den Chonradh do chuspóirí bheartas comhshaoil an AE:

– cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú;

– sláinte an duine a chosaint;

– acmhainní nádúrtha a úsáid ar bhealach stuama agus réasúnach;

– bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun dul i ngleic le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó domhanda, go háirithe chun an t-athrú aeráide a chomhrac.

**Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá údar le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais mar gheall ar scála agus nádúr trasteorann chailliúint na bithéagsúlachta agus an díghrádaithe éiceachórais, an tionchair atá acu ar an bpobal agus na rioscaí eacnamaíocha a bhaineann leo. Tá gá le rialacha agus oibleagáidí uile-AE chun an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a athchóiriú go suntasach. Léiríonn an easpa dul chun cinn sa straitéis bhithéagsúlachta go dtí 2020 nach leor gealltanais dheonacha ó na Ballstáit chun cuspóirí an AE a bhaint amach maidir le héiceachórais a athchóiriú.

Tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe ar mórscála chun aghaidh a thabhairt ar chailliúint agus ar dhíghrádú na bithéagsúlachta agus chun barainneachtaí scála a chruthú. Mar shampla, tá obair ar leibhéal an AE riachtanach chun pailneoirí a athchóiriú: Is fadhb é ar fud an AE agus ní féidir é a réiteach mura dtéann ach cúpla Ballstát i ngleic leis. Tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal AE freisin ós rud é gur soghluaiste go leor speicis talún agus muirí.

Ach éiceachóras amháin a athchóiriú, cuidítear le héiceachórais eile chomharsanachta nó nasctha agus leis an mbithéagsúlacht, ós rud é go mbíonn rath ar a lán speiceas i líonraí éiceachórais nasctha ar scála mór geografach. Tá gá le gníomhaíocht ón Aontas freisin chun na ceanglais dhlíthiúla atá ann cheana a chomhlánú agus chun cabhrú leis an Aontas a chuspóirí a bhaint amach faoi phíosaí eile de reachtaíocht chomhshaoil agus aeráide an Aontais.

**Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta toisc nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach maidir le bithéagsúlacht a chur ar shlí an téarnaimh faoi 2030.

Dá leagfaí síos spriocanna agus oibleagáidí atá ceangailteach ó thaobh dlí de maidir le hathchóiriú éiceachóras ar leibhéal an Aontais, bheadh comhsheasmhacht ann maidir leis na bearta is gá ar fud an Aontais chun an cuspóir foriomlán a bhaint amach. Má dhéanann an Coimisiún faireachán agus tuairisciú ar an dul chun cinn, beidh buntáistí breise agus gníomhaíocht chomhpháirteach níos éifeachtaí ag an Aontas agus ag na Ballstáit.

Go hachomair, leis an togra socraítear sprioc uileghabhálach agus spriocanna agus oibleagáidí a bhaineann go sonrach le héiceachórais atá ag teacht le raon feidhme na gcuspóirí. Chun a áirithiú go mbainfidh an tAontas na cuspóirí sin amach, leagtar síos bearta cur chun feidhme, measúnuithe agus athbhreithnithe sa togra.

**An rogha ionstraime**

Tá gá le cur chuige reachtach seachas cur chuige neamhreachtach chun an cuspóir fadtéarmach a áirithiú. Is le rialachán is fearr a shaothraítear cuspóirí an togra seo chun a áirithiú go bhfuil na dlíthe infheidhme go díreach. Ceanglaítear ar na Ballstáit rannchuidiú leis an gcuspóir fadtéarmach trí phleananna náisiúnta um athchóiriú a bhunú lena leagfar amach na bearta um athchóiriú a bhfuil gá leo chun spriocanna agus oibleagáidí a bhaineann go sonrach le héiceachórais a bhaint amach. Ós rud é nach gá rialachán a thiontú ina dhlí náisiúnta, ciallaíonn sé gur féidir tús níos luaithe a chur le bearta athchóirithe i gcomparáid le treoir.

I rialachán, tugtar tuairisc ar an ngníomhaíocht atá le déanamh ag na Ballstáit ar bhealach níos beaichte agus níos mionsonraithe agus, dá bhrí sin, dhéanfaí an ghníomhaíocht a bheidh le déanamh ag na Ballstáit a cheapadh ar bhealach i bhfad níos beaichte, agus dá bhrí sin chruthófaí tuilleadh comhsheasmhachta agus comhleanúnachais ar fud an Aontais. Murab ionann agus treoracha, ní hamháin go léirítear le rialacháin an sprioc atá le baint amach ag na Ballstáit ach déantar na ceanglais dhlíthiúla agus na bealaí chun an sprioc sin a bhaint amach a shainaithint ar bhealach níos cruinne freisin.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

**Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Sa mheastóireacht ar an straitéis bhithéagsúlachta suas go dtí 2020, sainaithníodh spriocanna deonacha seachas spriocanna atá ceangailteach ó thaobh an dlí de mar chúis leis an athchóiriú éiceachórais. Is bacainní móra iad an easpa tiomantais agus tosaíochta polaitiúla a eascraíonn as sin maidir le cistiú agus acmhainní a leithdháileadh ar obair athchóirithe.

Ina theannta sin, ní leagtar síos sprioc-amanna sna Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga chun gnáthóga nádúrtha agus speicis a choinneáil ar bun nó a athchóiriú chun stádas fabhrach caomhantais a bhaint amach. Ina theannta sin, tá easpa ceanglas sonrach sna Treoracha maidir le héiceachórais atá lasmuigh de líonra Natura 2000 a athchóiriú. Chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin, leis an togra seo tá athchóiriú speiceas agus gnáthóg áirithe éigeantach, laistigh agus lasmuigh de líonra Natura 2000, agus sprioc-amanna soiléire ina leith sin.

Maidir leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, thángthas ar an gconclúid i dtuarascáil 2020 ón gCoimisiún maidir leis an gcéad timthriall de chur chun feidhme na Treorach[40] go bhfuil sé thar a bheith deacair sprioc leathan na Treorach a bhaint amach. Is iad na cúiseanna atá leis sin easpa beart sonrach agus easpa faireacháin atá mionchoigeartaithe go leor ar ghnáthóga nó ar speicis shonracha, mar aon le heaspa spriocanna sonracha. Tacóidh an sainmhíniú ar spriocanna athchóirithe sa rialachán seo le cuspóirí na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí agus lena cur chun feidhme.

Baineadh de thátal as an tseiceáil oiriúnachta ar an Treoir Réime maidir le hUisce go bhfuil na deacrachtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm i bpáirt mar gheall ar riocht an dobharlaigh a bheith

[40] Athbhreithniú ar stádas an chomhshaoil mhuirí san Aontas Eorpach i dtreo aigéin agus farraigí atá glan, sláintiúil agus táirgiúil, a ghabhann leis an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí (Treoir 2008/56/CE), SWD (2020) 61 final.

faoi thionchar truailliú idirleata a thagann ó ghnáthóga máguaird. Ní gá go gceanglófaí leis an Treoir Réime maidir le hUisce ar na Ballstáit bacainní a bhaint a d'fhéadfadh cur isteach ar nascacht nádúrtha abhainnchórais/loch-chórais. Mar sin féin, tá go leor éiceachórais talún agus roinnt gnáthóg agus speiceas atá faoi chosaint ag na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga ag brath go díreach ar éiceachórais uisceacha a bheith beagnach i staid nádúrtha. Comhlánaíonn an togra seo an Treoir Réime maidir le hUisce trí spriocanna athchóirithe agus riachtanais shonracha eile a tharraingt suas i leith aibhneacha agus tuilemhánna. Thairis sin, tá ceanglas an togra seo maidir le neamh-mheathlú ag teacht le ceanglas reatha na Treorach maidir le bearta a dhéanamh chun meathlú stádas gach dobharlaigh a chosc.

**Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, tá próiseas comhairliúcháin fairsing ina bhonn taca ag an rialachán seo agus ag an measúnú tionchair a ghabhann leis. Bhailigh an Coimisiún tuairimí raon leathan páirtithe leasmhara, go háirithe ionadaithe Ballstát, eagraíochtaí comhshaoil, institiúidí taighde, comhlachais talmhaíochta agus foraoise, agus ionadaithe gnó. Rinneadh comhairliúcháin mar chuid de chomhairliúchán poiblí oscailte, i gcúig cheardlann le páirtithe leasmhara agus i gcruinnithe le páirtithe leasmhara agus leis na Ballstáit. Thug na tuairimí éagsúla faisnéis luachmhar agus léargais luachmhara a chuidigh leis an measúnú tionchair agus an togra a ullmhú.

**Measúnú ar thionchar tionscanta**

Foilsíodh an measúnú ar thionchar tionscanta don rialachán atá beartaithe an 4 Samhain 2020. Bhí deis ag na páirtithe leasmhara agus an pobal aiseolas a thabhairt faoin tionscnamh go dtí an 2 Nollaig 2020. Fuarthas 132 fhreagra, go príomha ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhlachais agus eagraíochtaí gnó, eagraíochtaí comhshaoil agus an pobal.

**Comhairliúchán poiblí**

Reáchtáil an Coimisiún comhairliúchán poiblí ar líne idir an 11 Eanáir agus an 5 Aibreán 2021 agus fuair sé 111 842 fhreagra. Bailíodh tuairimí sa chomhairliúchán maidir leis na príomhghnéithe agus an cur chuige i leith ullmhú an togra ón gCoimisiún le haghaidh spriocanna ceangailteacha um athchóiriú. Léiríonn na torthaí go bhfuil tacaíocht ollmhór ann do spriocanna maidir le hathchóiriú atá ceangailteach ó thaobh an dlí de: Bhí 97 % i bhfabhar spriocanna ginearálta athchóirithe AE ar fud na n-éiceachóras uile agus 96 % i bhfabhar spriocanna in aghaidh an éiceachórais nó na gnáthóige. Léiríonn sé sin nach mór lántacaíocht do sprioc athchóirithe uileghabhálach agus do spriocanna sonracha AE le haghaidh éiceachóras.

**Ceardlanna le páirtithe leasmhara**

Reáchtáladh cúig cheardlann ar leithligh le hionadaithe ón mBallstát agus leis na páirtithe leasmhara ó dheireadh 2020 go dtí mí Mheán Fómhair 2021. Pléadh roghanna beartais agus bailíodh tuairimí i ndáil leis na roghanna maidir le spriocanna athchóirithe agus maidir leis an gcaoi ar cheart na spriocanna sin a chur chun feidhme. Sna na ceardlanna breithníodh tionchair shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil níos leithne a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith le réamhthorthaí an staidéir tacaíochta an mheasúnaithe tionchair.

**Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an togra bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí. Tá staidéar a d'ullmhaigh foireann saineolaithe seachtracha mar bhonn taca leis an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo. D'oibrigh an fhoireann saineolaithe i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún le linn chéimeanna éagsúla an staidéir. D'úsáid an Coimisiún go leor foinsí eile faisnéise freisin chun

an togra seo a ullmhú, go háirithe torthaí thionscadail taighde agus nuálaíochta an Aontais agus tuarascálacha idirnáisiúnta aitheanta (amhail iad siúd a luaitear i Roinn 1).

Sholáthair an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus an tAirmheán Comhpháirteach Taighde saineolas sonrach agus bhí dlúthbhaint acu leis an togra dlí seo agus an measúnú tionchair a fhorbairt. Mar shampla, d'fhorbair an Ghníomhaireacht faisnéis maidir le riachtanais athchóirithe bunaithe ar shonraí oifigiúla arna dtuairisciú ag na Ballstáit faoi Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga.

**Measúnú tionchair**

Tá an togra bunaithe ar mheasúnú tionchair. Tar éis na saincheisteanna a cuireadh in iúl i dtuairim dhiúltach an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála an 16 Iúil 2021 a réiteach, fuair an measúnú tionchair tuairim dhearfach (le hagúis a cuireadh san áireamh) an 28 Deireadh Fómhair 2021.

Rinneadh na roghanna beartais seo a leanas a mheas sa mheasúnú tionchair:

(1) Cás bunlíne: glactar leis sa rogha beartais seo go bhfuil cur chun feidhme réadúil na mbeartas sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus i Straitéis Bhithéagsúlachta an AE le haghaidh 2030 agus na beartais ábhartha eile atá ann cheana – seachas na spriocanna athchóirithe atá ceangailteach ó thaobh an dlí de.

(2) Sprioc uileghabhálach a leagan síos atá ceangailteach ó thaobh dlí de maidir le hathchóiriú éiceachóras: leis an rogha seo leagtar síos sprioc uileghabhálach atá ceangailteach ó thaobh an dlí de, atá sainithe go soiléir, chun éiceachórais a athchóiriú. Sainmhínítear an sprioc sin mar a leanas: faoi 2050, déanfar céatadán de na héiceachórais san Aontas a athchóiriú agus a choinneáil i ndea-bhail. Leagtar síos leis freisin garspriocanna atá ceangailteach ó thaobh an dlí de do 2030 agus do 2040.

(3) Spriocanna a bhaineann go sonrach le héiceachórais atá ceangailteach ó thaobh dlí de a leagan síos: leis an rogha seo leagtar síos spriocanna agus oibleagáidí d'iliomad éiceachóras, gnáthóg agus grúpaí speiceas is ceart a athchóiriú faoi 2030, 2040 agus 2050. Bunaítear spriocanna agus oibleagáidí le haghaidh gach ceann de phríomhchineálacha éiceachórais an Aontais agus bheadh siad infheidhme go díreach ar leibhéal na mBallstát.

(4) Spriocanna a bhaineann go sonrach le héiceachórais atá ceangailteach ó thaobh dlí de ag a bhfuil cuspóir uileghabhálach: is hibrid í an rogha seo comhdhéanta as na spriocanna a bhaineann go sonrach le héiceachórais i rogha 3 agus as malairt leagain i rogha 2, eadhon cuspóir uileghabhálach 'chun cur le hathchóiriú leanúnach, fadtéarmach agus marthanach dúlra bhithéagsúil agus athléimneach ar fud limistéir talún agus farraige an Aontais trí éiceachórais a athchóiriú, agus go gcumhdófar leis na bearta athchóirithe le chéile, faoi 2030, 20 % ar a laghad de limistéir talún agus farraige an Aontais agus, faoi 2050, gach éiceachóras a bhfuil athchóiriú de dhíth air. Leis sin soláthraítear cuspóir uileghabhálach ar cheart don Aontas a dhícheall a dhéanamh é a bhaint amach mar aon le spriocanna agus oibleagáidí a bhaineann go sonrach le héiceachórais do na Ballstáit.

Measadh gurb í rogha 4 an rogha beartais is fearr toisc gurb í an rogha is éifeachtaí, is éifeachtúla agus is fearr ó thaobh comhtháthaithe beartais í. I ngeall ar chuspóir uileghabhálach a bheith ann is mó an seans na spriocanna sonracha a bhaint amach, agus tá an riosca a bhaineann le gan gníomhú in aon chor an rogha is ísle as na roghanna go léir. Ina theannta sin, laghdaíonn an rogha na rioscaí go gcuirfí moill ar ghníomhaíocht i ngach cineál

éiceachórais, trí ghníomh a dhéanamh a mhéid is féidir anois, nuair is féidir. Laghdaíonn sé sin an riosca go gcuirfear gníomhaíocht siar, rud a dhéanfadh dochar don chomhshaol, don gheilleagar agus don tsochaí.

Dá bhrí sin, leis an rogha thosaíochta, ceadaítear don Aontas gníomhú go práinneach agus tús a chur le héiceachórais a athchóiriú bunaithe ar spriocanna ar féidir iad a thomhas agus faireachán a dhéanamh orthu cheana. Amach anseo, a luaithe a fhorbrófar modhanna comhchoiteanna chun dea-bhail éiceachórais an Aontais a mheas, féadfar spriocanna breise bunaithe ar na modhanna comhchoiteanna sin a leagan síos tríd an rialachán a leasú.

Leis an rogha thosaíochta seo don togra dlíthiúil, áiritheofar go mbeidh an tAontas in ann a chuspóirí maidir le hathchóiriú na n-éiceachóras a bhaint amach san am atá beartaithe ar bhealach atá costéifeachtach. Is mó na tairbhí ná na costais do gach ceann de na príomhchineálacha éiceachórais. Mar shampla, i gcás bogaigh intíre agus chósta meastar gur mó cheana na sochair a thagann as stóráil carbóin agus na tairbhí sin amháin ná na costais mheasta a bhaineann le hathchóiriú an éiceachórais. Má chuirtear meastacháin ar sheirbhísí éiceachórais eile san áireamh ansin beidh an cóimheas sochair-costais níos airde. Ar an iomlán, is féidir na tairbhí a bhaineann le hathchóiriú a dhéanamh ar thailte portaigh, riasca, foraoisí, fraochmhánna agus scrobarnaí, féarthailte, aibhneacha, lochanna agus gnáthóga gláracha, agus bogaigh chósta atá in Iarscríbhinn I a mheas ag thart ar EUR 1 860 billiún (agus meastar go mbeidh costais thart ar EUR 154 bhilliún i gceist).

Déantar meastachán freisin ar thairbhí suntasacha d’éiceachórais mhuirí agus uirbeacha, d’fhoraoisí, d’agrai-éiceachórais agus d’athchóiriú pailneoirí. Mar shampla, meastar gur fiú thart ar EUR 5 bhilliún in aghaidh na bliana san Aontas Eorpach an luach a bhí ar phailniú barr a dhéanann feithidí. Thairis sin, tá go leor buntáistí eile ann, lena n-áirítear rialú bitheolaíoch lotnaidí agus feabhsú foriomlán na bithéagsúlachta.

Ar bhonn an mheasúnaithe ar thionchair chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha is féidir a thabhairt chun suntais go bhféadfadh tionchar níos mó a bheith ag grúpaí áirithe páirtithe leasmhara ar dtús ná a chéile. Ceanglaítear leis an rialachán, dá bhrí sin, ar na Ballstáit, mar chuid dá bpleananna náisiúnta um athchóiriú, rannpháirtíocht an phobail a áirithiú agus an chaoi a gcuirfear san áireamh riachtanais na bpobal áitiúil agus na bpáirtithe leasmhara a shainiú.

Acmhainní atá á lorg ag na Ballstáit chun a gcuspóirí maidir le hathchóiriú a bhaint amach, féadfaidh siad teacht ó fhoinsí AE, ó mhaoiniú náisiúnta agus ó fhoinsí príobháideacha. Beidh an tionchar ar bhuiséad na mBallstát ag brath ar riachtanais athchóirithe agus ar chur chun feidhme na mbeart athchóirithe lena mbaineann. Is féidir na costais sin a laghdú trí mhaoiniú a fháil ó fhoinsí AE nó ó fhoinsí príobháideacha. Mar shampla, tá réimse leathan chistí AE ar fáil le haghaidh athchóirithe agus meastar go mbeifear in ann úsáid níos fearr a bhaint as cistí príobháideacha a bhuí leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht[41]. Beidh gá le hacmhainní freisin chun pleananna náisiúnta um athchóiriú a fhorbairt, lena n-áirítear céimeanna an chomhairliúcháin agus an fhaireachán.

Maidir le tuairisciú, leis an togra íoslaghdaítear an t-ualach riaracháin trí lánúsáid a bhaint as na ceanglais tuairiscithe atá ann cheana agus as an bhféidearthacht digitiú a dhéanamh ar na

[41] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

próisis sin. Ina theannta sin, is féidir éifeachtúlacht agus laghdú costais a fheabhsú go mór trí úsáid teicneolaíochtaí nua amhail cianbhraiteacht, seirbhísí agus táirgí satailíte Copernicus, córais faisnéise geografaí, braiteoirí agus gléasanna *in situ*, anailís agus próiseáil sonraí, agus an intleacht shaorga a uasmhéadú. Cuireann na teicneolaíochtaí sin le luas, éifeachtacht agus comhleanúnachas na bpróiseas faireacháin agus tuairiscithe iomadúil.

Imíonn an togra beagán ó rogha 4 toisc go gcumhdófar roinnt spriocanna ithreach ag céim níos déanaí i reachtaíocht ar leith, mar a fógraíodh i straitéis ithreach an Aontais.

**Oiriúnacht rialála agus simpliú**

I gcomhréir le tiomantas an Choimisiúin do rialáil níos fearr, ullmhaíodh an togra ar bhealach cuimsitheach, bunaithe ar thrédhearcacht agus ar rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara. I gcomhréir leis an gcur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach', rinneadh anailís ar na tionchair riaracháin. Is ar an Aontas agus ar na riaracháin phoiblí sna Ballstáit go príomha a bheidh na costais riaracháin. Chuimseofaí leis sin na costais a bhaineann le suirbhé a dhéanamh ar éiceachórais, pleananna náisiúnta um athchóiriú a fhorbairt, riarachán agus faireachán a dhéanamh ar na héiceachórais a roghnaítear le hathchóiriú a dhéanamh orthu, agus tuairisciú. Sa mheasúnú tionchair, measadh go mbeadh costais riaracháin den sórt sin thart ar EUR 14 billiún go dtí 2050.

**Cearta bunúsacha**

Urramaítear leis an togra seo na cearta bunúsacha agus go háirithe na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Cuireann sé leis an gceart i leith ardleibhéal cosanta comhshaoil agus le feabhas a chur ar cháilíocht an chomhshaoil i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe atá leagtha síos in Airteagal 37 den Chairt.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beidh gá le hacmhainní daonna sa Choimisiún chun an togra a chur chun feidhme, mar a shonraítear sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis seo. Meastar go ndéanfar na himpleachtaí acmhainní daonna don Choimisiún a chur chun feidhme faoina leithdháiltí reatha.

Chun an cur chun feidhme a bhaint amach, beidh gá le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, a mbeidh gá le hacmhainní breise ina leith, mar a leagtar amach sa ráiteas airgeadais.

Áirítear sa togra seo airteagail ina dtugtar mionsonraí maidir le tuilleadh oibre a mbeidh gá léi chun an rialachán a chur chun feidhme, lena n-áirítear cumhachtú chun gníomhartha tarmligthe nó gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh (mar shampla, chun formáid aonfhoirmeach a fhorbairt le haghaidh pleananna náisiúnta um athchóiriú nó chun na hiarscríbhinní a athbhreithniú).

Léirítear sa ráiteas airgeadais atá sa togra seo na himpleachtaí buiséadacha mionsonraithe agus na hacmhainní daonna agus riaracháin is gá.

## 5. EILIMINTÍ EILE

**Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán ar chomhlíonadh agus ar fhorfheidhmiú trí bíthin na nithe seo a leanas:

– faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit maidir le dul chun cinn na mBallstát i dtaobh na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa togra a bhaint amach;

– bearta athchóirithe a leagtar amach i bpleananna náisiúnta na mBallstát um athchóiriú a chur chun feidhme;

– treochtaí i limistéir athchóirithe.

Tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascálacha ar dhul chun cinn bunaithe ar fhaisnéis ó na Ballstáit chomh maith le sonraí eile a bhaileoidh an Coimisiún (e.g. ó sheirbhísí satailíte Copernicus).

Déanfar athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an rialacháin faoi 2035 chun a áirithiú go mbeidh a chuspóirí á mbaint amach agus go mbeidh an tionchar atá beartaithe aige.

Déanfar an rialachán a leasú nuair is gá, mar shampla chun é a chomhlánú le spriocanna breise um athchóiriú atá ceangailteach ó thaobh dlí de le haghaidh éiceachóras bunaithe ar mhodhanna nua chun staid na n-éiceachóras sin a mheasúnú.

**Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tugtar tuairisc ar an gcuspóir uileghabhálach in **Airteagal 1**: téarnamh leanúnach, fadtéarmach agus inbhuanaithe an dúlra bhithéagsúil bhuanseasmhaigh ar fud limistéir talún agus mhara an Aontais trí na héiceachórais a athchóiriú; Leis sin bunaítear creat faoina gcuirfidh na Ballstáit bearta éifeachtacha lena gcumhdófar, faoi 2030, 20 % ar a laghad de limistéir talún agus mhara an Aontais agus, faoi 2050, gach éiceachóras a bhfuil athchóiriú de dhíth orthu. Cuireann sé sin leis an bpríomhuaillmhian a leagtar amach sa straitéis bhithéagsúlachta go mbeidh gach éiceachóras athchóirithe, athléimneach agus cosanta go leormhaith faoi 2050, agus mar gharsprioc, go mbeidh bithéagsúlacht na hEorpa ar shlí an téarnaimh faoi 2030. Aithnítear go gcuirfidh athchóiriú an dúlra go mór le cuspóirí an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, chun tionchar tubaistí nádúrtha a chosc agus a mhaolú, agus le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais.

Is é an cur chuige a úsáidtear don chreat a thuairiscítear in Airteagal 1 cur leis na cineálacha gnáthóige a chosnaítear faoin Treoir maidir le Gnáthóga ar dtús ar cineálacha gnáthóige iad a bhfuil modhanna ann cheana chun a ndea-bhail a chinntiú. Dá bhrí sin, is féidir spriocanna athchóirithe a shocrú do na gnáthóga sin ar bhonn na modhanna sin.

Leagtar amach in **Airteagal 4** spriocanna maidir le hathshlánú le haghaidh éiceachórais talún, chósta agus fionnuisce, agus leagtar amach in **Airteagal 5** spriocanna maidir le hathchóiriú le haghaidh éiceachórais mhuirí (lena n-áirítear limistéir mhuirí eile sa bhreis orthu sin atá cumhdaithe ag an Treoir maidir le Gnáthóga). Leis na spriocanna sin, tugtar aghaidh ar limistéir a athchóiriú agus a athbhunú, chomh maith le gnáthóga speiceas a athchóiriú. Tá an t-athchóiriú fite fuaite leis an gcosaint agus leis an gcothabháil, agus mar sin leagtar amach oibleagáid in Airteagail 4 agus 5 araon chun a áirithiú nach dtiocfaidh meath ar riocht na n-éiceachóras roimh an athchóiriú nó ina dhiaidh.

Maidir le cineálacha gnáthóige nó le héiceachórais nach gcumhdaítear leis an Treoir maidir le Gnáthóga, níl dea-bhail sainithe go fóill. Mar sin féin, leagtar síos spriocanna agus oibleagáidí sonracha breise a dteastaíonn bearta athchóirithe breise ina leith in **Airteagail 6 go 10**.

In Airteagal 6 leagtar síos spriocanna chun a áirithiú nach mbeidh glanchaillteanas ann, agus chun spásanna uirbeacha glasa a mhéadú i gcathracha, i mbailte agus i mbruachbhailte. Trí leibhéal íosta cumhdaigh crann a sholáthar agus spásanna glasa a sholáthar, déantar iad a chomhtháthú i bhfoirgnimh nua agus i bhfoirgnimh agus i bhforbairtí bonneagair atá ann cheana agus cuireann forbairtí bonneagair leis na spriocanna sin. Gnéithe riachtanacha den bhonneagar uirbeach glas is ea spásanna glasa agus clúdach crann a chur ar fáil, agus téann siad chun tairbhe do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i gcathracha, i mbailte agus i mbruachbhailte ar bhealaí éiceolaíocha, sóisialta agus eacnamaíocha.

Leagtar síos le h**Airteagal 7** oibleagáidí maidir le bacainní ar aibhneacha a bhaint. Cuirfidh sé sin le fadnasc nádúrtha agus nascacht chliathánach aibhneacha agus le cuspóir an Aontais 25 000 km d'aibhneacha saorshreabhaidh a bheith ann. Cabhróidh sé freisin le ceantair abhann agus tuilemhánna a athchóiriú.

Leagtar síos in **Airteagal 8** an oibleagáid laghdú na bpailneoirí a aisiompú agus treocht mhéadaitheach de phobail pailneoirí a bhaint amach go dtí go mbainfear amach leibhéil shásúla. Beidh sé seo bunaithe ar mhodh chun faireachán a dhéanamh ar phailneoirí a bhunófar.

Chun bithéagsúlacht na n-agrai-éiceachóras agus na n-éiceachóras foraoise a fheabhsú, leagtar síos le h**Airteagal 9 agus 10** oibleagáidí ar Bhallstáit aonair treocht mhéadaitheach a bhaint amach le haghaidh sraith táscairí a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo ó thaobh bhithéagsúlacht na n-éiceachóras sin de.

Comhlánaíonn na spriocanna agus na hoibleagáidí um athchóiriú a leagtar amach in Airteagail 6 go 10 na spriocanna a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5, agus dá bhrí sin beidh tionchar acu freisin ar limistéir atá cumhdaithe ag na cineálacha gnáthóige atá cosanta faoin Treoir maidir le Gnáthóga.

In **Airteagail 11 agus 12** tugtar tuairisc ar na ceanglais maidir le pleananna náisiúnta um athchóiriú de chuid na mBallstát. Ba cheart bearta athchóirithe a phleanáil go straitéiseach ionas go mbeidh siad chomh héifeachtach agus is féidir chun cur le hathchóiriú an dúlra ar fud an AE agus le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin. Tá sé tábhachtach go n-ullmhódh na Ballstáit a bpleananna náisiúnta um athchóiriú bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is fearr agus is déanaí atá ar fáil.

Sonraítear in **Airteagail 13, 14 agus 15** nach mór do na Ballstáit a bplean náisiúnta um athchóiriú a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena mheasúnú agus go mbeidh orthu freagairt do bharúlacha an Choimisiúin sula nglacfaidh siad na pleananna. Tugtar tuairisc freisin ar phróiseas chun athbhreithniú agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na pleananna náisiúnta um athchóiriú.

Tá ceanglais faireacháin agus tuairiscithe in **Airteagail 17 agus 18**.

Tá forálacha in **Airteagal 19** chun na hiarscríbhinní a ghabhann leis an rialachán a leasú.

Leagtar amach in **Airteagail 20 agus 21** na coinníollacha faoina nglacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme.

Foráiltear le h**Airteagal 22** go ndéanfar athbhreithniú ar an rialachán faoin 31 Nollaig 2035.

Déantar foráil in **Airteagal 23** maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm an Rialacháin.

2022/0195 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le hathchóiriú an dúlra**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[42],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is gá rialacha a leagan síos ar leibhéal an Aontais maidir le hathchóiriú éiceachóras chun an téarnamh chun dúlra bithéagsúil athléimneach a áirithiú ar fud chríoch an Aontais. Trí éiceachórais a athchóiriú, cuirtear freisin le cuspóirí an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide agus maidir le hoiriúnú don athrú aeráide.

(2) Leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip[43] treochlár uaillmhianach chun an tAontas a chlaochlú ina shochaí chóir rathúil ag a bhfuil geilleagar nua-aimseartha iomaíoch atá tíosach ar acmhainní, a bhfuil sé d'aidhm aige caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus ar thionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, ghlac an Coimisiún Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030[44].

(3) Tá an tAontas agus a Bhallstáit, mar pháirtithe don Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch arna fhormheas le Cinneadh 93/626/CEE[45] ón gComhairle, tiomanta don fhís straitéiseach fhadtéarmach a ghlac Comhdháil na bPáirtithe in 2010

[42] IO C , , lch. .

[43] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún, an Comhaontú Glas don Eoraip, 11.12.2019 (COM (2019) 640 final).

[44] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún, EU Biodiversity Strategy for 2030, Bringing nature back into our lives [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, an dúlra a thabhairt ar ais isteach inár saol], 20.5.2020, COM(2020) 380 final.

[45] Cinneadh 93/626/CEE ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 1993 i ndáil le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (IO L 309, 13.12.1993, lch. 1).

le Cinneadh X/2 maidir le Plean Straitéiseach um Bithéagsúlacht 2011-2020[46], arb í, faoi 2050, go mbeidh an bhithéagsúlacht le luacháil, le caomhnú, le hathchóiriú agus le húsáid go stuama, agus seirbhísí éiceachórais á gcothabháil, pláinéad sláintiúil á choinneáil agus tairbhí riachtanacha á mbaint amach do gach duine.

(4) [téacs ionadchoinneálaí le haghaidh sprioc athchóirithe an Chreata Dhomhanda Bhithéagsúlachta nua atá le comhaontú ag CP-CB 15]

(5) Tagraíonn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe[47], go háirithe spriocanna 14.2, 15.1, 15.2 agus 15.3, don ghá atá le caomhnú, le hathchóiriú agus le húsáid inbhuanaithe éiceachóras talún agus fionnuisce intíre agus a seirbhísí a áirithiú, go háirithe foraoisí, bogaigh, sléibhte agus tailte tirime.

(6) I rún an 1 Márta 2019[48], d'fhógair Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 2021–2030 deich mbliana na Náisiún Aontaithe maidir le hathchóiriú éiceachóras, agus é d'aidhm aige tacú le hiarrachtaí agus iad a mhéadú chun díghrádú éiceachóras ar fud an domhain a chosc, a stopadh agus a aisiompú agus feasacht a ardú maidir leis an tábhacht a bhaineann le hathchóiriú éiceachóras.

(7) Is é is aidhm do Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 a áirithiú go gcuirfear bithéagsúlacht na hEorpa ar shlí an téarnaimh faoi 2030 chun leasa daoine, an phláinéid, na haeráide agus ár ngeilleagair. Leagtar amach sa straitéis plean athchóirithe dúlra AE uaillmhianach ina bhfuil roinnt gealltanas tábhachtach, lena n-áirítear gealltanas chun togra a chur chun cinn le haghaidh spriocanna de chuid an Aontais, atá ceangailteach ó thaobh dlí, maidir le hathchóiriú an dúlra chun éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú, go háirithe na héiceachórais is mó acmhainne carbón a ghabháil agus a stóráil, agus chun tionchar tubaistí nádúrtha a chosc agus a laghdú.

(8) I rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meitheamh 2021[49], cuireadh fáilte mhór roimh an ngealltanas togra reachtach a tharraingt suas ina mbeadh spriocanna ceangailteacha maidir le hathchóiriú dúlra, agus ina theannta sin mheas an Pharlaimint, sa bhreis ar sprioc fhoriomlán athchóirithe, gur cheart spriocanna athchóirithe a bhaineann go sonrach le héiceachórais, gnáthóga agus speicis a áireamh, lena gcumhdófaí foraoisí, féarthailte, bogaigh, tailte portaigh, pailneoirí, aibhneacha saorshreafa, limistéir chósta agus éiceachórais mhuirí.

(9) Sna conclúidí ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020[50], d'aithin an Chomhairle go mbeidh sé bunriachtanach tuilleadh meatha i staid reatha na bithéagsúlachta agus an dúlra a chosc, ach nach leordhóthanach é chun an dúlra a thabhairt ar ais sa saol. D'athdhearbhaigh an Chomhairle go bhfuil gá le níos mó uaillmhéine maidir le hathchóiriú an dúlra mar a mholtar i bPlean Athchóirithe Dúlra AE nua, lena n-áirítear bearta chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a athchóiriú lasmuigh de limistéir chosanta. Chuir an Chomhairle in iúl freisin go raibh sí ag fanacht le togra le haghaidh

---

46 https://www.cbd.int/decision/cop/?id=12268.

47 United Nations Sustainable Development – 17 Goals to Transform Our World [Forbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe – 17 Sprioc Chun an Domhan a Chlaochlú].

48 Rún 73/284 an 1 Márta 2019 i dtaca le Deich mBliana na Náisiún Aontaithe maidir le hAthchóiriú Éiceachóras (2021–2030).

49 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meitheamh 2021 maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol (2020/2273(INI))

50 Council Conclusions on Biodiversity - the need for urgent action, [Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBithéagsúlacht – an gá atá le gníomhaíocht phráinneach] 12210/20.

spriocanna athchóirithe dúlra atá ceangailteach ó thaobh dlí, faoi réir measúnú tionchair.

(10) Leagtar amach i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 gealltanas íosmhéid 30 % den talamh san Aontas a chosaint go dlíthiúil, lena n-áirítear uiscí intíre, mar aon le 30 % den fharraige san Aontas, ar cheart aon trian di ar a laghad a bheith faoi chosaint dhocht, lena n-áirítear na foraoisí príomhúla agus cianaosta uile atá fágtha. Sna critéir agus sa treoraíocht maidir leis na Ballstáit limistéir bhreise faoi chosaint a ainmniú[51] (na 'Critéir agus an treoraíocht'), critéir agus treoraíocht a d'fhorbair an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, leagtar béim, má chomhlíonann na limistéir athchóirithe na critéir maidir le limistéir faoi chosaint, nó má tá coinne leis go gcomhlíonfaidh siad na critéir sin, gur cheart do na limistéir sin rannchuidiú freisin le spriocanna an Aontais maidir le limistéir faoi chosaint a luaithe a bheidh lánéifeacht leis an athchóiriú. Leagtar béim freisin sna Critéir agus sa treoraíocht gur féidir le limistéir faoi chosaint cur go mór leis na spriocanna athchóirithe atá i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, trí na dálaí a chruthú chun go n-éireoidh le hiarrachtaí athchóirithe. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás limistéar is féidir téarnamh go nádúrtha trí chuid den bhrú ó ghníomhaíochtaí an duine a stopadh nó a theorannú. I gcásanna áirithe is leormhaith limistéir den sórt sin, lena n-áirítear limistéir sa mhuirthimpeallacht, a chur faoi chosaint dhocht chun go mbeidh téarnamh ar na luachanna a cailleadh mar thoradh air. Thairis sin, leagtar béim sna Critéir agus sa treoraíocht go bhfuil coinne leis go rannchuideoidh na Ballstáit uile le spriocanna an Aontais maidir le limistéir faoi chosaint a leagtar amach i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 a bhaint amach, a mhéid atá comhréireach leis na luachanna nádúrtha a bhíonn iontu agus leis an acmhainneacht atá acu maidir le hathchóiriú dúlra.

(11) Leagtar amach i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 sprioc lena áirithiú nach mbeidh aon mheathlú ar threochtaí caomhnaithe ná ar stádas gnáthóg agus speiceas faoi chosaint agus go mbeidh ar a laghad 30 % de na speicis agus de na gnáthóga nach bhfuil stádas fabhrach acu faoi láthair sa chatagóir sin nó go léireofar treocht dhearfach láidir i dtreo titim isteach sa chatagóir sin faoi 2030. Léiríonn an treoraíocht[52] a d'fhorbair an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara chun tacú leis na spriocanna sin a bhaint amach gur dócha go mbeidh gá le hiarrachtaí cothabhála agus athchóirithe i gcás fhormhór na ngnáthóg agus na speiceas sin, bíodh sé sin trí stop a chur leis na treochtaí diúltacha atá acu faoi 2030 nó trí threochtaí reatha cobhsaí a choimeád nó treochtaí a fheabhsú, nó trí laghdú ar ghnáthóga agus ar speicis a bhfuil stádas caomhantais fabhrach acu a chosc. Cuirtear béim sa treoraíocht freisin gur gá na hiarrachtaí athchóirithe sin, go príomha, a phleanáil, a chur chun feidhme agus a chomhordú ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach agus, de réir mar a roghnaítear agus mar a thugtar tosaíocht do na speicis agus na gnáthóga atá le feabhsú faoi 2030, go ndéanfar sineirgí le spriocanna eile de chuid an Aontais agus le spriocanna idirnáisiúnta, go háirithe spriocanna comhshaoil nó aeráide, a lorg.

---

51 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis na Critéir agus an treoraíocht le haghaidh limistéir faoi chosaint a ainmniú (SWD(2022) 23 final).

52 Le fáil ar Circabc (europa.eu) [Tagairt le cur i gcrích]

(12) Tugadh ar aird sa Tuarascáil ón gCoimisiún ar Staid an Dúlra in 2020[53] nár éirigh go fóill leis an Aontas deireadh a chur le meath na gcineálacha gnáthóige agus speiceas faoi chosaint ar ábhar imní don Aontas é a gcaomhnú. Is é is cúis leis an meath sin den chuid is mó tréigean talmhaíochta fairsinge, dlús a chur le cleachtais bhainistíochta, modhnú ar réimis hidreolaíocha, an t-uirbiú agus an truailliú chomh maith le gníomhaíochtaí foraoiseachta neamh-inbhuanaithe agus saothrú speiceas. Ina theannta sin, is bagairtí móra ar fhlóra agus ar fhána dúchasacha de chuid an Aontais iad speicis choimhthíocha ionracha agus an t-athrú aeráide, bagairtí atá ag dul i méid.

(13) Is iomchuí cuspóir uileghabhálach a leagan síos d'athchóiriú éiceachóras chun claochlú eacnamaíoch agus sochaíoch, cruthú post ardcháilíochta agus fás inbhuanaithe a chothú. Le héiceachórais bhithéagsúla amhail bogach, fionnuisce, foraois chomh maith le héiceachórais talmhaíochta, fásra scáinte, mhuirí, chósta agus uirbeacha, má bhíonn dea-bhail orthu, soláthraítear raon seirbhísí riachtanacha éiceachórais, agus is mó i bhfad na tairbhí a bhaineann le héiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú chun dea-bhail a chur orthu i ngach limistéar talún agus mara ná costas an athchóirithe. Cuireann na seirbhísí sin le réimse leathan sochar socheacnamaíoch, de réir gnéithe eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha, réigiúnacha agus áitiúla.

(14) Ag an 52ú seisiún de chuid Choimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe i mí Mhárta 2021, ghlac an Coimisiún Staidrimh Córas na gCuntas Eacnamaíoch Comhshaoil - Cuntasaíocht Éiceachórais (CE CCEC)[54]. Is ea atá in CE CCEC creat staidrimh comhtháite cuimsitheach chun sonraí faoi ghnáthóga agus tírdhreacha a eagrú, méid, bail agus seirbhísí éiceachóras a thomhas, athruithe ar shócmhainní éiceachórais a rianú, agus an fhaisnéis sin a nascadh le gníomhaíocht eacnamaíoch agus gníomhaíocht dhaonna eile.

(15) Tá dlúthnasc idir éiceachórais bhithéagsúla a dhaingniú agus dul i ngleic leis an athrú aeráide. Is codanna bunúsach den chomhrac i gcoinne na géarchéime aeráide iad an dúlra agus réitigh dhúlrabhunaithe, lena n-áirítear stoic agus linnte nádúrtha carbóin. An tráth céanna, tá an ghéarchéim aeráide ina spreagadh cheana féin d'athrú san éiceachóras talún agus mara, agus ní mór don Aontas ullmhú do dhéine, minicíocht agus forleithne éifeachtaí na géarchéime. Tugadh le fios sa Tuarascáil Speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir le tionchar téimh domhanda 1.5 C[55] go bhféadfadh tionchair áirithe a bheith fadtéarmach nó

---

[53] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa 'The state of nature in the European Union Report on the status and trends in 2013-2018 of species and habitat types protected by the Birds and Habitats Directives' [Staid an dúlra san Aontas Eorpach – Tuarascáil ar stádas agus treochtaí ó 2013 go 2018 maidir le speicis agus cineálacha gnáthóige faoi chosaint ag na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga], COM/2020/635 final.

[54] https://seea.un.org/sites/seea.un.org/files/documents/EA/seea_ea_white_cover_final.pdf.

[55] An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC): Special Report on the impacts of global warming of 1.5° C and related global greenhouse gas emission pathways, in the context of strengthening the global response to the threat of climate change, sustainable development, and efforts to eradicate poverty [Tuarascáil Speisialta maidir le tionchar téimh domhanda 1.5 C agus na conairí astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda atá gaolmhar leis sin, i gcomhthéacs an fhreagairt dhomhanda a neartú ar an mbagairt a bhaineann leis an athrú aeráide, ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar iarrachtaí an bhochtaineacht a dhíothú] [Masson-Delmotte, V., P. Zhai, H.-O. Pörtner, D. Roberts, J. Skea, P.R. Shukla, A. Pirani, W. Moufouma-Okia, C. Péan, R. Pidcock, S. Connors, J.B.R. Matthews, Y. Chen, X. Zhou, M.I. Gomis, E. Lonnoy, T. Maycock, M. Tignor, agus T. Waterfield (eds.)] https://www.ipcc.ch/sr15/

dochúlaithe. Sa Séú Tuarascáil Mheasúnachta ó IPCC[56] luaitear go mbeidh sé ríthábhachtach éiceachórais a athchóiriú chun cuidiú leis an athrú aeráide a chomhrac agus le rioscaí don tslándáil bia a laghdú freisin. I dTuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda 2019 ar Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais ón Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES)[57], meastar go bhfuil an t-athrú aeráide ina phríomhchúis leis an athrú ar an dúlra, agus meastar go rachaidh na tionchair a bhaineann leis i méid sna blianta amach romhainn, agus i gcásanna áirithe beidh tionchar níos mó aige ná ag cúiseanna eile leis an athrú ar éiceachórais, amhail úsáid athraithe talún agus mara.

(16) Le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58] leagtar amach cuspóir ceangailteach maidir le haeráidneodracht san Aontas faoi 2050, agus astaíochtaí diúltacha ina dhiaidh sin, agus tús áite a thabhairt do laghduithe tapa intuartha ar astaíochtaí agus, an tráth céanna, feabhas a chur ar aistrithe trí linnte nádúrtha. Le hathchóiriú éiceachóras is féidir rannchuidiú go mór le linnte nádúrtha a chothabháil, a bhainistiú agus a fheabhsú agus leis an mbithéagsúlacht a mhéadú fad a bhíonn an t-athrú aeráide á chomhrac. Le Rialachán (AE) 2021/1119, ceanglaítear freisin ar institiúidí ábhartha an Aontais agus ar na Ballstáit dul chun cinn leanúnach a áirithiú maidir le hacmhainneacht oiriúnaithe a fheabhsú, athléimneacht a neartú agus leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú. Ceanglaítear leis freisin go ndéanfaidh na Ballstáit oiriúnú a chomhtháthú i ngach réimse beartais agus réitigh dhúlrabhunaithe[59] agus oiriúnú éiceachóras-bhunaithe a chur chun cinn.

(17) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hoiriúnú don athrú aeráide ó 2021 ar aghaidh[60,] leagtar béim ar an ngá atá le réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun cinn agus aithnítear ann gur féidir oiriúnú costéifeachtach don athrú aeráide a bhaint amach trí bhogaigh agus tailte portaigh chomh maith le héiceachórais chósta agus mhuirí a chosaint agus a athchóiriú, trí spásanna glasa uirbeacha a fhorbairt agus trí dhíonta agus ballaí glasa a shuiteáil agus trí fhoraoisí agus talamh feirme a chur chun cinn agus a bhainistiú go hinbhuanaithe. I ngeall ar líon níos mó éiceachóras bithéagsúil a

---

56 Climate Change 2022 [Athrú Aeráide 2022]:Impacts, Adaptation and Vulnerability [Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht] |Climate Change 2022 [Athrú Aeráide 2022]:Impacts, Adaptation and Vulnerability [Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht] (ipcc.ch).

57 IPBES (2019): Tuarascáil Mheasúnachta dhomhanda ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais ón Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais. E. S. Brondizio, J. Settele, S. Díaz, agus H. T. Ngo (eagarthóirí). Ardrúnaíocht IPBES, Bonn, an Ghearmáin. 1148 leathanach. https://doi.org/10.5281/zenodo.3831673.

58 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na h Eorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

59 Is éard atá i réitigh dhúlrabhunaithe réitigh a fhaigheann inspioráid agus tacaíocht ón dúlra, atá costéifeachtach, a sholáthraíonn, go comhuaineach, tairbhí comhshaoil, tairbhí sóisialta agus tairbhí eacnamaíocha, agus a chuidíonn le hathléimneacht a chothú. Tugann na réitigh sin níos mó gnéithe agus próisis de chuid an dúlra, níos mó gnéithe agus próisis nádúrtha, agus gnéithe agus próisis níos éagsúla isteach i gcathracha, i dtírdhreacha agus i muirdhreacha, trí idirghabhálacha sistéamacha a oiriúnaítear go háitiúil agus atá tíosach ar acmhainní. Dá bhrí sin, ní mór na réitigh dhúlrabhunaithe dul chun tairbhe na bithéagsúlachta agus tacú le soláthar raon seirbhísí éiceachórais.

60 Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Forging a climate-resilient Europe - the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change [Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide] (COM(2021) 82 final).

bheith ann, is mó an athléimneacht atá ann in aghaidh an athraithe aeráide agus soláthraítear modhanna níos éifeachtaí chun tubaistí a laghdú agus a chosc.

(18) Tá athbhreithniú á dhéanamh ar bheartas aeráide an Aontais chun cloí leis an mbealach a mholtar i Rialachán (AE) 2021/1119 chun glanastaíochtaí a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990. Go sonrach, is é is aidhm don togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/841 agus (AE) 2018/1999[61] an méid a rannchuidíonn earnáil na talún leis an uaillmhian fhoriomlán aeráide le haghaidh 2030 a neartú agus na cuspóirí a ailíniú a mhéid a bhaineann le cuntasaíocht astaíochtaí agus aistrithe ó earnáil na talamhúsáide, an athraithe ar thalamhúsáid agus na foraoiseachta ('LULUCF') le tionscnaimh bheartais ghaolmhara maidir leis an mbithéagsúlacht. Leagtar béim sa togra sin ar an ngá atá le haistrithe dúlrabhunaithe carbóin a chosaint agus a fheabhsú, athléimneacht na n-éiceachóras in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú, talamh díghrádaithe agus éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú, agus tailte portaigh a athfhliuchadh. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm aige feabhas a chur ar an bhfaireachán agus ar an tuairisciú a dhéantar ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar aistrithe ó thalamh atá faoi réir cosanta agus athchóirithe. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach go mbeadh dea-bhail ar éiceachórais i ngach catagóir talún, lena n-áirítear foraoisí, féarthailte, talamh curaíochta agus bogaigh, chun go mbeidh siad in ann carbón a ghabháil agus a stóráil go héifeachtach.

(19) Leag forbairtí geopholaitiúla tuilleadh béime ar an ngá atá le hathléimneacht na gcóras bia a chosaint[62]. Léiríonn an fhianaise go mbíonn tionchar dearfach ag athchóiriú na n-éiceachóras ar an táirgiúlacht bia san fhadtéarma, agus feidhmíonn athchóiriú an dúlra mar bheartas árachais chun inbhuanaitheacht agus athléimneacht fhadtéarmach an Aontais a áirithiú.

(20) Sa tuarascáil chríochnaitheach ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, iarrann na saoránaigh ar an Aontas an bhithéagsúlacht, an tírdhreach agus na haigéin a chosaint agus a athchóiriú, an truailliú a dhíothú, agus eolas, feasacht, oideachas agus idirphlé a chothú maidir leis an gcomhshaol, an t-athrú aeráide, agus úsáid agus inbhuanaitheacht fuinnimh[63].

(21) Trí éiceachórais a athchóiriú, i dteannta leis na hiarrachtaí chun trádáil agus tomhailt an fhiadhúlra a laghdú, cuideofar chun galair theagmhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus ag a mbeadh poitéinseal zónóiseach, a chosc agus leis an athléimneacht ina n-aghaidh a fhorbairt, agus ar an gcaoi sin an riosca a bhaineann le ráigeanna agus paindéimí a laghdú, agus cuideofar chun tacú le hiarrachtaí an Aontais agus iarrachtaí domhanda cur chuige na hAon Sláinte Amháin a chur i bhfeidhm, lena n-aithnítear an nasc intreach idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus dúlra sláintiúil athléimneach.

---

[61] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, lena simplítear na rialacha comhlíontachta, lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030 agus lena ngealltar go mbainfear amach ar bhonn comhchoiteann an aeráidneodracht faoi 2035 san earnáil talamhúsáide, foraoiseachta agus talmhaíochta, agus (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú (COM/2021/554 final).

[62] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an tSlándáil bia a chosaint agus athléimneacht na gcóras bia a threisiú, COM/2022/133 final.

[63] *Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa – Tuarascáil ar an toradh deiridh*, Bealtaine 2022, Togra 2 (1, 4, 5) lch. 44, Togra 6 (6) lch. 48.

(22) Is cuid lárnach d'éiceachórais talún iad ithreacha. I dTeachtaireacht 2021 ón gCoimisiún dar teideal 'EU Soil Strategy for 2030[64]' [Straitéis Ithreach an Aontais le haghaidh 2030], leagtar amach an gá atá le hithreacha díghrádaithe a athchóiriú agus an bhithéagsúlacht ithreach a fheabhsú.

(23) Tá sé d'aidhm ag Treoir 92/43/CEE ón gComhairle[65] agus ag Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[66] cosaint, caomhnú agus maireachtáil fhadtéarmach na speiceas agus na ngnáthóg is luachmhaire san Eoraip agus is mó atá faoi bhagairt mar aon leis na héiceachórais ina bhfuil siad mar chuid a áirithiú. Is é Natura 2000, a bunaíodh in 1992 agus arb é an líonra comhordaithe is mó ar domhan de limistéir faoi chosaint, an phríomhionstraim lena gcuirtear chun feidhme cuspóirí an dá Threoir sin.

(24) Is ann cheana do chreat agus do threoraíocht[67] chun dea-bhail na gcineálacha gnáthóige faoi chosaint faoi Threoir 92/43/CEE a chinneadh agus chun cáilíocht agus cainníocht leordhóthanach ghnáthóga na speiceas a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin a chinneadh. Is féidir spriocanna athchóirithe maidir leis na cineálacha gnáthóige sin agus gnáthóga na speiceas sin a bhunú ar an gcreat agus ar an treoraíocht sin. Ní leor an t-athchóiriú sin, áfach, chun cailliúint na bithéagsúlachta a chúlú agus chun na héiceachórais uile a théarnamh. Dá bhrí sin, ba cheart oibleagáidí breise a bhunú de réir táscairí sonracha chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú ar scála éiceachóras níos leithne.

(25) Chun tógáil ar Threoracha 92/43/CEE agus 2009/147/CE agus chun tacú le baint amach na gcuspóirí a leagtar amach sna Treoracha sin, ba cheart do na Ballstáit bearta athchóirithe a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar gnáthóga agus speicis faoi chosaint, lena n-áirítear éin fhiáine, a théarnamh ar fud limistéir an Aontais, agus i limistéir nach dtagann faoi Natura 2000 freisin.

(26) Is é is aidhm do Threoir 92/43/CEE gnáthóga nádúrtha agus speicis fána agus flóra fiáine ar leas an Chomhphobail a chothabháil agus a athchóiriú, ar stádas caomhantais fabhrach. Mar sin féin, ní leagtar síos sprioc-am leis chun an sprioc sin a bhaint amach. Ar an gcaoi chéanna, ní leagtar síos le Treoir 2009/147/CE sprioc-am maidir le téarnamh pobal éan san Aontas.

(27) Ba cheart, dá bhrí sin, spriocdhátaí a bhunú chun bearta athchóirithe a chur ar bun laistigh de láithreáin Natura 2000 agus lasmuigh díobh, chun feabhas a chur de réir a chéile ar an mbail atá ar chineálacha gnáthóige faoi chosaint ar fud an Aontais agus chun iad a athbhunú go dtí go mbainfear amach an limistéar tagartha fabhrach is gá

---

64 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. EU Soil Strategy for 2030 Reaping the benefits of healthy soils for people, food, nature and climate [Straitéis Ithreach an Aontais le haghaidh 2030 leas a bhainfidh na daoine as ithreacha sláintiúla, mar aon le leas an bhia, an dúlra agus na haeráide]
(COM/2021/699 final).

65 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

66 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

67 Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil. 2017, 'Reporting under Article 17 of the Habitats Directive: Explanatory notes and guidelines for the period 2013-2018' 'Tuairisciú faoi Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga: Nótaí míniúcháin agus treoirlínte le haghaidh na tréimhse 2013-2018' agus Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil 2013, 'Interpretation manual of European Union habitats Eur 28' [Lámhleabhar léirmhínithe le haghaidh ghnáthóga Eur 28 an Aontais Eorpaigh].

chun stádas caomhantais fabhrach a bhaint amach le haghaidh na gcineálacha gnáthóige sin san Aontas. D'fhonn an tsolúbthacht is gá a thabhairt do na Ballstáit chun iarrachtaí athchóirithe mórscála a chur ar bun, is iomchuí cineálacha gnáthóige a ghrúpáil de réir an éiceachórais lena mbaineann siad agus na spriocanna cainníochtaithe faoi cheangal ama de réir limistéir a shocrú le haghaidh grúpaí cineálacha gnáthóige. Cuirfidh sé sin ar chumas na mBallstát a roghnú cé na gnáthóga is túisce a athchóireofar laistigh den ghrúpa.

(28) Ba cheart ceanglais chomhchosúla a leagan síos maidir le gnáthóga speiceas a thagann faoi raon feidhme Threoir 92/43/CEE agus maidir le gnáthóga éan fiáin a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/147/CE, ag féachaint go háirithe don nascacht is gá idir an dá ghnáthóg sin chun go mbeidh rath ar phobail na speiceas.

(29) Tá sé riachtanach go mbeidh na bearta athchóirithe do chineálacha gnáthóige leormhaith agus oiriúnach chun dea-bhail a bhaint amach agus na limistéir thagartha fhabhracha a luaithe is féidir, d'fhonn a stádas caomhantais fabhrach a bhaint amach. Tá sé tábhachtach gurb iad na bearta athchóirithe na bearta sin atá riachtanach chun na spriocanna cainníochtaithe faoi cheangal ama de réir limistéir a bhaint amach. Tá sé riachtanach freisin go mbeidh na bearta athchóirithe do ghnáthóga na speiceas leordhóthanach agus oiriúnach chun a gcáilíocht leordhóthanach agus a gcainníocht leordhóthanach a bhaint amach chomh tapa agus is féidir d'fhonn stádas caomhantais fabhrach an speicis a bhaint amach.

(30) Tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirfear feabhas nithiúil agus intomhaiste ar bhail na n-éiceachóras leis na bearta athchóirithe a chuirfear i bhfeidhm faoin Rialachán seo, ar leibhéal na limistéar aonair atá faoi réir a n-athchóirithe agus ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

(31) Chun a áirithiú go mbeidh na bearta athchóirithe éifeachtúil agus gur féidir torthaí na mbeart sin a thomhas le himeacht ama, tá sé riachtanach go léireofaí feabhas leanúnach ar na limistéir atá faoi réir na mbeart athchóirithe sin, go dtí go mbainfear dea-bhail amach, d'fhonn feabhas a chur ar riocht na ngnáthóg a thagann faoi raon feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE chun na gnáthóga sin a athbhunú agus a nascacht a fheabhsú.

(32) Maidir leis na limistéir atá faoi réir bearta athchóirithe d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chainníocht ghnáthóga na speiceas a thagann faoi raon feidhme Threoir 92/43/CEE, chomh maith le gnáthóga éan fiáin a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/147/CE, tá sé riachtanach freisin go léirítear feabhas leanúnach chun rannchuidiú le cainníocht leordhóthanach agus cáilíocht leormhaith ghnáthóga na speiceas sin a bhaint amach.

(33) Tá sé tábhachtach a áirithiú go dtiocfaidh méadú de réir a chéile ar na limistéir a chumhdaítear le cineálacha gnáthóige a thagann faoi raon feidhme Threoir 92/43/CEE agus a bhfuil dea-bhail orthu ar fud chríoch na mBallstát agus an Aontais ina iomláine, go dtí go mbainfear amach an limistéar tagartha fabhrach le haghaidh gach cineál gnáthóige agus go mbeidh dea-bhail ar 90 % den limistéar sin ar a laghad ar leibhéal na mBallstát, ionas go mbeidh na cineálacha gnáthóige sin san Aontas in ann stádas caomhantais fabhrach a bhaint amach.

(34) Tá sé tábhachtach freisin go n-áirithítear méadú de réir a chéile ar cháilíocht agus ar chainníocht ghnáthóga na speiceas a thagann faoi raon feidhme Threoir 92/43/CEE, chomh maith le gnáthóga éan fiáin a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/147/CE,

ar fud chríoch na mBallstát agus an Aontais ar deireadh, go dtí go mbeidh sé leormhaith chun a áirithiú go mairfidh na speicis sin go fadtéarmach.

(35) Tá sé tábhachtach nach dtiocfaidh meathlú ar na limistéir a chumhdaítear le cineálacha gnáthóige a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo i gcomparáid leis an staid reatha, i bhfianaise na riachtanas athchóirithe atá ann faoi láthair, agus i bhfianaise an ghá atá ann gan na riachtanais athchóirithe a mhéadú a thuilleadh amach anseo. Is iomchuí, áfach, breithniú ar an bhféidearthacht maidir le *force majeure*, a bhféadfadh meathlú a theacht ar na limistéir a chumhdaítear leis na cineálacha gnáthóige sin mar thoradh air, chomh maith le claochluithe dosheachanta gnáthóige arb é an t-athrú aeráide is cúis go díreach leo, nó mar thoradh ar phlean nó ar thionscadal ar mhaithe le leas poiblí sáraitheach, nach bhfuil aon rogha mhalartach le fáil ina leith a mbeadh níos lú dochair ag baint léi, a bheidh le cinneadh de réir an cháis, nó plean nó tionscadal arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Threoir 92/43/CEE.

(36) I Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, leagtar béim ar an ngá atá le gníomhaíocht níos láidre chun éiceachórais mhuirí dhíghrádaithe a athchóiriú, lena n-áirítear éiceachórais atá ar mhórán carbóin agus limistéir thábhachtacha sceite éisc agus limistéar iasclainne. Fógraítear sa Straitéis freisin go bhfuil an Coimisiún chun plean gníomhaíochta nua a mholadh chun acmhainní iascaigh a chaomhnú agus chun éiceachórais mhuirí a chosaint.

(37) Déantar na cineálacha gnáthóige muirí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE a shainmhíniú go leathan agus tá go leor fochineálacha éagsúla éiceolaíocha iontu a bhfuil acmhainneacht athchóirithe éagsúil acu, rud a fhágann go bhfuil sé deacair do na Ballstáit bearta iomchuí athchóirithe a bhunú ar leibhéal na gcineálacha gnáthóige sin. Ba cheart, dá bhrí sin, na cineálacha gnáthóige muirí a shonrú a thuilleadh trí úsáid a bhaint as leibhéil ábhartha aicmithe ar ghnáthóga muirí sa chóras faisnéis Eorpach maidir leis an dúlra (EUNIS). Ba cheart do na Ballstáit limistéir thagartha fhabhracha a bhunú maidir le stádas caomhantais fabhrach a bhaint amach le haghaidh gach ceann de na cineálacha gnáthóige sin, sa mhéid nach dtugtar aghaidh ar na limistéir tagartha sin cheana i reachtaíocht eile de chuid an Aontais.

(38) I gcás ina n-éilítear le haghaidh cosaint gnáthóga cósta agus mara go ndéantar gníomhaíochtaí iascaireachta nó dobharshaothraithe a rialú, beidh feidhm ag an gcomhbheartas iascaigh. Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[68], go háirithe, go bhfuil an cur chuige bunaithe ar éiceachórais i leith bainistiú iascaigh le cur chun feidhme leis an gcomhbheartas iascaigh chun a áirithiú go ndéanfar tionchair dhiúltacha gníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachóras na mara a íoslaghdú. Foráiltear leis an Rialachán sin freisin go ndéanfar iarracht leis an mbeartas sin a áirithiú go seachnófar sna gníomhaíochtaí dobharshaothraithe agus iascaigh díghrádú na muirthimpeallachta.

(39) Chun an cuspóir maidir le téarnamh leanúnach, fadtéarmach agus marthanach an dúlra bhithéagsúil athléimnigh a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil faoin gcomhbheartas iascaigh. Laistigh de raon

[68] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

feidhme inniúlacht eisiach an Aontais maidir le hacmhainn bhitheolaíoch na mara a chaomhnú, is féidir leis na Ballstáit bearta neamh-idirdhealaitheacha a dhéanamh chun stoic éisc a chaomhnú agus a bhainistiú agus chun stádas caomhnaithe na n-éiceachóras muirí a chothabháil nó a fheabhsú laistigh den teorainn 12 mhuirmhíle. Ina theannta sin, tá an deis ag na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu teacht ar chomhaontú chun moltaí comhpháirteacha a chur isteach maidir le bearta caomhnaithe atá riachtanach chun oibleagáidí faoi dhlí an Aontais i dtaca leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Déanfar na bearta sin a mheasúnú agus a ghlacadh de réir na rialacha agus na nósanna imeachta dá bhforáiltear faoin gcomhbheartas iascaigh.

(40) Le Treoir 2008/56/CE, ceanglaítear ar na Ballstáit comhoibriú go déthaobhach agus laistigh de shásraí comhair réigiúnacha agus foréigiúnacha, lena n-áirítear trí choinbhinsiúin réigiúnacha farraige[69], agus i gcás ina bhfuil bearta iascaigh i gceist, i gcomhthéacs na ngrúpaí réigiúnacha arna mbunú faoin gcomhbheartas iascaigh.

(41) Tá sé tábhachtach go gcuirfear bearta athchóirithe i bhfeidhm freisin maidir le gnáthóga speiceas áirithe muirí, amhail siorcanna agus roic, a thagann faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine, ach nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 92/43/CEE, mar go bhfuil feidhm thábhachtach acu san éiceachóras.

(42) Chun tacú le hathchóiriú agus le neamh-mheathlú gnáthóg talún, fionnuisce, cósta agus muirí, is féidir leis na Ballstáit limistéir bhreise a ainmniú mar 'limistéir faoi chosaint' nó 'limistéir faoi chosaint dhocht', bearta caomhnaithe éifeachtacha eile de réir limistéir a chur chun feidhme, agus bearta caomhnaithe maidir le talamh príobháideach a chur chun cinn.

(43) Tá thart ar 22 % de dhromchla talún an Aontais ina éiceachóras uirbeach, agus is iad na limistéir ina bhfuil tromlach shaoránaigh an Aontais ina gcónaí. Ar na spásanna glasa uirbeacha tá foraoisí uirbeacha, páirceanna agus gairdíní, feirmeacha uirbeacha, sráideanna agus crainn lena dtaobh, móinéir uirbeacha agus fálta uirbeacha, agus soláthraíonn siad gnáthóga tábhachtacha don bhithéagsúlacht, go háirithe plandaí, éin agus feithidí, lena n-áirítear pailneoirí. Cuireann siad seirbhísí ríthábhachtacha éiceachórais ar fáil freisin, lena n-áirítear an riosca tubaiste nádúrtha a laghdú agus a rialú (e.g. tuilte, éifeachtaí teasoileáin), fuarú, áineas, scagachán uisce agus aeir, chomh maith le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin.

(44) Ní mór feabhas mór a chur ar ghníomhaíochtaí lena áirithiú nach mbeidh spásanna glasa uirbeacha i mbaol díghrádaithe a thuilleadh. Chun a áirithiú go leanfaidh spásanna glasa uirbeacha de na seirbhísí riachtanacha éiceachórais a chur ar fáil, ba cheart deireadh a chur lena gcaillteanas agus ba cheart iad a athchóiriú agus a mhéadú, *inter alia* tríd an mbonneagar glas agus réitigh dhúlrabhunaithe a chomhtháthú níos fearr sa phleanáil uirbeach agus trí bhonneagar glas, amhail díonta glasa agus ballaí glasa, a chomhtháthú i ndearadh foirgneamh.

(45) Éilítear iarrachtaí níos mó le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 chun éiceachórais fionnuisce agus feidhmeanna nádúrtha aibhneacha a

[69] An Coinbhinsiún maidir le cosaint mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh, 1992 – Coinbhinsiún OSPAR (OSPAR), an Coinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht Limistéar Mhuir Bhailt, 1992, Coinbhinsiún Heilsincí (HELCOM), an Coinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara, 1995, – Coinbhinsiún Barcelona (UNEP-MAP) agus an Coinbhinsiún maidir leis an Muir Dhubh a Chosaint, 1992, – Coinbhinsiún Bhúcairist.

athchóiriú. Ba cheart a áireamh le hathchóiriú éiceachóras fionnuisce iarrachtaí chun nascacht chomhréireach agus chliathánach aibhneacha a athchóiriú mar aon lena limistéir bhruachána agus a dtuilemhánna a athchóiriú, lena n-áirítear trí dheireadh a chur le bacainní d'fhonn tacú le stádas caomhantais fabhrach a bhaint amach d'aibhneacha, lochanna agus gnáthóga agus speicis ghláracha a chónaíonn sna gnáthóga sin atá faoi chosaint le Treoracha 92/43/CEE 2009/147/CE, agus ceann de na príomhchuspóirí i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 a bhaint amach, eadhon, 25 000 km ar a laghad d'aibhneacha saorshreafa a athchóiriú. Agus bacainní á mbaint ag na Ballstáit, ba cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar bhacainní atá imithe i léig go príomha, bacainní nach bhfuil gá leo a thuilleadh do ghiniúint an fhuinnimh in-athnuaite, loingseoireacht intíre, soláthar uisce nó úsáidí eile.

(46) San Aontas, tá laghdú mór tagtha ar phailneoirí le blianta beaga anuas agus tá aon trian de speicis beach agus speicis féileacán ag meathlú, agus tá deich faoin gcéad de na speicis sin ar tí dul in éag. Tá pailneoirí ríthábhachtach d'fheidhmiú éiceachóras talún, folláine an duine agus slándáil an tsoláthair bia, trí phailniú a dhéanamh ar phlandaí fiáine agus saothraithe. Tá beagnach EUR 5 000 000 000 d'aschur bliantúil talmhaíochta an Aontais inchurtha go díreach i leith pailneoirí feithidí[70].

(47) Sheol an Coimisiún Tionscnamh Pailneoirí an Aontais[71] an 1 Meitheamh 2018 mar fhreagra ar éilimh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun aghaidh a thabhairt ar mheath na bpailneoirí. Léiríodh sa tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme an tionscnaimh[72] go bhfuil dúshláin shuntasacha fós ann maidir le dul i ngleic le meath na bpailneoirí, úsáid lotnaidicídí san áireamh. D'iarr Parlaimint na hEorpa[73] agus an Chomhairle[74] go ndéanfaí gníomhaíochtaí níos láidre chun dul i ngleic le meath na bpailneoirí agus go mbunófaí creat faireacháin uile-Aontais do phailneoirí, mar aon le cuspóirí agus táscairí soiléire maidir leis an tiomantas chun stop a chur le meath na bpailneoirí. Mhol Cúirt Iniúchóirí na hEorpa don Choimisiún sásraí rialachais agus faireacháin iomchuí a chur ar bun le haghaidh gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí do phailneoirí[75].

(48) Maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí *[lena ghlacadh an 22 Meitheamh 2022, áireofar teideal agus uimhir an ghnímh a glacadh nuair a bheidh*

---

70 Vysna, V., Maes, J., Petersen, J.E., La Notte, A., Vallecillo, S., Aizpurua, N., Ivits, E., Teller, A., Accounting for ecosystems and their services in the European Union [Cuntasaíocht d'éiceachórais agus a seirbhísí san Aontas Eorpach] (INCA). Tuarascáil chríochnaitheach ó chéim II de thionscadal INCA arb é is aidhm dó treoirthionscadal a fhorbairt maidir le córas comhtháite cuntas éiceachórais don Aontas Eorpach. Tuarascáil staidrimh. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021.

71 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Tionscnamh Pailneoirí an Aontais (COM/2018/395 final).

72 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. An dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme Thionscnamh Pailneoirí an Aontais (COM/2021/261 final).

73 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meitheamh 2021 maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol (2020/2273(INI), le fáil ag https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0277_GA.pdf.

74 Conclúidí ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Protection of wild pollinators in the EU: Commission initiatives have not borne fruit [Cosaint pailneoirí fiáine san Aontas: Níor éirigh le tionscnaimh an Choimisiúin (14168/20).

75 Special Report [Tuarascáil Speisialta] 15/2020, https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/SR20_15/SR_Pollinators_EN.pdf

*siad ar fáil]*, tá sé d'aidhm aige rialáil a dhéanamh ar cheann de na cúiseanna le meath na bpailneoirí trí thoirmeasc a chur ar úsáid lotnaidicídí i limistéir atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de, go leor díobh a chumhdaítear leis an Rialachán seo, mar shampla limistéir a chothaíonn speicis pailneora agus a aicmítear sa Liosta Dearg Eorpach[76] mar speicis atá i mbaol díothaithe.

(49) Tá gá le héiceachórais talmhaíochta inbhuanaithe, athléimneacha agus bhithéagsúla chun bia sábháilte, inbhuanaithe, cothaitheach agus inacmhainne a sholáthar. Leis na héiceachórais talmhaíochta is bithéagsúla méadaítear athléimneacht na talmhaíochta in aghaidh an athraithe aeráide agus in aghaidh rioscaí comhshaoil, agus áirithítear sábháilteacht agus slándáil an bhia agus cruthaítear poist nua i gceantair thuaithe, go háirithe poist a bhaineann leis an bhfeirmeoireacht chomh maith leis an turasóireacht agus an t-áineas tuaithe. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas an bhithéagsúlacht ar a thailte talmhaíochta a fheabhsú trí réimse cleachtas atá ann faoi láthair a théann chun sochair d'fheabhsú na bithéagsúlachta nó atá comhoiriúnach le feabhsú na bithéagsúlachta, lena n-áirítear talmhaíocht fhairsing. Tá talmhaíocht fhairsing ríthábhachtach chun go leor speiceas agus gnáthóg a chothabháil sna limistéir is bithéagsúla. Is iomaí cleachtas talmhaíochta fairsing a bhfuil tairbhí iomadúla nó tairbhí móra acu maidir leis an mbithéagsúlacht, seirbhísí éiceachórais agus gnéithe tírdhreacha a chosaint amhail talmhaíocht bheacht, feirmeoireacht orgánach, agra-éiceolaíocht, agrafhoraoiseacht agus féarthalamh buan ísealdéine.

(50) Is gá bearta athchóirithe a chur i bhfeidhm chun bithéagsúlacht na n-éiceachóras talmhaíochta ar fud an Aontais a fheabhsú, lena n-áirítear sna limistéir nach gcumhdaítear le cineálacha gnáthóige a thagann faoi raon feidhme Threoir 92/43/CEE. In éagmais modh choiteann chun measúnú a dhéanamh ar an mbail atá ar éiceachórais talmhaíochta lena bhféadfaí spriocanna sonracha athchóirithe a leagan síos d'éiceachórais talmhaíochta, is iomchuí oibleagáid ghinearálta a leagan síos chun feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht in éiceachórais talmhaíochta agus comhlíonadh na hoibleagáide sin a thomhas ar bhonn na dtáscairí atá ann faoi láthair.

(51) Ós rud é gurb eol agus go n-aithnítear go forleathan gur príomhtháscairí sláinte éiceachóras talmhaíochta iad éin talaimh feirme, is iomchuí spriocanna a leagan síos lena dtéarnamh. Bheadh feidhm ag an oibleagáid na spriocanna sin a bhaint amach maidir leis na Ballstáit seachas le feirmeoirí aonair. Ba cheart do na Ballstáit na spriocanna sin a bhaint amach trí bhearta athchóirithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm ar thalamh talmhaíochta, agus iad ag obair i gcomhar le feirmeoirí agus le páirtithe leasmhara eile, agus ag tacú leo, chun na bearta sin a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar an láthair.

(52) Gnéithe tírdhreacha ard-éagsúlachta ar thalamh talmhaíochta, lena n-áirítear stráicí maolánacha, talamh branair uainíochta nó talamh branair nach bhfuil de réir uainíochta, fálta sceach, crainn aonair nó grúpaí crann, sraitheanna crann, imeall páirceanna, dáileachtaí, díoga, srutháin, bogaigh bheaga, ardáin, cairn, ballaí cloiche, linnte beaga agus gnéithe cultúrtha, soláthraíonn na nithe sin spás do phlandaí agus d'ainmhithe fiáine, lena n-áirítear pailneoirí, agus leis na nithe sin déantar an creimeadh agus an t-ídiú ithreach a chosc, aer agus uisce a scagadh, tacaítear leis an athrú aeráide a mhaolú agus leis an oiriúnú don athrú aeráide agus le táirgiúlacht talmhaíochta barr a bhraitheann ar phailniú. Is féidir a mheas freisin gur gnéithe tírdhreacha a bhfuil ardluach bithéagsúlachta acu crainn tháirgiúla atá mar chuid de

---

[76] An Liosta Dearg Eorpach - An Chomhshaol - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

chórais agrafhoraoiseachta talún arúla agus gnéithe táirgiúla i bhfáluithe neamhtháirgiúla, ar choinníoll nach bhfaigheann siad leasacháin ná nach ndéantar cóireáil lotnaidicídí orthu, agus más rud é nach ndéantar an fómhar ach tráth nach gcuirfeadh sé isteach ar leibhéil arda bithéagsúlachta. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglas a leagan amach chun treocht mhéadaitheach a áirithiú maidir leis an sciar de thalamh talmhaíochta ag a bhfuil gnéithe tírdhreacha ard-éagsúlachta. Le ceanglas den sórt sin chuirfí ar chumas an Aontais ceann de na príomhghealltanais eile i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030 a bhaint amach, is é sin 10 % ar a laghad de limistéar talmhaíochta a chumhdach le gnéithe tírdhreacha ard-éagsúlachta. Ba cheart treochtaí méadaitheacha a bhaint amach freisin maidir le táscairí eile atá ann faoi láthair, amhail innéacs na bhféileacán féarthalún agus an stoc de charbón orgánach in ithreacha mianraí talún curaíochta.

(53) Is é is aidhm don Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) tacú le cosaint an chomhshaoil agus é a neartú, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht. Ar na príomhchuspóirí atá ag an mbeartais tá rannchuidiú chun cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú, seirbhísí éiceachórais a fheabhsú agus gnáthóga agus tírdhreacha a chaomhnú; Le caighdeán nua coinníollachta CBT Uimh 8 maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (GAEC 8)[77], ceanglaítear ar thairbhithe íocaíochtaí a bhaineann le limistéir 4 % ar a laghad den talamh arúil atá acu ar leibhéal na feirme a bheith dírithe ar limistéir agus ar ghnéithe neamhtháirgiúla, lena n-áirítear talamh branair agus gnéithe den tírdhreach atá ann cheana a choinneáil. Maidir leis an sciar 4 % atá le sannadh do chomhlíonadh an chaighdeáin GAEC sin, is féidir é a laghdú go 3 % má chomhlíontar réamhriachtanais áirithe[78]. Beidh an oibleagáid sin ina rannchuidiú leis na Ballstáit treocht dhearfach a bhaint amach i ngnéithe tírdhreacha ardéagsúlachta ar thalamh talmhaíochta. Ina theannta sin, faoi CBT, tá an deis ag na Ballstáit éiciscéimeanna a chur ar bun le haghaidh cleachtais talmhaíochta a dhéanann feirmeoirí i limistéir thalmhaíochta lena bhféadfaí a áireamh gnéithe tírdhreacha nó limistéir neamhtháirgiúla a chothabháil agus a chruthú. Ar an gcaoi chéanna, ina bpleananna straitéiseacha faoi CBT, is féidir leis na Ballstáit gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide a chur san áireamh freisin, lena n-áirítear bainistiú feabhsaithe ar ghnéithe tírdhreacha a théann thar choinníollacht GAEC 8 agus/nó éiciscéimeanna. Cuideoidh tionscadail dúlra agus bithéagsúlachta an chlár LIFE le bithéagsúlacht na hEorpa ar thalamh talmhaíochta a chur ar shlí an téarnaimh faoi 2030, trí thacú le cur chun feidhme Threoir 92/43/CEE agus Threoir 2009/147/CE chomh maith le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030.

(54) Trí athchóiriú agus athfhliuchadh[79] a dhéanamh ar ithreacha orgánacha[80] a úsáidtear sa talmhaíocht (i.e faoi úsáid féarthalún agus talún curaíochta), arb iad ar talamh portach

---

[77] Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

[78] I gcás ina dtugann feirmeoir gealltanas chun 7 % ar a laghad dá thalamh arúil a dhíriú ar limistéir nó ar ghnéithe neamhtháirgiúla, lena n-áirítear talamh branair, faoi éiciscéim fheabhsaithe nó má tá sciar íosta 7 % ar a laghad den talamh arúil ar leibhéal na feirme lena n-áirítear barra breise nó barra fosaithe nítrigine, arna saothrú gan táirgí cosanta plandaí a úsáid.

[79] Is é atá i gceist le hathfhliuchadh an próiseas a bhaineann le hithir draenáilte a athrú ina hithir fhliuch. Caibidil 1 de IPCC 2014, 2013 agus Forlíonadh do Threoirlínte 2006 ó IPCC maidir le Fardail Náisiúnta de Gháis

draenáilte, cuidítear le tairbhí suntasacha bithéagsúlachta a bhaint amach, le laghdú tábhachtach a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus le tairbhí eile don chomhshaol, agus cuirtear le tírdhreach talmhaíochta éagsúil an tráth céanna. Féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh idir raon leathan bearta athchóirithe le haghaidh tailte portaigh draenáilte a úsáidtear sa talmhaíocht, idir talamh curaíochta a athrú go féarthalamh buan, bearta fairsingithe in éineacht le draenáil laghdaithe, agus athfhliuchadh iomlán lena ngabhann an deis riascshaothraithe, nó fásra déanta móna a bhunú. Cruthaítear na tairbhí aeráide is suntasaí trí thalamh curaíochta a athchóiriú agus a athfhliuchadh agus ina dhiaidh sin trí fhéarthalamh dian a athchóiriú. Ionas gur féidir an sprioc athchóirithe a chur chun feidhme ar bhealach solúbtha i gcás tailte portaigh faoi úsáid talmhaíochta, féadfaidh na Ballstáit bearta athchóirithe agus athfhliuchadh tailte portaigh draenáilte a áireamh, chomh maith go pointe le tailte portaigh draenáilte faoi úsáidí eile talún (foraois, mar shampla) a athchóiriú agus a athfhliuchadh, mar limistéir a rannchuidíonn le baint amach na spriocanna maidir le tailte portaigh faoi úsáid talmhaíochta.

(55)

(56) D'fhonn leas iomlán a bhaint as na tairbhí bithéagsúlachta, ba cheart athchóiriú agus athfhliuchadh na dtailte portaigh draenáilte a leathnú thar na limistéir de chineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE atá le hathchóiriú agus le hathbhunú. Leis an tuairisciú a dhéanann na Ballstáit i bhfardail náisiúnta gás ceaptha teasa ar earnáil LULUCF, a chuirtear isteach chuig Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, déantar faireachán ar shonraí maidir le méid na n-ithreach orgánach mar aon lena n-astaíochtaí agus a n-aistrithe gás ceaptha teasa. Is féidir leanúint d'úsáid tháirgiúil a bhaint as portaigh athchóirithe agus athfhliuchta ar bhealaí malartacha. Mar shampla, maidir leis an riascshaothrú, is é sin feirmeoireacht a dhéanamh ar thailte portaigh fliucha, d'fhéadfaí a áireamh ann saothrú cineálacha éagsúla giolcach, cineálacha áirithe adhmaid, saothrú fraochán gorm agus mónóg, feirmeoireacht sfagnaim, agus féarach buabhall uisce. Ba cheart na cleachtais sin a bheith bunaithe ar phrionsabail an bhainistithe inbhuanaithe agus ba cheart iad a bheith dírithe ar an mbithéagsúlacht a fheabhsú ionas go mbeidh luach ard acu ó thaobh airgeadais agus éiceolaíochta de araon. Chomh maith leis sin is féidir an riascshaothrú dul chun sochair do roinnt speiceas atá i mbaol san Aontas, agus is féidir leis sin nascacht na limistéar bogach agus phobal na speiceas gaolmhar a éascú san Aontas freisin. Is féidir cistiú a fháil ó réimse leathan foinsí, lena n-áirítear caiteachas faoi bhuiséad an Aontais agus faoi chláir mhaoiniúcháin an Aontais le haghaidh beart chun portaigh a athchóiriú agus a athfhliuchadh agus chun caillteanais ioncaim a d'fhéadfadh a bheith ann a chúiteamh.

(57) Leagadh amach i Straitéis Foraoise nua an Aontais Eorpaigh go dtí 2030[81] an gá atá le bithéagsúlacht foraoise a athchóiriú. Tá os cionn 43,5 % de spás talún an Aontais faoi fhoraoisí agus faoi choillearnach eile. Tá éiceachórais foraoise ar mhórán bithéagsúlachta leochaileach don athrú aeráide ach is comhghuaillí nádúrtha iad freisin

Ceaptha Teasa: Wetlands [Bogaigh], Hiraishi, T., Krug, T., Tanabe, K., Srivastava, N., Baasansuren, J., Fukuda, M. agus Troxler, T.G. (eagarthóirí.).

80 Sainmhínítear an téarma 'ithir orgánach' in IPCC 2006, Treoirlínte 2006 ó IPCC maidir le Fardail Náisiúnta de Gháis Ceaptha Teasa, arna n-ullmhú ag an gClár Fardal Náisiúnta de Gháis Ceaptha Teasa, Eggleston H.S., Buendia L., Miwa K., Ngara T. agus Tanabe K. (eagarthóirí).

81 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Straitéis Foraoise nua an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 (COM/2021/572 final).

maidir leis an athrú aeráide agus rioscaí a bhaineann leis an aeráid a chur in oiriúint agus a chomhrac, lena n-áirítear trína gcuid feidhmeanna mar stoc carbóin agus linn charbóin, agus soláthraíonn siad go leor seirbhísí agus tairbhí riachtanacha eile éiceachórais, amhail adhmad, bia agus táirgí eile neamh-adhmaid a sholáthar, rialáil aeráide, cobhsú ithreach agus rialú creimthe ithreach agus íonú an aeir agus an uisce.

(58) Is gá bearta athchóirithe a chur i bhfeidhm chun bithéagsúlacht éiceachóras foraoise a fheabhsú ar fud an Aontais, lena n-áirítear sna limistéir nach gcumhdaítear le cineálacha gnáthóige a thagann faoi raon feidhme Threoir 92/43/CEE. In éagmais modh coiteann chun measúnú a dhéanamh ar an mbail atá ar éiceachórais foraoise lena bhféadfaí spriocanna sonracha athchóirithe a leagan síos d'éiceachórais foraoise, is iomchuí oibleagáid ghinearálta a leagan síos chun feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht in éiceachórais foraoise agus comhlíonadh na hoibleagáide sin a thomhas ar bhonn na dtáscairí atá ann faoi láthair, amhail an t-adhmad atá ina seasamh agus an t-adhmad marbh atá ina luí, sciar na bhforaoisí ina bhfuil struchtúr éagothrom maidir le haois, nascacht foraoise, innéacs coiteann éan foraoise[82], agus stoc de charbón orgánach.

(59) Maidir le spriocanna athchóirithe agus oibleagáidí maidir le gnáthóga agus speicis a chosnaítear faoi Threoracha 92/43/CEE agus 2009/147/CE, maidir le pailneoirí agus éiceachórais fionnuisce, uirbeacha, talmhaíochta agus foraoise, ba cheart na spriocanna sin a bheith comhlántach agus ba cheart dóibh oibriú i sineirgíocht, d'fhonn an cuspóir uileghabhálach a bhaint amach maidir le héiceachórais a athchóiriú ar fud limistéir talún agus mhara an Aontais. Cuideoidh na bearta athchóirithe is gá chun sprioc shonrach amháin a bhaint amach, in a lán cásanna, le spriocanna nó oibleagáidí eile a bhaint amach. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, bearta athchóirithe a phleanáil go straitéiseach d'fhonn a n-éifeachtacht a uasmhéadú i dtaca le cur le téarnamh an dúlra ar fud an Aontais. Ba cheart bearta athchóirithe a phleanáil freisin ar bhealach a thabharfaidh aghaidh ar mhaolú an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide agus ar chosc agus ar rialú tionchair tubaistí nádúrtha. Ba cheart é a bheith d'aidhm acu feidhmeanna éiceolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta na n-éiceachóras a bharrfheabhsú, lena n-áirítear a gcumas táirgiúlachta, agus an méid a chuireann siad le forbairt inbhuanaithe na réigiún agus na bpobal ábhartha á chur san áireamh. Tá sé tábhachtach go n-ullmhódh na Ballstáit pleananna náisiúnta mionsonraithe um athchóiriú de réir na fianaise eolaíche is fearr atá ar fáil, agus go dtabharfaí deiseanna luatha éifeachtacha don phobal páirt a ghlacadh in ullmhú na bpleananna. Ba cheart do na Ballstáit na dálaí agus na riachtanais shonracha ina gcríoch féin a chur san áireamh chun go mbeifear in ann leis na pleananna freagairt do bhrúnna, bagairtí agus cúiseanna ábhartha maidir le cailliúint na bithéagsúlachta, agus ba cheart dóibh dul i gcomhar le chéile chun athbhunú agus nascacht a áirithiú thar theorainneacha.

(60) Chun sineirgí a áirithiú idir na bearta éagsúla a cuireadh i bhfeidhm agus na bearta atá le cur i bhfeidhm chun an dúlra a chosaint, a chaomhnú agus a athbhunú san Aontas, ba cheart do na Ballstáit na nithe seo a leanas a chur san áireamh agus a bpleananna náisiúnta um athchóiriú á n-ullmhú acu: na bearta caomhnaithe arna mbunú le haghaidh láithreáin Natura 2000 agus na creataí gníomhaíochta tosaíochta arna n-ullmhú i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE agus le Treoir 2009/147/CE; bearta chun dea-stádas éiceolaíoch agus ceimiceach a bhaint amach i ndobharlaigh a áirítear i

82 Innéacs na n-éan coiteann (Comhiomlán AE) - Tacar Sonraí Táirgí - Eurostat (europa.eu).

bpleananna bainistíochta abhantraí a ullmhaítear i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE; straitéisí muirí chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach do réigiúin mhuirí uile an Aontais a ullmhaítear i gcomhréir le Treoir 2008/56/CE; cláir náisiúnta maidir le truailliú aeir a rialú a ullmhaítear faoi Threoir (AE) 2016/2284; straitéisí náisiúnta agus pleananna gníomhaíochta a forbraíodh i gcomhréir le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, chomh maith le bearta caomhnaithe arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán 1380/2013 agus bearta teicniúla arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[83].

(61) Chun comhleanúnachas a áirithiú idir cuspóirí an Rialacháin seo agus cuspóirí Threoir (AE) 2018/2001[84], Rialachán (AE) 2018/1999[85] agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn[86], go háirithe, le linn pleananna náisiúnta um athchóiriú a ullmhú, ba cheart do na Ballstáit aird a thabhairt ar an acmhainneacht atá ag tionscadail fuinnimh in-athnuaite rannchuidiú le cuspóirí athchóirithe dúlra a bhaint amach.

(62) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt go comhsheasmhach ar na dúshláin a bhaineann le cailliúint na bithéagsúlachta agus leis an athrú aeráide, ba cheart úsáid an fhuinnimh in-athnuaite a chur san áireamh agus an bhithéagsúlacht á hathchóiriú agus *vice versa*. An teachtaireacht maidir le REPowerEU: Luaitear sa teachtaireacht dar teideal 'Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach le haghaidh fuinneamh atá níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe'[87] gur cheart do na Ballstáit limistéir oiriúnacha talún agus farraige a mhapáil agus a mheasúnú go tapa agus a áirithiú go bhfuil siad ar fáil le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite, ar limistéir iad atá i gcomhréir lena bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, leis na rannchuidithe leis an sprioc athbhreithnithe 2030 maidir le fuinneamh in-athnuaite

---

83 Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascach a chaomhnú agus le héiceachórais mhara a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

84 Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

85 Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

86 Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 1998 maidir le cáilíocht breoslaí peitril agus díosail agus lena leasaítear Treoir 93/12/CEE ón gComhairle (IO L 350, 28.12.1998, lch. 58).

87 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal REPowerEU: Comhghníomhaíocht Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláinte agus níos inbhuanaithe (COM/2022/108 final).

agus le gnéithe eile amhail infhaighteacht acmhainní, bonneagar eangaí agus spriocanna Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais. Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus Treoir 2021/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh[88], an moladh ón gCoimisiún maidir le dlús a chur le deonú tionscadal fuinnimh in-athnuaite agus maidir le Comhaontuithe Ceannaigh Cumhachta a éascú[89], togra agus moladh araon a glacadh an 18 Bealtaine 2022 agus lena ndéantar foráil freisin maidir le sprioclimistéir fuinnimh in-athnuaite. Is suíomhanna sonracha iad sin, cibé acu ar talamh nó ar muir iad, atá oiriúnach go háirithe do shuiteáil gléasraí chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgeadh, seachas gléasraí dócháin bithmhaise, i gcás nach meastar go mbeidh tionchar suntasach ar an gcomhshaol ag úsáid cineáil shonraigh fuinnimh in-athnuaite, i bhfianaise shaintréithe na críche roghnaithe. Ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do dhromchlaí saorga agus tógtha, amhail díonta, limistéir bonneagair iompair, limistéir pháirceála, láithreáin dramhaíola, láithreáin tionscail, mianaigh, dobharlaigh shaorga intíre, lochanna nó taiscumair, agus, i gcás inarb iomchuí, láithreáin cóireála fuíolluisce uirbigh, mar aon le talamh díghrádaithe nach bhfuil inúsáidte don talmhaíocht. Agus na sprioclimistéir fuinneamh in-athnuaite á n-ainmniú, ba cheart do na Ballstáit limistéir faoi chosaint a sheachaint agus ba cheart dóibh a bpleananna athchóirithe dúlra a mheas. Ba cheart do na Ballstáit forbairt pleananna náisiúnta um athchóiriú a comhordú le hainmniú sprioclimistéar fuinnimh in-athnuaite. Agus na pleananna athchóirithe dúlra á n-ullmhú, ba cheart do na Ballstáit sineirgí a áirithiú leis na sprioclimistéir fuinnimh in-athnuaite atá ainmnithe cheana agus ba cheart dóibh a áirithiú go leanfar gan athrú d’fheidhmiú na sprioclimistéar fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear na nósanna imeachta ceada is infheidhme maidir le sprioclimistéir fuinnimh in-athnuaite dá bhforáiltear le Treoir (AE) 2018/2001.

(63) D’fhonn a áirithiú go mbeidh sineirgí ann leis na bearta athchóirithe atá beartaithe nó curtha ar bun cheana sna Ballstáit, ba cheart a aithint sna pleananna náisiúnta um athchóiriú na bearta athchóirithe sin agus iad a chur san áireamh. I bhfianaise na práinne a léiríodh i dtuarascáil IPCC 2022 maidir le gníomhaíochtaí a dhéanamh ar athchóiriú éiceachóras díghrádaithe, ba cheart do na Ballstáit na bearta sin a chur chun feidhme i gcomhthráth le hullmhú na bpleananna athchóirithe.

(64) Ba cheart a chur san áireamh sna pleananna náisiúnta um athchóiriú torthaí na dtionscadal taighde is ábhartha chun bail na n-éiceachóras a mheasúnú, bearta athchóirithe a shainaithint agus a chur i bhfeidhm, agus críocha faireacháin.

(65) Is iomchuí cás sonrach na réigiún is forimeallaí san Aontas a chur san áireamh, mar a liostaítear in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ina ndéantar foráil maidir le bearta sonracha chun tacú leis na réigiúin sin. Mar a beartaíodh i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030, ba cheart díriú go

[88] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus Treoir 2021/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, COM/2022/222 final.

[89] Moladh ón gCoimisiún maidir le dlús a chur le nósanna imeachta deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus le Comhaontuithe Ceannaigh Cumhachta a éascú, C(2022) 3219 final.

háirithe ar éiceachórais na réigiún is forimeallaí a chosaint agus a athchóiriú, i bhfianaise ardluach bithéagsúlachta na réigiún is forimeallaí.

(66) Ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil ('EEA') tacú leis na Ballstáit agus chun na pleananna náisiúnta um athchóiriú a ullmhú, agus ba cheart di faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo chomhlíonadh na spriocanna agus na n-oibleagáidí athchóirithe. Ba cheart don Choimisiún a mheas an bhfuil na pleananna náisiúnta um athchóiriú leormhaith chun na spriocanna agus na hoibleagáidí sin a bhaint amach.

(67) Léiríodh sa Tuarascáil ón gCoimisiún ar Staid an Dúlra in 2020 go dtagann sciar suntasach den fhaisnéis arna tuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle[90] agus le hAirteagal 12 de Threoir 2009/147/CE, go háirithe maidir le stádas caomhnaithe agus treochtaí na ngnáthóg agus na speiceas a dtugann siad cosaint dóibh, ó shuirbhéanna páirteacha nó go bhfuil sé bunaithe ar bhreithiúnas saineolaithe amháin. Léiríodh sa Tuarascáil sin freisin nach fios fós stádas roinnt cineálacha gnáthóige agus speiceas atá faoi chosaint faoi Threoir 92/43/CEE. Is gá na bearnaí eolais sin a líonadh agus infheistiú san fhaireachán agus san fhaireachas chun taca a chur faoi phleananna náisiúnta láidre um athchóiriú atá bunaithe ar an eolaíocht. D'fhonn tráthúlacht, éifeachtacht agus comhleanúnachas modhanna éagsúla faireacháin a mhéadú, ba cheart don fhaireachán agus don fhaireachas an úsáid is fearr is féidir a bhaint as torthaí na dtionscadal taighde agus nuálaíochta atá cistithe ag an Aontas, teicneolaíochtaí nua, amhail faireachán in situ agus cianbhraiteacht ina n-úsáidtear sonraí agus seirbhísí spáis a sholáthraítear faoi chlár spáis an Aontais (EGNOS/Galileo agus Copernicus). Tacóidh misin an Aontais 'Ár n-aigéan agus ár n-uiscí a athbhunú', 'Oiriúnú don Athrú Aeráide', agus 'Comhaontú um Ithir don Eoraip' le cur chun feidhme na spriocanna athchóirithe[91].

(68) Chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na bpleananna náisiúnta um athchóiriú, ar na bearta athchóirithe a cuireadh ar bun, ar na limistéar atá faoi réir na mbeart athchóirithe, agus na sonraí ar an bhfardal bacainní ar leanúnachas abhann, ba cheart córas a thabhairt isteach lena gceanglófaí ar na Ballstáit sonraí ábhartha maidir le torthaí an fhaireacháin sin a chur ar bun, a choinneáil cothrom le dáta agus a chur ar fáil. Ba cheart úsáid a bhaint as córas Reportnet EEA le haghaidh tuairisciú leictreonach sonraí chuig an gCoimisiún agus ba cheart é a bheith d'aidhm aige an t-ualach riaracháin ar gach eintiteas a choimeád chomh héadrom agus is féidir. Chun bonneagar iomchuí a áirithiú le haghaidh rochtain phoiblí, tuairisciú agus comhroinnt sonraí idir údaráis phoiblí, ba cheart do na Ballstáit, i gcás inarb ábhartha, na sonraíochtaí sonraí a bhunú orthu siúd dá dtagraítear i dTreoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[92], i dTreoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na

[90] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

[91] Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Misin Eorpacha COM(2021) 609 final).

[92] Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

hEorpa agus ón gComhairle[93] agus i dTreoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[94].

(69) Chun cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart don Choimisiún tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit arna iarraidh sin dóibh tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil[95] lena soláthraítear tacaíocht theicniúil shaincheaptha chun athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme. Baineann an tacaíocht theicniúil le neartú na hacmhainneachta riaracháin, comhchuibhiú na gcreataí reachtacha agus comhroinnt na ndea-chleachtas ábhartha, mar shampla.

(70) Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit i dtreo spriocanna agus oibleagáidí athchóirithe an Rialacháin seo a bhaint amach ar bhonn tuarascálacha uile-Aontais ar dhul chun cinn arna dtarraingt suas ag EEA chomh maith le hanailís agus tuarascálacha eile arna gcur ar fáil ag na Ballstáit i réimsí beartais ábhartha amhail beartais dúlra, mhara agus uisce.

(71) Chun a áirithiú go mbainfear amach na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha leordhóthanacha san athchóiriú, agus ba cheart do na Ballstáit caiteachas le haghaidh cuspóirí bithéagsúlachta, lena n-áirítear maidir le deischostais agus costais aistrithe a eascraíonn as cur chun feidhme na bpleananna náisiúnta um athchóiriú, a chomhtháthú ina mbuiséid náisiúnta agus an úsáid a bhaintear as cistiú ón Aontas a léiriú. Maidir le cistiú ón Aontas, rannchuidítear le spriocanna bithéagsúlachta leis an gcaiteachas faoi bhuiséad an Aontais agus faoi chláir mhaoiniúcháin ón Aontas amhail an Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)[96] an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF)[97], an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)[98], an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), an Ciste Comhtháthaithe[99], an Ciste um Aistriú Cóir[100] mar aon leis an gClár Réime de chuid an Aontais um thaighde agus um

---

93 Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

94 Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

95 Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

96 Rialachán (AE) 2021/783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 (IO L 172, 17.5.2021, lch. 53).

97 Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 (IO L 247, 13.7.2021, lch. 1).

98 Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíochta den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022 (IO L 437, 28.12.2020, lch. 1).

99 Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231, 30.6.2021, lch. 60).

100 Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1).

nuálaíocht, Fís Eorpach[101], agus is é an aidhm dó 7.5 % den chaiteachas in 2024, 10 % de in 2026 agus 2027, faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027[102] a dhíriú ar chuspóirí bithéagsúlachta. Foinse bhreise chistithe is ea an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)[103] chun an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú. Maidir le Clár LIFE, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar úsáid iomchuí na dTionscadal Dúlra Straitéiseach (TDSanna) mar uirlis shonrach a d'fhéadfadh tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo, trí na hacmhainní airgeadais atá ar fáil a phríomhshruthú ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

(72) Tá raon tionscnamh de chuid an Aontais, de thionscnaimh náisiúnta agus de thionscnaimh phríobháideacha ar fáil chun maoiniú príobháideach a spreagadh, amhail Clár InvestEU[104], a chuireann deiseanna ar fáil maoiniú poiblí agus príobháideach a shlógadh chun tacú, inter alia, le feabhas a chur ar an dúlra agus ar an mbithéagsúlacht trí bhíthin tionscadail bhonneagair ghlais agus ghorm, agus an fheirmeoireacht charbóin mar shamhail ghlas ghnó[105].

(73) Ba cheart do na Ballstáit cur chuige cothrom agus tras-shochaí a chur chun cinn agus a bpleananna náisiúnta um athchóiriú á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme acu, trí nósanna imeachta um rannpháirtíocht an phobail a áireamh agus trí riachtanais na bpobal áitiúil agus na bpáirtithe leasmhara a chur san áireamh.

(74) De bhun Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[106] ceaptar pleananna straitéiseacha CBT chun rannchuidiú le gnóthú spriocanna náisiúnta fadtéarmacha a leagtar amach sna gníomhartha reachtacha, nó ag eascairt astu, a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán sin, agus tá siad ceaptha chun bheith comhsheasmhach leis na spriocanna sin; Ba cheart an Rialachán seo maidir le hathchóiriú dúlra a chur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 159 de Rialachán (AE) 2021/2115, nuair a dhéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú, faoin 31 Nollaig 2025, ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(75) I gcomhréir leis an ngealltanas san 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol go dtí 2030[107], ba cheart do na Ballstáit deireadh a chur de réir a chéile leis na fóirdheontais lena ndéantar dochar don chomhshaol ar an leibhéal náisiúnta, agus an úsáid is fearr á

---

101 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013.
(IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

102 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

103 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

104 Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

105 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Timthriallta Inbhuanaithe Carbóin (COM(2021) 800 final).

106 Rialachán (AE) 2021/xxx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an XXX lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013.

107 [Tagairt le cur isteach nuair a fhoilseofar an 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil].

baint as ionstraimí margadh-bhunaithe agus as uirlisí buiséadacha glasa, lena n-áirítear na cinn sin a bhfuil gá leo chun aistriú atá cothrom go sóisialta a áirithiú, agus chun tacú le gnólachtaí agus le páirtithe leasmhara eile cleachtais chaighdeánaithe maidir le cuntasaíocht an chaipitil nádúrtha a fhorbairt.

(76) Chun an t-oiriúnú is gá ar an Rialachán seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le hIarscríbhinní I go VII a leasú chun an grúpa gnáthóg a oiriúnú, an fhaisnéis maidir le hinnéacs coiteann éan talaimh feirme a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith le liosta na dtáscairí bithéagsúlachta d'éiceachórais talmhaíochta, liosta na dtáscairí bithéagsúlachta d'éiceachórais foraoise agus liosta na speiceas muirí a oiriúnú don fhianaise eolaíoch is déanaí agus do na samplaí de bhearta athchóirithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[52]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(77) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an modh a shonrú maidir le faireachán a dhéanamh ar phailneoirí, chun na modhanna a shonrú maidir le faireachán a dhéanamh ar na táscairí le haghaidh éiceachórais talmhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo agus ar na táscairí le haghaidh éiceachórais foraoise a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo, chun creat a fhorbairt le haghaidh socrú leibhéal sásúil pailneoirí, táscairí le haghaidh éiceachórais talmhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo agus táscairí le haghaidh héiceachórais foraoise a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo, chun creat aonfhoirmeach a leagan amach maidir leis na pleananna náisiúnta um athchóiriú, chun an fhormaid, struchtúr agus socruithe mionsonraithe a leagan amach maidir le sonraí agus faisnéis a thuairisciú go leictreonach don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[108].

(78) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo. De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar na critéir maidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE agus ba cheart í a bheith mar bhonn le measúnuithe tionchair ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le spriocanna breise athchóirithe a leagan síos, de réir modhanna coiteanna chun measúnú a dhéanamh ar bhail na n-éiceachóras nach gcumhdaítear le hAirteagail 4 agus 5, agus an fhianaise eolaíoch is déanaí á cur san áireamh.

108 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(79) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I

# FORALACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*
**Ábhar**

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos na rialacha a chuireann leis na nithe seo a leanas:

    (a) téarnamh leanúnach, fadtéarmach agus inbhuanaithe an dúlra bhithéagsúil bhuanseasmhaigh ar fud limistéir talún agus mhara an Aontais trí na héiceachórais a athchóiriú;

    (b) cuspóirí uileghabhálacha an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide a bhaint amach;

    (c) gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a chomhlíonadh.

2. Leis an Rialachán seo, bunaítear creat faoina gcuirfidh na Ballstáit bearta éifeachtacha agus limistéarbhunaithe athchóirithe i bhfeidhm, gan mhoill, lena gcumhdófar, faoi 2030, 20 % ar a laghad de limistéir talún agus mhara an Aontais agus, faoi 2050, gach éiceachóras a bhfuil athchóiriú de dhíth orthu.

*Airteagal 2*
**Raon feidhme geografach**

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na héiceachórais dá dtagraítear in Airteagail 4 go 10:

(a) i gcríoch na mBallstát;

(b) in uiscí, grinneall na farraige agus an fho-ithir ar thaobh na farraige den bhonnlíne óna ndéantar fairsinge na n-uiscí teorann a thomhas ag síneadh go dtí an pointe is faide amach den limistéar ina bhfeidhmíonn Ballstát cearta ceannasacha, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige 1982.

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘éiceachóras’ coimpléasc dinimiciúil de phobail plandaí, ainmhithe agus miocrorgánach agus a dtimpeallacht neamhbheo, agus iad ag idirghníomhú mar aonad feidhmiúil, agus áirítear leis cineálacha gnáthóige, gnáthóga speiceas agus pobail speiceas;

(2) ciallaíonn ‘gnáthóg speicis’ timpeallacht a shainítear de réir fachtóirí sonracha aibitheacha agus bitheacha ina maireann an speiceas ag aon chéim dá thimthriall bitheolaíoch;

(3) ciallaíonn ‘athchóiriú’ an próiseas a bhaineann le cúnamh gníomhach nó éighníomhach a thabhairt chun éiceachóras a athshlánú i dtreo na dea-bhaile, cineál gnáthóige a athshlánú chun an leibhéal is airde baile is féidir a bhaint amach agus a limistéar tagartha fabhrach a bhaint amach, gnáthóg speicis a athshlánú chun cáilíocht agus cainníocht leordhóthanach a bhaint amach, nó pobail speiceas a athshlánú chun leibhéil shásúla a bhaint amach, mar bhealach chun an bhithéagsúlacht agus athléimneacht éiceachórais a chaomhnú nó a fheabhsú;

(4) ciallaíonn ‘dea-bhail’ staid ina léiríonn príomh-shaintréithe éiceachórais, eadhon a staid fhisiceach, cheimiceach, chomhdhéanaimh, struchtúrach agus fheidhmiúil, agus a shaintréithe tírdhreacha agus muirdhreacha, an leibhéal ard sláine éiceolaíochta, cobhsaíochta agus athléimneachta is gá chun a chothabháil fhadtéarmach a áirithiú;

(5) ciallaíonn ‘limistéar tagartha fabhrach’ an limistéar iomlán de chineál gnáthóige i réigiún bithgheografach ar leith nó i réigiún muirí ar an leibhéal náisiúnta a meastar gurb é an t-íosmhéid is gá chun inmharthanacht fhadtéarmach an chineáil ghnáthóige agus a speiceas a áirithiú, agus na héagsúlachtaí suntasacha éiceolaíocha ar fad ina raon nádúrtha, agus atá comhdhéanta de limistéar an chineál ghnáthóige agus, mura leor an limistéar sin, an limistéar is gá chun an cineál gnáthóige a athbhunú;

(6) ciallaíonn ‘cáilíocht leordhóthanach ghnáthóige’ cáilíocht ghnáthóige speicis lena gceadaítear freastal ar riachtanais éiceolaíocha speicis ag céim ar bith dá thimthriall bitheolaíoch ionas go mbeidh sé á chothabháil féin ar bhonn fadtéarmach mar chomhpháirt inmharthana dá ghnáthóg ina raon nádúrtha;

(7) ciallaíonn ‘cainníocht leordhóthanach ghnáthóige’ cainníocht ghnáthóige speicis lena gceadaítear freastal ar riachtanais éiceolaíocha speicis ag céim ar bith dá thimthriall bitheolaíoch ionas go mbeidh sé á chothabháil féin ar bhonn fadtéarmach mar chomhpháirt inmharthana dá ghnáthóg ina raon nádúrtha;

(8) ciallaíonn ‘pailneoir’ ainmhí fiáin a iompraíonn pailin ó antar planda go dtí stiogma planda, rud a chumasaíonn leasú agus táirgeadh síolta;

(9) ciallaíonn ‘meath phobail na bpailneoirí’ laghdú ar fhlúirse nó ar éagsúlacht pailneoirí, nó ar an dá rud;

(10) ciallaíonn ‘aonad riaracháin áitiúil’ nó ‘LAU’ rannán riaracháin íseal-leibhéil i mBallstát faoi bhun rannán de chuid cúige, réigiúin nó stáit, arna bhunú i gcomhréir

le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[109];

(11) ciallaíonn ‘cathracha’ LAUnna ina gcónaíonn 50 % ar a laghad den daonra i lárionaid uirbeach amháin nó níos mó, rud a thomhaistear leis an leibhéal uirbithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 4b.3, pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003;

(12) ciallaíonn ‘bailte agus bruachbhailte’ LAUnna ina gcónaíonn níos lú ná 50 % den daonra i lárionad uirbeach, ach ina gcónaíonn 50 % ar a laghad den daonra i gcnuasach uirbeach, rud a thomhaistear leis an leibhéal uirbithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 4b.3, pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003;

(13) ciallaíonn ‘spás glas uirbeach’ gach limistéar uirbeach glas; foraoisí leathanduilleacha; foraoisí buaircíneacha; foraoisí measctha; féarthailte nádúrtha; móinteáin agus fraochmhá; tor–choillearnaí idirchreasa agus limistéir fásra scáinte - a fhaightear sna cathracha nó sna bailte agus sna bruachbhailte a ríomhtar ar bhonn na sonraí a sholáthraíonn Seirbhís Faireacháin Copernicus ar Thalamh arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[110];

(14) ciallaíonn ‘ceannbhrat uirbeach na gcrann’ limistéar iomlán chumhdach na gcrann sna cathracha agus sna bailte agus sna bruachbhailte, a ríomhtar ar bhonn shonraí dhlús cumhdaigh na gcrann a sholáthraíonn Seirbhís Faireacháin Copernicus ar Thalamh arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(15) ciallaíonn ‘sprioclimistéir fuinnimh in-athnuaite’ sprioclimistéar fuinnimh in-athnuaite mar a shainmhínítear é i bpointe 9(a) d’Airteagal 2 de Threoir 2018/2001/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[111].

# CAIBIDIL II

# SPRIOCANNA AGUS OIBLEAGÁIDÍ ATHCHÓIRITHE

*Airteagal 4*

**Éiceachórais talún, chósta agus fionnuisce a athchóiriú**

1. Cuirfidh na Ballstáit na bearta athchóirithe is gá i bhfeidhm chun feabhas a chur ar bhail limistéir na gcineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I a bhfuil

[109] Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann d’aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

[110] Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

[111] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite, Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, COM(2022)222 final.

drochbhail orthu. Beidh bearta den sórt sin i bhfeidhm ar 30 % ar a laghad den limistéar i ngach grúpa de chineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I a bhfuil drochbhail orthu, mar atá cainníochtaithe sa phlean náisiúnta um athchóiriú dá dtagraítear in Airteagal 12, faoi 2030, ar 60 % ar a laghad den limistéar faoi 2040, agus ar 90 % ar a laghad den limistéar faoi 2050.

2. Cuirfidh na Ballstáit na bearta athchóirithe is gá i bhfeidhm chun na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I a athbhunú i limistéir nach gcumhdaítear leis na cineálacha gnáthóige sin. Beidh bearta den sórt sin i bhfeidhm ar limistéir arb ionann iad agus 30 % ar a laghad den dromchla foriomlán breise is gá chun an limistéar tagartha fabhrach de gach grúpa de chineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I a bhaint amach, mar atá cainníochtaithe sa phlean náisiúnta um athchóiriú dá dtagraítear in Airteagal 12, faoi 2030, 60 % den dromchla sin ar a laghad faoi 2040, agus 100 % den dromchla sin faoi 2050.

3. Cuirfidh na Ballstáit na bearta athchóirithe i bhfeidhm maidir le gnáthóga talún, cósta agus fionnuisce na speiceas a liostaítear in Iarscríbhinní II, IV agus V a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus maidir le gnáthóga talún, cósta agus fionnuisce na n-éan fiáin a chumhdaítear le Treoir 2009/147/CE atá riachtanach chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chainníocht na ngnáthóg sin, lena n-áirítear trína n-athbhunú, agus chun nascacht a fheabhsú, go dtí go mbainfear cáilíocht agus cainníocht leordhóthanach na ngnáthóg sin amach.

4. Beidh cinneadh na limistéar is oiriúnaí do bhearta athchóirithe i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo bunaithe ar an eolas is fearr atá ar fáil agus ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí maidir le bail na gcineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I, a thomhaistear de réir an struchtúir agus na bhfeidhmeanna is gá dá gcothabháil fhadtéarmach lena n-áirítear a ngnáthspeicis, dá dtagraítear in Airteagal 1(e) de Threoir 92/43/CEE, agus maidir le cáilíocht agus cainníocht ghnáthóga na speiceas dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo. I gcás nach fios an bhail atá ar na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I, measfar go bhfuil drochbhail orthu.

5. Leis na bearta athchóirithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, measfar an gá atá le nascacht fheabhsaithe idir na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I agus cuirfear san áireamh riachtanais éiceolaíocha na speiceas dá dtagraítear i mír 3 atá sna cineálacha gnáthóige sin.

6. Maidir leis na limistéir atá faoi réir bearta athchóirithe i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3, áiritheoidh na Ballstáit go bhfeicfear feabhas leanúnach ar bhail na gcineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I go dtí go mbainfear dea-bhail amach, agus go bhfeicfear feabhas leanúnach ar cháilíocht ghnáthóga na speiceas dá dtagraítear i mír 3, go dtí go mbainfear cáilíocht leordhóthanach na ngnáthóg sin amach. Áiritheoidh na Ballstáit nach dtiocfaidh meath ar limistéir inar baineadh dea-bhail amach, agus inar baineadh cáilíocht leordhóthanach ghnáthóga na speiceas amach.

7. Áiritheoidh na Ballstáit nach dtiocfaidh meath ar limistéir ina bhfuil na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I.

8. Lasmuigh de láithreáin Natura 2000, tá údar cuí le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach i míreanna 6 agus 7 más é is cúis leis:

(a) force majeure;

(b) athruithe dosheachanta ar an ngnáthóg arb é an t-athrú aeráide is cúis go díreach leo; nó

(c) tionscadal leasa phoiblí sháraithigh nach bhfuil réitigh mhalartacha nach bhfuil chomh díobhálach céanna ar fáil ina leith, a chinnfear ar bhonn cás ar chás.

9. Maidir le láithreáin Natura 2000, tá údar cuí le neamhchomhlíonadh na hoibleagáide a leagtar amach i míreanna 6 agus 7, más é is cúis leis:

(a) force majeure;

(b) athruithe dosheachanta ar an ngnáthóg arb é an t-athrú aeráide is cúis go díreach leo: nó

(c) plean nó tionscadal arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Threoir 92/43/CEE.

10. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh:

(a) méadú ar an limistéar gnáthóige a bhfuil dea-bhail air le haghaidh cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I go dtí go mbeidh dea-bhail ar 90 % díobh ar a laghad agus go dtí go mbainfear amach an limistéar tagartha fabhrach do gach cineál gnáthóige i ngach réigiún bithgheografach ina gcríoch;

(b) treocht mhéadaitheach i dtreo cháilíocht agus chainníocht leordhóthanach ghnáthóga talún, cósta agus fionnuisce na speiceas dá dtagraítear in Iarscríbhinní II, IV agus V a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus na speiceas a chumhdaítear le Treoir 2009/147/CE.

*Airteagal 5*

**Éiceachórais mhuirí a athchóiriú**

1. Cuirfidh na Ballstáit na bearta athchóirithe is gá i bhfeidhm chun feabhas a chur ar limistéir na gcineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II a bhfuil drochbhail orthu. Beidh bearta den sórt sin i bhfeidhm ar 30 % ar a laghad de na limistéir i ngach grúpa de chineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II a bhfuil drochbhail orthu, mar atá cainníochtaithe sa phlean náisiúnta um athchóiriú dá dtagraítear in Airteagal 12, faoi 2030, ar 60 % ar a laghad faoi 2040, agus ar 90 % ar a laghad faoi 2050.

2. Cuirfidh na Ballstáit na bearta athchóirithe is gá i bhfeidhm chun na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II a athbhunú i limistéir nach gcumhdaítear leis na cineálacha gnáthóige sin. Beidh bearta den sórt sin i bhfeidhm ar limistéir arb ionann iad agus 30 % ar a laghad den dromchla foriomlán breise is gá chun an limistéar tagartha fabhrach de gach grúpa de chineálacha gnáthóige, mar atá cainníochtaithe sa phlean náisiúnta um athchóiriú dá dtagraítear in Airteagal 12, faoi 2030, 60 % den dromchla sin ar a laghad faoi 2040, agus 100 % den dromchla sin faoi 2050.

3. Cuirfidh na Ballstáit na bearta athchóirithe i bhfeidhm maidir le gnáthóga talún, cósta agus fionnuisce na speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn III agus in Iarscríbhinní II, IV agus V a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus maidir le gnáthóga talún, cósta agus fionnuisce na n-éan fiáin a chumhdaítear faoi Threoir 2009/147/CE atá riachtanach chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chainníocht na ngnáthóg sin, lena n-áirítear trína n-athbhunú, agus chun nascacht a fheabhsú, go dtí go mbainfear cáilíocht agus cainníocht leordhóthanach na ngnáthóg sin amach.

4. Beidh cinneadh na limistéar is oiriúnaí do bhearta athchóirithe i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3 bunaithe ar an eolas is fearr atá ar fáil agus ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí maidir le bail na gcineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II, a thomhaistear de réir an struchtúir agus na bhfeidhmeanna atá riachtanach dá gcothabháil fhadtéarmach, lena n-áirítear a ngnáthspeicis, dá dtagraítear in Airteagal 1(e) de Threoir 92/43/CEE, agus maidir le cáilíocht agus cainníocht ghnáthóga na speiceas dá dtagraítear i mír 3. I gcás nach fios an bhail atá ar na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II, measfar go bhfuil drochbhail orthu.

5. Leis na bearta athchóirithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, measfar an gá atá le nascacht fheabhsaithe idir na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II agus cuirfear san áireamh riachtanais éiceolaíocha na speiceas dá dtagraítear i mír 3 atá sna cineálacha gnáthóige sin.

6. Maidir leis na limistéir atá faoi réir bearta athchóirithe de réir míreanna 1, 2 agus 3, áiritheoidh na Ballstáit go bhfeicfear feabhas leanúnach ar bhail na gcineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II go dtí go mbainfear dea-bhail amach, agus go bhfeicfear feabhas leanúnach ar cháilíocht ghnáthóga na speiceas dá dtagraítear i mír 3, go dtí go mbainfear cáilíocht leordhóthanach na ngnáthóg sin amach. Áiritheoidh na Ballstáit nach dtiocfaidh meath ar limistéir inar baineadh dea-bhail amach, agus inar baineadh cáilíocht leordhóthanach ghnáthóga na speiceas amach.

7. Áiritheoidh na Ballstáit nach dtiocfaidh meath ar limistéir ina bhfuil na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II.

8. Lasmuigh de láithreáin Natura 2000, tá údar cuí le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach i míreanna 6 agus 7 más é is cúis leis:

   (a) force majeure;

   (b) athruithe dosheachanta ar an ngnáthóg arb é an t-athrú aeráide is cúis go díreach leo; nó

   (c) tionscadal leasa phoiblí sháraithigh nach bhfuil réitigh mhalartacha nach bhfuil chomh díobhálach céanna ar fáil ina leith, a chinnfear ar bhonn cás ar chás.

9. Lasmuigh de láithreáin Natura 2000, tá údar cuí le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach i míreanna 6 agus 7 más é is cúis leis:

   (a) force majeure;

   (b) athruithe dosheachanta ar an ngnáthóg arb é an t-athrú aeráide is cúis go díreach leo: nó

   (c) plean nó tionscadal arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Threoir 92/43/CEE.

10. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh:

   (a) méadú ar an limistéar gnáthóige a bhfuil dea-bhail air le haghaidh cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II go dtí go mbeidh dea-bhail ar 90 % díobh ar a laghad agus go dtí go mbainfear amach an limistéar tagartha fabhrach do gach cineál gnáthóige i ngach réigiún bithgheografach ina gcríoch;

   (b) treocht dhearfach i dtreo cháilíocht agus chainníocht leordhóthanach ghnáthóga muirí na speiceas dá dtagraítear in Iarscríbhinn III agus in Iarscríbhinní II, IV agus V a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus na speiceas a chumhdaítear le Treoir 2009/147/CE.

*Airteagal 6*

**Éiceachórais uirbeacha a athchóiriú**

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh aon ghlanchaillteanas ann ó thaobh an spáis ghlais uirbigh de, agus ó thaobh cheannbhrat uirbeach na gcrann de faoi 2030, i gcomparáid le 2021, i ngach cathair agus i mbailte agus i mbruachbhailte.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go dtiocfaidh méadú ar limistéar iomlán náisiúnta an spáis ghlais uirbigh i gcathracha agus i mbailte agus i mbruachbhailte, méadú 3 % ar a laghad ar limistéar iomlán na gcathracha agus na mbailte agus na mbruachbhailte in 2021, faoi 2040, agus méadú 5 % ar a laghad faoi 2050. Ina theannta sin, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

   (a) ceannbhrat uirbeach na gcrann de 10 % ar a laghad i ngach cathair agus i mbailte agus i mbruachbhailte faoi 2050; agus

   (b) gnóthachan glan an spáis ghlais uirbigh atá comhtháite i bhfoirgnimh agus i bhforbairtí bonneagair atá ann cheana agus i bhfoirgnimh agus i bhforbairtí bonneagair nua, lena n-áirítear trí athchóirithe agus athnuachan, i ngach cathair agus i mbailte agus bruachbhailte.

*Airteagal 7*

**Nascacht nádúrtha aibhneacha agus feidhmeanna nádúrtha na dtuilemhánna gaolmhara a athchóiriú**

1. Déanfaidh na Ballstáit fardal de na bacainní ar nascacht chomhréireach agus chliathánach na n-uiscí dromchla agus sainaithneoidh siad na bacainní nach mór a bhaint chun rannchuidiú leis na spriocanna athchóirithe a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán seo a bhaint amach, chomh maith le sprioc an Aontais a bhaint amach maidir le 25 000 km ar a laghad d'aibhneacha an Aontais a chur ag sreabhadh go saor arís faoi 2030, gan dochar do Threoir 2000/60/CE, go háirithe Airteagail 4(3), 4(5) agus 4(7) de, agus Rialachán 1315/2013, go háirithe Airteagal 15 de.

2. Bainfidh na Ballstáit na bacainní ar nascacht chomhréireach agus chliathánach na n-uiscí dromchla a shainaithnítear faoi mhír 1 den Airteagal seo, i gcomhréir leis an bplean chun iad a bhaint dá dtagraítear in Airteagal 12(2), pointe (f). Agus bacainní á mbaint ag na Ballstáit, tabharfaidh siad aghaidh go príomha ar bhacainní atá imithe i léig, bacainní nach bhfuil gá leo a thuilleadh do ghiniúint an fhuinnimh in-athnuaite, loingseoireacht intíre, soláthar uisce nó úsáidí eile.

3. Comhlánóidh na Ballstáit baint na mbacainní dá dtagraítear i mír 2 leis na bearta is gá chun feabhas a chur ar fheidhmeanna nádúrtha na dtuilemhánna gaolmhara.

*Airteagal 8*

**Pobail na bpailneoirí a athchóiriú**

1. Cuirfidh na Ballstáit meath phobail na bpailneoirí ina cheart faoi 2030 agus bainfidh siad amach ina dhiaidh sin treocht mhéadaitheach maidir le pobail na bpailneoirí, a thomhaisfear gach 3 bliana tar éis 2030, go dtí go mbainfear leibhéil shásúla amach, mar a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 11(3).

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun modh a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar phobail na bpailneoirí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2).

3. Leis an modh dá dtagraítear i mír 2, soláthrófar cur chuige caighdeánaithe chun sonraí bliantúla a bhailiú maidir le flúirse agus éagsúlacht speiceas pailneoirí agus chun measúnú a dhéanamh ar threochtaí i bpobail na bpailneoirí.

*Airteagal 9*

**Éiceachórais talmhaíochta a athchóiriú**

1. Cuirfidh na Ballstáit na bearta athchóirithe is gá i bhfeidhm chun an bhithéagsúlacht in éiceachórais talmhaíochta a fheabhsú, chomh maith leis na limistéir atá faoi réir bearta athchóirithe faoi Airteagal 4(1), (2) agus (3).

2. Bainfidh na Ballstáit treocht mhéadaitheach amach ar an leibhéal náisiúnta de gach ceann de na táscairí seo a leanas in éiceachórais talmhaíochta, mar a shonraítear a thuilleadh in Iarscríbhinn IV, a thomhaisfear sa tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí an 31 Nollaig 2030, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, go dtí go mbainfear amach na leibhéil shásúla, a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 11(3):

(a) innéacs an fhéileacáin féarthalún;

(b) stoc an charbóin orgánaigh in ithreacha mianracha faoi thalamh curaíochta;

(c) sciar na talún talmhaíochta ag a bhfuil gnéithe tírdhreacha ard-éagsúlachta.

3. Cuirfidh na Ballstáit bearta athchóirithe i bhfeidhm chun a áirithiú go mbainfidh innéacs na n-éan coiteann talaimh feirme ar an leibhéal náisiúnta atá bunaithe ar na speicis a shonraítear in Iarscríbhinn V, innéacsaithe an ... *[Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí tar éis 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]* = 100, na leibhéil seo a leanas amach:

(a) 110 faoi 2030, 120 faoi 2040 agus 130 faoi 2050, i gcás na mBallstát a liostaítear in Iarscríbhinn V ina bhfuil pobail níos ídithe d'éin talaimh feirme go stairiúil;

(b) 105 faoi 2030, 110 faoi 2040 agus 115 faoi 2050, i gcás na mBallstát a liostaítear in Iarscríbhinn IV nach bhfuil pobail na n-éan talaimh feirme chomh hídithe céanna iontu go stairiúil.

4. Maidir le hithreacha orgánacha in úsáid talmhaíochta a chuimsíonn tailte portaigh silte, cuirfidh na Ballstáit bearta athchóirithe i bhfeidhm. Beidh na bearta sin i bhfeidhm ar an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) 30 % de na limistéir sin faoi 2030, agus déanfar an ceathrú cuid díobh ar a laghad a athfhliuchadh;

(b) 50 % de na limistéir sin faoi 2040, agus déanfar leath díobh ar a laghad a athfhliuchadh;

(c) 70 % de na limistéir sin faoi 2050, agus déanfar leath díobh ar a laghad a athfhliuchadh.

(16) Féadfaidh na Ballstáit bearta athchóirithe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear athfhliuchadh, i limistéir ina mbaintear móin agus na limistéir sin a áireamh mar

limistéir a rannchuidíonn leis na spriocanna faoi seach dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c).

(17) Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit bearta athchóirithe a chur i bhfeidhm chun ithreacha orgánacha a athfhliuchadh arb ionann iad agus tailte portaigh silte faoi úsáidí talún seachas úsáid talmhaíochta agus eastóscadh agus baint móna, agus na limistéir athfhliuchta a áireamh mar limistéir a rannchuidíonn, suas le 20 % ar a mhéad, le baint amach na spriocanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c).

*Airteagal 10*

**Éiceachórais foraoise a athchóiriú**

1. Cuirfidh na Ballstáit na bearta athchóirithe is gá i bhfeidhm chun bithéagsúlacht na n-éiceachóras foraoise a fheabhsú, chomh maith leis na limistéir atá faoi réir bearta athchóirithe de bhun Airteagal 4(1), (2) agus (3).

2. Bainfidh na Ballstáit treocht mhéadaitheach amach ar an leibhéal náisiúnta de gach ceann de na táscairí seo a leanas in éiceachórais foraoise, mar a leagtar amach a thuilleadh in Iarscríbhinn VI, a thomhaisfear sa tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí an 31 Nollaig 2030, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, go dtí go mbainfear amach na leibhéil shásúla a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 11(3):

(a) adhmad marbh ina sheasamh;

(b) adhmad marbh ina luí;

(c) sciar na bhforaoisí ag a bhfuil struchtúr corraoiseach;

(d) nascacht foraoisí;

(e) innéacs na n-éan coiteann foraoise;

(f) stoc an charbóin orgánaigh.

# CAIBIDIL III

# PLEANANNA NÁISIÚNTA UM ATHCHÓIRIÚ

*Airteagal 11*

**Pleananna náisiúnta um athchóiriú a ullmhú**

1. Ullmhóidh na Ballstáit pleananna náisiúnta um athchóiriú agus déanfaidh siad an faireachán agus an taighde ullmhúcháin is gá chun na bearta athchóirithe a shainaithint atá riachtanach chun na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 go 10 a bhaint amach, agus an fhianaise eolaíoch is déanaí á cur san áireamh.

2. Cainníochtóidh na Ballstáit an limistéar nach mór a athchóiriú chun na spriocanna athchóirithe a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 a bhaint amach, agus bail na

gcineálacha gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinní 4(1), 4(2), 5(1) agus 5(2) agus cáilíocht agus cainníocht ghnáthóga na speiceas dá dtagraítear in Airteagail 4(3) agus 5(3) atá ina gcríoch á gcur san áireamh. Bunófar an cainníochtú ar an bhfaisnéis seo a leanas, i measc nithe eile:

(a) maidir le gach cineál gnáthóige:

(i) an limistéar gnáthóige iomlán agus léarscáil de dháileadh an limistéir faoi láthair;

(ii) an limistéar gnáthóige a bhfuil drochbhail air;

(iii) an limistéar tagartha fabhrach agus na caillteanais dhoiciméadaithe le 70 bliana anuas ar a laghad á gcur san áireamh mar aon leis na hathruithe réamh-mheasta ar dhálaí comhshaoil i ngeall ar an athrú aeráide;

(iv) na limistéir is oiriúnaí chun cineálacha gnáthóige a athbhunú i bhfianaise na n-athruithe leanúnacha agus réamh-mheasta ar dhálaí comhshaoil i ngeall ar an athrú aeráide;

(b) cáilíocht agus cainníocht leordhóthanach ghnáthóga na speiceas is gá chun stádas caomhantais fabhrach a bhaint amach, agus na limistéir is oiriúnaí d'athbhunú na ngnáthóg sin á gcur san áireamh, chomh maith leis an nascacht is gá idir gnáthóga chun go mbeidh rath ar phobail na speiceas, agus na hathruithe leanúnacha agus réamh-mheasta ar dhálaí comhshaoil i ngeall ar an athrú aeráide.

3. Socróidh na Ballstáit, faoi 2030 ar a dhéanaí, leibhéil shásúla do gach ceann de na táscairí dá dtagraítear in Airteagail 8(1), 9(2) agus 10(2), trí phróiseas agus measúnú a bheidh oscailte agus éifeachtach, bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí agus ar an gcreat dá dtagraítear in Airteagal 17(9), má tá fáil air.

4. Déanfaidh na Ballstáit na limistéir thalmhaíochta agus foraoise a bhfuil athchóiriú de dhíth orthu a shainaithint agus a mhapáil, go háirithe na limistéir a bhfuil nascacht fheabhsaithe agus éagsúlacht tírdhreacha de dhíth orthu mar gheall ar ghéarú nó tosca bainistíochta eile.

5. Sainaithneoidh na Ballstáit sineirgí le maolú ar an athrú aeráide, le hoiriúnú don athrú aeráide agus le cosc tubaistí, agus cuirfidh siad bearta athbhunaithe in ord tosaíochta dá réir. Cuirfidh na Ballstáit an méid seo a leanas san áireamh freisin:

(a) a bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1999;

(b) a straitéis fhadtéarmach dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2018/1999;

(c) sprioc cheangailteach an Aontais le haghaidh 2030 a leagtar amach in Airteagal 3 de Threoir 2018/2001/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

6. Comhordóidh na Ballstáit forbairt pleananna náisiúnta um athchóiriú le hainmniú na sprioclimistéar fuinnimh in-athnuaite. Agus na pleananna náisiúnta um athchóiriú á n-ullmhú ag na Ballstáit, áiritheoidh siad sineirgí leis na sprioclimistéir fuinnimh in-athnuaite a ainmníodh cheana féin agus áiritheoidh siad nach dtiocfaidh athrú ar fheidhmiú na sprioclimistéar fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear na nósanna imeachta um cheadú is infheidhme sna sprioclimistéir fuinnimh in-athnuaite dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2018/2001.

7. Agus a bpleananna náisiúnta um athchóiriú á n-ullmhú ag na Ballstáit, cuirfidh siad an méid seo a leanas san áireamh:

(a) na bearta athchóirithe a bunaíodh le haghaidh láithreáin Natura 2000 i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE;

(b) creataí gníomhaíochta tosaíochta a ullmhaítear i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE;

(c) bearta chun dea-stádas éiceolaíoch agus ceimiceach a bhaint amach i ndobharlaigh a áirítear i bpleananna bainistíochta abhantraí a ullmhaítear i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE;

(d) straitéisí muirí chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach do réigiúin mhuirí uile an Aontais a ullmhaítear i gcomhréir le Treoir 2008/56/CE;

(e) cláir náisiúnta maidir le truailliú aeir a rialú a ullmhaítear faoi Threoir (AE) 2016/2284;

(f) straitéisí náisiúnta bithéagsúlachta agus pleananna gníomhaíochta a ullmhaítear i gcomhréir le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht;

(g) bearta caomhnaithe a glacadh faoin gcomhbheartas iascaigh.

8. Agus na pleananna náisiúnta um athchóiriú á n-ullmhú ag na Ballstáit, bainfidh siad úsáid as na samplaí éagsúla de na bearta athchóirithe a liostaítear in Iarscríbhinn VII, ag brath ar dhálaí sonracha náisiúnta agus áitiúla, agus ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí.

9. Agus na pleananna náisiúnta um athchóiriú á n-ullmhú ag na Ballstáit, beidh sé d’aidhm acu feidhmeanna éiceolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta na n-éiceachóras a bharrfheabhsú chomh maith lena rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe na réigiún agus na bpobal ábhartha.

10. Déanfaidh na Ballstáit, i gcás inar féidir, sineirgí a chothú leis na pleananna náisiúnta um athchóiriú de chuid na mBallstát eile, go háirithe i gcás éiceachórais thar theorainneacha.

11. Áiritheoidh na Ballstáit go n-ullmhófar an plean athchóirithe ar bhealach oscailte, cuimsitheach agus éifeachtach agus go dtabharfar deiseanna luatha éifeachtacha don phobal páirt a ghlacadh i bhforbairt an phlean. Comhlíonfaidh na comhairliúcháin na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 4 go 10 de Threoir 2001/42/CE.

*Airteagal 12*

**Ábhar na bpleananna náisiúnta um athchóiriú**

1. Leis an bplean náisiúnta um athchóiriú, cumhdófar an tréimhse suas le 2050, agus beidh sprioc-amanna idirmheánacha ann a chomhfhreagraíonn do na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 go 10.

2. Cuirfidh na Ballstáit na gnéithe seo a leanas san áireamh ina bplean náisiúnta um athchóiriú, agus an fhormáid aonfhoirmeach a bhunaítear i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo á húsáid acu:

(a) cainníochtú na limistéar atá le hathchóiriú chun na spriocanna athchóirithe a leagtar amach in Airteagail 4 go 10 a bhaint amach bunaithe ar an obair

ullmhúcháin a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 11 agus ar léarscáileanna de na limistéir sin ina bhfuil tagairtí geografacha;

(b) tuairisc ar na bearta athchóirithe atá beartaithe, nó curtha ar bun, chun na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 go 10 a bhaint amach agus sonraíocht maidir le cé acu de na bearta athchóirithe sin atá beartaithe, nó curtha ar bun, laistigh de líonra Natura 2000 arna bhunú i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE;

(c) léiriú ar na bearta chun a áirithiú nach dtiocfaidh meath ar na limistéir a chumhdaítear leis na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I agus II sna limistéir ina bhfuil dea-bhail bainte amach agus nach dtiocfaidh meath ar ghnáthóga na speiceas dá dtagraítear in Airteagail 4(3) agus 5(3) sna limistéir ina bhfuil cáilíocht leordhóthanach ar ghnáthóga na speiceas, i gcomhréir le hAirteagail 4(6) agus 5(6);

(d) léiriú ar na bearta chun a áirithiú nach dtiocfaidh meath ar na limistéir a chumhdaítear leis na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II, i gcomhréir le hAirteagail 4(7) agus 5(7);

(e) fardal na mbacainní agus na bacainní a shainaithnítear chun iad a bhaint i gcomhréir le hAirteagal 7(1), an plean chun iad a bhaint i gcomhréir le hAirteagal 7(2) agus meastachán ar fhad na n-aibhneacha saorshreafa atá le baint amach trí na bacainní sin a bhaint faoi 2030 agus faoi 2050, agus aon bheart eile chun feidhmeanna nádúrtha na dtuilemhánna a athbhunú i gcomhréir le hAirteagal 7(3);

(f) an t-am chun na bearta athchóirithe a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 4 go 10;

(g) roinn ar leith ina leagtar amach bearta athchóirithe saincheaptha sna réigiúin is forimeallaí, de réir mar is infheidhme;

(h) an faireachán ar na limistéir atá faoi réir athchóiriú i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 5, an próiseas chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart athchóirithe a cuireadh i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 4 go 10 agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta sin nuair is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 go 10;

(i) léiriú ar na forálacha maidir le héifeachtaí leanúnacha, fadtéarmacha agus marthanacha na mbeart athchóirithe dá dtagraítear in Airteagail 4 go 10 a áirithiú;

(j) na comhthairbhí a mheastar a bheidh ann maidir le maolú ar an athrú aeráide a bhaineann leis na bearta athchóirithe le himeacht ama, chomh maith le tairbhí socheacnamaíocha níos leithne na mbeart sin;

(k) roinn thiomnaithe ina leagtar amach an chaoi a meastar na nithe seo a leanas sa phlean náisiúnta um athchóiriú:

  (i) ábharthacht na gcásanna athraithe aeráide do phleanáil chineál agus shuíomh na mbeart athchóirithe;

  (ii) acmhainneacht na mbeart athchóirithe chun tionchair an athraithe aeráide ar an dúlra a íoslaghdú, chun tubaistí nádúrtha a chosc agus chun tacú le hoiriúnú;

(iii) sineirgí le straitéisí nó le pleananna náisiúnta oiriúnaithe agus tuarascálacha náisiúnta maidir le measúnú riosca tubaistí;

(iv) forbhreathnú ar an idirghníomhú idir na bearta atá sa phlean náisiúnta um athchóiriú agus sa phlean náisiúnta fuinnimh agus aeráide;

(l) na riachtanais mhaoinithe mheasta le haghaidh chur chun feidhme na mbeart athchóirithe, lena n-áireofar tuairisc ar an tacaíocht do na páirtithe leasmhara a ndéanann na bearta athchóirithe nó oibleagáidí nua eile a eascraíonn as an Rialachán seo difear dóibh, agus an modh maoinithe atá beartaithe, idir phoiblí agus phríobháideach, lena n-áirítear cómhaoiniú/maoiniú le hionstraimí cistiúcháin an Aontais;

(m) léiriú ar na fóirdheontais a dhéanann difear diúltach do bhaint amach na spriocanna agus do chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo;

(n) achoimre ar an bpróiseas chun an plean náisiúnta um athchóiriú a ullmhú agus a bhunú, lena n-áirítear faisnéis maidir le rannpháirtíocht an phobail agus maidir leis an gcaoi ar breithníodh riachtanais na bpobal áitiúil agus na bpáirtithe leasmhara;

(o) roinn thiomnaithe ina léirítear an chaoi ar cuireadh barúlacha ón gCoimisiún maidir leis an dréachtphlean náisiúnta um athchóiriú dá dtagraítear in Airteagal 14(4) san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 14(5). Mura dtugann an Ballstát lena mbaineann aghaidh ar bharúil ón gCoimisiún nó ó chuid shubstaintiúil de, soláthróidh an Ballstát sin a réasúnú.

3. Áireofar sna pleananna náisiúnta um athchóiriú, i gcás inarb infheidhme, na bearta caomhnaithe atá beartaithe ag an mBallstát a ghlacadh faoin gcomhbheartas iascaigh, lena n-áirítear bearta caomhnaithe i moltaí comhpháirteacha a bhfuil sé beartaithe ag Ballstát iad a thionscnamh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus aon fhaisnéis ábhartha maidir leis na bearta sin.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun formáid aonfhoirmeach a bhunú le haghaidh na bpleananna náisiúnta um athchóiriú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2). Tabharfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) cúnamh don Choimisiún agus an fhormáid aonfhoirmeach á dréachtú.

*Airteagal 13*

**Ábhar an dréachtphlean náisiúnta um athchóiriú**

Cuirfidh na Ballstáit dréacht den phlean náisiúnta um athchóiriú dá dtagraítear in Airteagail 11 agus 12 faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... *[Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí tar éis 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*

*Airteagal 14*

**Measúnú ar na pleananna náisiúnta um athchóiriú**

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na dréachtphleananna náisiúnta um athchóiriú laistigh de 6 mhí ón dáta a gheofar iad. Nuair a bheidh an measúnú sin á dhéanamh aige, gníomhóidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis an mBallstát lena mbaineann.

2. Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an dréachtphlean náisiúnta um athchóiriú, déanfaidh sé meastóireacht ar chomhlíontacht an phlean le hAirteagal 12, chomh maith le leordhóthanacht an phlean chun na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 go 10 a chomhlíonadh, agus oibleagáidí uileghabhálacha an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1, na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 7(1) chun 25 000 km ar a laghad d'aibhneacha an Aontais a chur ag sreabhadh go saor arís faoi 2030 agus cuspóir 2030 maidir le 10 % ar a laghad de limistéar talmhaíochta an Aontais a chumhdach le gnéithe tírdhreacha ard-éagsúlachta.

3. Chun críche an mheasúnaithe ar na dréachtphleananna náisiúnta um athchóiriú, tabharfaidh saineolaithe nó EEA cúnamh don Choimisiún.

4. Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a chur in iúl do na Ballstáit laistigh de 6 mhí ón dáta a gheofar an dréachtphlean náisiúnta um athchóiriú.

5. Tabharfaidh na Ballstáit aird chuí ar aon bharúil ón gCoimisiún ina phlean náisiúnta deiridh um athchóiriú.

6. Cuirfidh na Ballstáit an plean náisiúnta um athchóiriú i gcrích, foilseoidh siad é agus cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiún é laistigh de 6 mhí ón dáta a gheofar barúlacha ón gCoimisiún.

*Airteagal 15*

**Athbhreithniú ar na pleananna náisiúnta um athchóiriú**

1. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar a bplean náisiúnta um athchóiriú uair amháin gach 10 mbliana ar a laghad, i gcomhréir le hAirteagail 11 agus 12, agus an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na bpleananna á chur san áireamh, chomh maith leis an bhfianaise eolaíoch is fearr atá ar fáil agus eolas atá ar fáil faoi athruithe ar dhálaí comhshaoil mar gheall ar an athrú aeráide. nó athruithe a bhfuil coinne leo.

2. Nuair is léir nach leor na bearta a leagtar amach sa phlean náisiúnta um athchóiriú chun na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 go 10 a chomhlíonadh, bunaithe ar an bhfaireachán i gcomhréir le hAirteagal 17, déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar an bplean náisiúnta um athchóiriú agus cuirfidh siad bearta forlíontacha san áireamh.

3. Ar bhonn na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 18(1) agus (2) agus ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 18(4) agus (5), má mheasann an Coimisiún nach leor an dul chun cinn atá déanta ag Ballstát chun na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 go 10 a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann dréachtphlean náisiúnta um athchóiriú atá cothrom le dáta agus a bhfuil bearta forlíontacha leis a chur faoina bhráid. Déanfar an plean náisiúnta um athchóiriú atá cothrom le dáta agus a bhfuil bearta forlíontacha leis a fhoilsiú agus a chur isteach laistigh de 6 mhí ón dáta a gheofar an iarraidh ón gCoimisiún.

*Airteagal 16*

**Rochtain ar an gceartas**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag daoine den phobal, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a bhfuil leas leordhóthanach acu nó a áitíonn sárú ar cheart, ar nós

imeachta athbhreithniúcháin os comhair cúirt dlí, nó comhlacht neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú le dlí, chun agóid a dhéanamh in aghaidh dhlíthiúlacht nós imeachta nó shubstainteach na bpleananna athchóirithe náisiúnta agus mura ngníomhaíonn na húdaráis inniúla, gan beann ar ról an phobail le linn an phróisis chun an plean náisiúnta um athchóiriú a ullmhú agus a bhunú.

2. Cinnfidh na Ballstáit cad is leas leordhóthanach ann agus cad is sárú leordhóthanach ann ar cheart, i gcomhréir leis an gcuspóir rochtain leathan ar cheartas a sholáthar don phobal. Chun críocha mhír 1, aon eagraíocht neamhrialtasach a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta, measfar go bhfuil cearta acu ar féidir iad a shárú agus measfar gur leor a leas.

3. Beidh na nósanna imeachta athbhreithniúcháin dá dtagraítear i mír 1 cóir, cothrom, tráthúil agus saor in aisce nó ní bheidh siad róchostasach, agus soláthrófar leo leigheasanna leordhóthanacha agus éifeachtacha, lena n-áirítear urghaire i gcás inar gá.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis phraiticiúil ar fáil don phobal maidir le rochtain ar na nósanna imeachta um athbhreithniú riaracháin agus athbhreithniú breithiúnach dá dtagraítear san Airteagal seo.

# CAIBIDIL IV

# FAIREACHÁN AGUS TUAIRISCIÚ

*Airteagal 17*
**Faireachán**

1. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar an méid seo a leanas:

(a) an bhail atá ar na cineálacha gnáthóige agus an treocht atá iontu agus an cháilíocht agus an treocht i gcáilíocht ghnáthóga na speiceas dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 5 sna limistéir atá faoi réir bearta athchóirithe ar bhonn an fhaireacháin dá dtagraítear in Airteagal 12(2), pointe (h);

(b) limistéar an spáis ghlais uirbigh agus cheannbhrat na gcrann i gcathracha agus i mbailte agus i mbruachbhailte, dá dtagraítear in Airteagal 6;

(c) na táscairí bithéagsúlachta in éiceachórais talmhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn IV;

(d) pobail speiceas an éin talaimh feirme choitinn a liostaítear in Iarscríbhinn V;

(e) na táscairí bithéagsúlachta in éiceachórais foraoise a liostaítear in Iarscríbhinn VI;

(f) flúirse agus éagsúlacht speiceas pailneoirí, de réir an mhodha arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 8(2);

(g) an limistéar agus bail na limistéar a chumhdaítear leis na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II, ar fud a gcríche;

(h) limistéar agus cáilíocht ghnáthóg na speiceas dá dtagraítear in Airteagail 4(3) agus 5(3), ar fud a gcríche.

2. Cuirfear tús leis an bhfaireachán i gcomhréir le mír 1, pointe (a), a luaithe a chuirfear na bearta athchóirithe i bhfeidhm.

3. Cuirfear tús leis an bhfaireachán i gcomhréir le mír 1, pointí (b), (c), (d), (e) ar *[Oifig na bhFoilseachán cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*.

4. Cuirfear tús leis an bhfaireachán i gcomhréir le mír 1, pointe (f), den Airteagal seo bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8(2).

5. An faireachán i gcomhréir le mír 1, pointí (a), (b) agus (c) den Airteagal seo, maidir le stoc an charbóin orgánaigh in ithreacha mianracha faoi thalamh curaíochta agus sciar na talún talmhaíochta ag a bhfuil gnéithe tírdhreacha ard-éagsúlachta, agus (e) maidir leis an adhmad marbh ina sheasamh, an t-adhmad marbh ina luí, sciar na bhforaoisí ag a bhfuil struchtúr corraoiseach, nascacht na bhforaoisí agus stoc an charbóin orgánaigh, déanfar é gach 3 bliana ar a laghad, agus, i gcás inar féidir, gach bliain. An faireachán i gcomhréir leis an mír sin, pointe (c) maidir le hinnéacs an fhéileacáin féarthalún, leis an mír sin, pointí (d) agus (e) maidir le hinnéacs na n-éan coiteann foraoise, agus leis an mír sin, pointe (f) i dtaca le speicis pailneoirí, déanfar gach bliain é. Déanfar an faireachán i gcomhréir leis an mír sin, pointí (g) agus (h), gach 6 bliana ar a laghad agus déanfar é a chomhordú leis an timthriall tuairiscithe faoi Airteagal 17 de Threoir 92/43/CEE.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán ar na táscairí le haghaidh na n-éiceachóras talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 9(2), pointe (b), agus na táscairí le haghaidh na n-éiceachóras foraoise dá dtagraítear in Airteagal 10(2), pointí (a), (b) agus (f), den Rialachán seo, ar bhealach atá comhsheasmhach leis an bhfaireachán a cheanglaítear faoi Rialachán (AE) 2018/841 agus (AE) 2018/1999.

7. Poibleoidh na Ballstáit na sonraí a ghintear leis an bhfaireachán a dhéantar faoin Airteagal seo, i gcomhréir le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[112] agus i gcomhréir leis na minicíochtaí faireacháin a leagtar amach i mír 5.

8. Oibreoidh córais faireacháin na mBallstát ar bhonn bunachar sonraí leictreonach agus córas faisnéise geografaí, agus déanfar uasmhéadú ar an rochtain ar shonraí agus ar sheirbhísí ó theicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí *in situ*, nó sonraí eolaíochta na saoránach agus ar an úsáid a bhaintear as na sonraí agus na seirbhísí sin, agus bainfear leas as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an intleacht shaorga, ard-anailísiú sonraí agus ardphróiseáil sonraí.

9. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun:

   (a) na modhanna chun faireachán a dhéanamh ar na táscairí le haghaidh na n-éiceachóras talmhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn IV a shonrú;

   (b) na modhanna chun faireachán a dhéanamh ar na táscairí le haghaidh na n-éiceachóras foraoise a liostaítear in Iarscríbhinn VI a shonrú;

   (c) creat a fhorbairt chun na leibhéil shásúla dá dtagraítear in Airteagal 11(3) a shocrú.

---

[112] Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2).

*Airteagal 18*

**Tuairisciú**

1. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún go leictreonach an limistéar atá faoi réir na mbeart um athchóiriú dá dtagraítear in Airteagail 4 go 10 agus na bacainní dá dtagraítear in Airteagal 7 a baineadh, ar bhonn bliantúil ón *[Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*.

2. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún go leictreonach na sonraí agus an fhaisnéis seo a leanas, le cúnamh ó EEA, gach 3 bliana ar a laghad:

   (a) an dul chun cinn a dhéantar i dtaca leis an bplean náisiúnta um athchóiriú a chur chun feidhme, na bearta athchóirithe a chur i bhfeidhm agus na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagail 4 go 10 a bhaint amach;

   (b) torthaí an fhaireacháin a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 17. Ba cheart tuairisciú thorthaí an fhaireacháin a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 17(1)(g) agus (h) a chur isteach, lena n-áirítear i bhfoirm léarscáileanna ina bhfuil tagairtí geografacha;

   (c) suíomh agus fairsinge na limistéar atá faoi réir na mbeart athchóirithe dá dtagraítear in Airteagail 4, 5 agus 9(4), lena n-áirítear léarscáileanna de na limistéir sin ina bhfuil tagairtí geografacha;

   (d) fardal nuashonraithe na mbacainní dá dtagraítear in Airteagal 7(1);

   (e) faisnéis faoin dul chun cinn atá déanta i dtreo riachtanais mhaoinithe a bhaint amach, i gcomhréir le hAirteagal 12(2)(l), lena n-áirítear athbhreithniú ar infheistíocht iarbhír i gcomparáid le toimhdí infheistíochta tosaigh.

Cuirfear na chéad tuarascálacha isteach i mí an Mheithimh 2031, ina gcumhdófar an tréimhse suas le 2030.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an fhormáid, an struchtúr agus na socruithe mionsonraithe a bhunú chun an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a chur i láthair. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2). Tabharfaidh EEA cúnamh don Choimisiún agus an fhormáid, an struchtúr agus na socruithe mionsonraithe le haghaidh an tuairiscithe leictreonaigh á ndréachtú aige.

4. Tabharfaidh EEA forbhreathnú teicniúil bliantúil don Choimisiún ar an dul chun cinn chun na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach, ar bhonn na sonraí a chuirfidh na Ballstáit ar fáil i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo agus le hAirteagal 17(7).

5. Tabharfaidh EEA tuarascáil theicniúil uile-Aontais don Choimisiún ar an dul chun cinn chun na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach, ar bhonn na sonraí a chuirfidh na Ballstáit ar fáil i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo. Féadfaidh sí freisin úsáid a bhaint as faisnéis arna tuairisciú faoi Airteagal 17 de Threoir 92/43/CEE, Airteagal 15 de Threoir 2000/60/CE, Airteagal 12 de Threoir 2009/147/CE, agus Airteagal 18 de Threoir

2008/56/CE. Soláthrófar an tuarascáil faoi mhí an Mheithimh 2032 agus soláthrófar tuarascálacha gach 3 bliana ina dhiaidh sin.

6. Ó 2029 ar aghaidh, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gach 3 bliana ar chur chun feidhme an Rialacháin seo.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 leordhóthanach agus cothrom le dáta agus go mbeidh sí ar fáil don phobal i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2007/2/CE agus (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

# CAIBIDIL V

# CUMHACHTAÍ THARMLIGTHE AGUS NÓS IMEACHTA COISTE

*Airteagal 19*

**Iarscríbhinní a leasú**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn I a leasú chun grúpaí na gcineálacha gnáthóige a oiriúnú.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn II a leasú chun liosta na gcineálacha gnáthóige agus grúpaí na gcineálacha gnáthóige a oiriúnú.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn III a leasú chun liosta na speiceas muirí dá dtagraítear in Airteagal 5 a oiriúnú i gcomhréir leis an bhfianaise eolaíoch is déanaí.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn IV a leasú chun an tuairisc ar na táscairí le haghaidh na n-éiceachóras talmhaíochta agus aonad agus modheolaíocht na dtáscairí sin a oiriúnú i gcomhréir leis an bhfianaise eolaíoch is déanaí.

5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn V a leasú chun liosta na speiceas a úsáidtear le haghaidh innéacs na n-éan coiteann talaimh feirme sna Ballstáit a thabhairt cothrom le dáta.

6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn VI a leasú chun an tuairisc ar na táscairí le haghaidh na n-éiceachóras talmhaíochta agus aonad agus modheolaíocht na dtáscairí sin a oiriúnú i gcomhréir leis an bhfianaise eolaíoch is déanaí.

7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn VII a leasú chun liosta na samplaí de bhearta athchóirithe a oiriúnú.

*Airteagal 20*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 19 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ó *[Oifig na bhFoilseachán cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 19 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[113].

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 19 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 21*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

---

[113] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

## CAIBIDIL VI

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 22*
**Athbhreithniú**

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo faoin 31 Nollaig 2035.

2. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le príomhthorthaí na meastóireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. I gcás ina measfaidh an Coimisiún é a bheith iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil chun forálacha ábhartha an Rialacháin seo a leasú, agus an gá atá le spriocanna breise athchóirithe a bhunú á chur san áireamh, bunaithe ar mhodhanna coiteanna chun measúnú a dhéanamh ar bhail na n-éiceachóras nach gcumhdaítear le hAirteagail 4 agus 5, agus ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí.

*Airteagal 23*
***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchóiriú dúlra. |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| An réimse beartais: 09 An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide<br>Gníomhaíochtaí:<br>09 02 - An Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)<br>09 10 – An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) |

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☑ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[114]

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

### 1.4. Cuspóirí

#### *1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

| |
|---|
| Is é is cuspóir don Rialachán atá beartaithe rannchuidiú le téarnamh leanúnach, fadtéarmach agus marthanach an dúlra bhithéagsúil agus athléimnigh ar fud limistéir talún agus mhara an Aontais trí éiceachórais, gnáthóga agus speicis a athchóiriú agus rannchuidiú le cuspóirí an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide a bhaint amach agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a chomhlíonadh.<br>Ag teacht as an gcuspóir ginearálta, is é seo a leanas cuspóir sonrach an Rialacháin atá beartaithe:<br>- Éiceachórais dhíghrádaithe ar fud an Aontais a athchóiriú ionas go mbeidh dea-bhail orthu faoi 2050, agus iad a chur ar shlí an téarnaimh faoi 2030. Nuair a bheidh siad athchóirithe, ba cheart na héiceachórais a choimeád i ndea-bhail.<br>Ag teacht as an gcuspóir sonrach, is iad seo a leanas na cuspóirí oibríochtúla:<br>- Spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhunú chun éiceachórais a athchóiriú agus chun iad a choimeád i ndea-bhail.<br>- Creat éifeachtach a bhunú chun cur chun feidhme a áirithiú, go háirithe tríd an oibleagáid atá ar na Ballstáit éiceachórais a mheasúnú agus Plean Náisiúnta um Athchóiriú a chur ar bun chomh maith le tuairisciú agus athbhreithniú. |

#### *1.4.2. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

---

[114] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Tairbhíonn an tsochaí ina hiomláine d'athchóiriú dúlra trí fheabhas a chur ar an maolú ar an athrú aeráide agus ar an oiriúnú don athrú aeráide agus ar bhainistiú riosca tubaistí. Thairis sin, cuireann athchóiriú dúlra deiseanna fostaíochta agus ioncaim ar fáil agus bíonn tionchar dearfach aige ar shláinte na saoránach, ar oidhreacht agus ar fhéiniúlacht fheabhsaithe nádúrtha agus chultúrtha, chomh maith le cáilíocht agus slándáil fheabhsaithe bia agus uisce. Tairbheoidh réimse leathan earnálacha eacnamaíocha freisin, go háirithe iad siúd atá ag brath go mór ar sheirbhísí éiceachórais, amhail earnáil an agraibhia, earnáil an iascaigh, earnáil na foraoiseachta, cuideachtaí uisce, earnáil na turasóireachta agus an earnáil airgeadais.

Tá sé léirithe go bhfuil athchóiriú na n-éiceachóras costéifeachtach (is mó i bhfad na tairbhí ná na costais), ach tá gá le hinfheistíocht a thabhóidh costais airgeadais agus deischostais do bhainisteoirí talún agus acmhainní nádúrtha, a d'fhéadfaí a chúiteamh trí dhreasachtaí a sholáthraíonn rialtais agus ceannaitheoirí seirbhísí éiceachórais. Maidir le modh agus raon feidhme na mbeart athchóirithe, cothabhála agus cúitimh a roghnóidh na Ballstáit chun an Rialachán a chur chun feidhme, cinnfidh siad ar bhealach níos cruinne an difear a dhéanfar do na páirtithe leasmhara, conas a dhéanfar difear dóibh agus cathain a dhéanfar difear dóibh. Na costais ghearrthéarmacha a d'fhéadfadh teacht as caillteanas ioncaim a d'fhéadfadh grúpaí áirithe daonra amhail feirmeoirí, úinéirí foraoise nó iascairí a thabhú agus iad ag aistriú chuig cleachtais níos inbhuanaithe, d'fhéadfaí iad a chumhdach go páirteach nó go hiomlán faoi chistiú ón Aontas agus ó fhoinsí eile.

Déanann an Rialachán atá beartaithe difear freisin d'údaráis phoiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, mar go mbeadh ról acu maidir le héiceachórais agus a seirbhísí a mhapáil agus measúnú a dhéanamh orthu, agus maidir le cláir athchóirithe a phleanáil, a chistiú, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu. Iarrtar ualaí riaracháin a íoslaghdú trí shásraí a úsáid chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh faoin reachtaíocht atá ann cheana maidir le spriocanna a leagtar síos i gcéim 1 (go háirithe an Treoir maidir le hÉin agus Gnáthóga, an Treoir Réime maidir le hUisce, agus an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus Rialachán LULUCF) chomh maith le sonraí arna mbailiú go díreach cheana féin ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde e.g. trí Copernicus. I gcéim 2, socrófar spriocanna agus bonnlínte breise le haghaidh na n-éiceachóras nach bhfuil na sonraí agus na sásraí faireacháin forbartha go hiomlán ina leith go fóill. Dá bhrí sin, déanfar na sásraí atá ann cheana a chomhlánú trí mhodh a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar an mbail atá ar na héiceachórais uile.

### *1.4.3. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Le cur chun feidhme an togra, ba cheart go n-áiritheofaí go mbeidh éiceachórais ar fud an Aontais ar shlí an téarnaimh faoi 2030 agus go mbeadh dea-bhail orthu arís faoi 2050.

Tá dhá phríomhtháscaire beartaithe chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme:

- Bearta/gníomhaíochtaí athchóirithe agus athbhunaithe arna gcur ar bun ag na Ballstáit chun téarnamh na n-éiceachóras a áirithiú.

- Bail agus stádas caomhnaithe na n-éiceachóras ar an leibhéal náisiúnta agus/nó ar an leibhéal réigiúnach (bithgheografach) agus má léiríonn siad treochtaí dearfacha in aghaidh bhonnlíne ábhartha an éiceachórais atá i gceist.

Tá éagsúlacht sna héiceachórais maidir leis an sainmhíniú ar dhea-bhail éiceachórais agus maidir le bearta iomchuí athchóirithe agus athchruthaithe. I gcás na ngnáthóg faoi Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga, tá sainmhínithe, bunlínte, spriocanna agus faireachán ar fáil. I gcás na n-éiceachóras eile, nach bhfuil sásraí sonraí agus faireacháin forbartha go hiomlán fós ina leith, bunaítear próiseas sa togra chun modheolaíocht uile-Aontais a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar an mbail atá ar na héiceachórais sin, rud a fhágfaidh go bhféadfar spriocanna agus bunlínte sonracha breise a leagan síos ina dhiaidh sin. Mar sin féin, i gcás roinnt de na héiceachórais sin, amhail talamh uirbeach, talmhaíochta agus foraoise, tá faisnéis maidir le roinnt táscairí a bhaineann leis an mbail atá ar an éiceachóras ann cheana féin trí scéimeanna Faireacháin Uile-Eorpaigh (e.g. faoi Forest Europe) nó tá siad bailithe cheana féin ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil nó ag an gCoimisiún trí Copernicus, mar shampla.  Ba cheart go mbeadh na táscairí ábhartha, glactha, inchreidte, éasca agus láidir.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

### *1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Cuirtear i dtábhacht sa Chomhaontú Glas don Eoraip an tábhacht atá leis an dúlra a chosaint agus a athbhunú ar bhealach níos fearr. I Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030, leagtar amach an cuspóir ginearálta maidir le cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú ionas go mbeidh bithéagsúlacht na hEorpa ar shlí an téarnaimh faoi 2030 agus go mbeidh éiceachórais uile an Aontais athchóirithe, athléimneach agus cosanta go leordhóthanach faoi 2050. Áitíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach araon go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun éiceachórais a athchóiriú.

Beidh an rialachán atá beartaithe infheidhme go díreach ón lá a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

Mar sin féin, caithfear sraith cúraimí riaracháin a chur i gcrích a luaithe is féidir agus cuirfear tús le cuid acu cheana féin in 2022 (i.e. mar ullmhúchán don teacht i bhfeidhm, sula bhformheasfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle iad) agus cuirfear tús le cúraimí eile tar éis an teacht i bhfeidhm.  Cé gur cúraimí aonuaire atá i gceist le cuid acu (bonneagar TF a chruthú), beidh cúraimí eile athfhillteach fad a bheidh feidhm ag an Rialachán. Go háirithe:

Ag tosú roimh theacht i bhfeidhm an rialacháin:

a) 2022-2023: Déanfaidh an Coimisiún (AS ENV agus JRC), i gcomhar le EEA agus leis na Ballstáit, modheolaíocht a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar an mbail atá ar éiceachórais nach bhfuil faireachán agus bunlínte ar fáil ina leith go fóill, ionas go bhféadfar spriocanna breise athchóirithe a shocrú tríd an Rialachán a leasú. Tacóidh JRC le AS ENV, trí Shocrú Riaracháin, chun modheolaíocht/modheolaíochtaí agus bonnlínte iomchuí a fhorbairt.

b) 2022-2024: Forbróidh an Coimisiún treoir maidir le bearta athchóirithe agus cleachtais bainistíochta athchóirithe chun na Ballstáit a spreagadh agus a chumasú chun tús a chur le gníomhaíochtaí athchóirithe go luath, lena n-áirítear i gcás na n-éiceachóras sin nach bhfuil aon sprioc leagtha síos ina leith go fóill.

Tar éis theacht i bhfeidhm an rialacháin:

c) 2024: Glacfaidh an Coimisiún, trí nós imeachta coiste, formáid aonfhoirmeach le haghaidh na bPleananna Náisiúnta um Athchóiriú (lena n-áirítear e.g. formáidí tuairiscithe leictreonaigh le haghaidh fhardal na mbacainní abhann) mar aon le formáid tuairiscithe.

d) 2024 agus 2025: Glacfaidh an Coimisiún treoir maidir le léirmhíniú na gcineálacha gnáthóige in Iarscríbhinn II agus maidir leis an modheolaíocht/na modheolaíochtaí nua chun measúnú a dhéanamh ar an mbail atá ar na héiceachórais (e.g. éiceachórais na Réigiún is Forimeallaí nach gcumhdaítear faoin Treoir maidir le Gnáthóga), chomh maith le gníomhartha cur chun feidhme i dtaca leis an modh chun faireachán a dhéanamh ar phailneoirí (soláthróidh an modh cur chuige caighdeánaithe chun sonraí bliantúla a bhailiú maidir le flúirse agus éagsúlacht speiceas pailneoirí agus chun measúnú a dhéanamh ar threochtaí i bpobal na bpailneoirí), agus na modhanna chun faireachán a dhéanamh ar na táscairí in éiceachórais talmhaíochta agus foraoise.

Tosóidh na Ballstáit a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin ina ndéantar measúnú ar na héiceachórais i dtéarmaí na limistéar den éiceachóras a bhfuil dea-bhail orthu, a bhfuil bail dhíghrádaithe orthu, a cailleadh le 70 bliana anuas agus i dtéarmaí na limistéar is oiriúnaí chun an t-éiceachóras a athbhunú.

e) 2026-2027: Gheobhaidh an Coimisiún Pleananna Náisiúnta um Athchóiriú ó na Ballstáit, agus cuirfidh siad isteach iad laistigh de 2 bhliain ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin. Áireofar leis na Pleananna Náisiúnta um Athchóiriú, mar shampla, torthaí mheasúnú na n-éiceachóras, riachtanais agus bearta cainníochtaithe agus spásúla athchóirithe a bheidh bunaithe ar an mapáil agus ar an bhfardal, gnéithe trasteorann, am chun na bearta athchóirithe a chur chun feidhme, na costais a bhaineann le cur chun feidhme agus faireachán atá beartaithe tar éis an athbhunaithe agus an sásra athbhreithnithe.

f) 2026-2027 (an chéad bhabhta, d'fhéadfadh na Ballstáit nuashonruithe a dhéanamh ina dhiaidh sin): Déanfaidh AS ENV, le tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha (ar conradh) agus ó EEA, measúnú ar na Pleananna Náisiúnta um Athchóiriú a chuireann na Ballstáit isteach.

g) 2026-2027: Soláthar (conradh seirbhíse) le haghaidh measúnú tionchair (nó roinnt acu) nó/agus socrú riaracháin le JRC chun spriocanna nua agus bonnlínte comhfhreagracha a bhunú.

Beidh ar na Ballstáit tuarascáil a thabhairt gach 3 bliana ar a laghad (ag tosú 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin) ar na bearta athchóirithe a cuireadh i bhfeidhm agus ar thorthaí an fhaireacháin.

h) Ó 2030 ar aghaidh, 3 bliana athfhillteacha: Ullmhóidh EEA tuarascáil uile-Aontais ar dhul chun cinn bunaithe ar an dul chun cinn ar leibhéal na mBallstát chun na spriocanna a bhaint amach, bunaithe ar na bearta athchóirithe agus ar na treochtaí i mbail a thuairiscíonn na Ballstáit faoina n-oibleagáidí tuairiscithe, chomh maith le torthaí na treochta i stádas caomhnaithe gnáthóg agus speiceas bunaithe ar na sonraí faireacháin a thuairiscíonn na Ballstáit faoi Airteagal 17 den Treoir maidir le

Gnáthóga agus Airteagal 12 den Treoir maidir le hÉin, agus faisnéis a thuairiscítear faoi Airteagal 15 de Threoir 2000/60/CE, Airteagal 12 de Threoir 2009/147/CE, agus Airteagal 18 de Threoir 2008/56/CE. Bunaithe ar thuarascáil uile-Aontais EEA ar dhul chun cinn, tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa gach 3 bliana maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

i) 2027 nó ina dhiaidh sin: Ar bhonn thoradh an mheasúnaithe tionchair/na measúnuithe tionchair, molfaidh an Coimisiún athbhreithniú/leasú ar an Rialachán chun an sprioc/na spriocanna nua a chur san áireamh.

Nuair a ghlacfar na spriocanna athchóirithe nua, beidh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a bPleananna Náisiúnta um Athchóiriú agus iad a oiriúnú dá réir.

j) 2033-2034: Déanfaidh AS ENV, le tacaíocht ó EEA, measúnú ar na Pleananna Náisiúnta athbhreithnithe um Athchóiriú.

k) 2030-2050 (ar bhonn leanúnach): Déanfaidh AS ENV, le tacaíocht ó JRC agus ó EEA, faireachán ar chur chun feidhme an rialacháin i mBallstáit an Aontais chun a áirithiú go mbainfidh sé amach na cuspóirí atá beartaithe leis agus go gcuirfidh gach Ballstát reachtaíocht an Aontais chun feidhme

l) Faoin 31 Nollaig 2035, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme an rialacháin agus cuirfidh sé tuarascáil ar an athbhreithniú faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Cuirfidh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) tacaíocht ar fáil trí na cúraimí seo a leanas:

Roimh theacht i bhfeidhm an rialacháin (2022-2023):

Ar bhonn dhul chun cinn an phlé idir na comhreachtóirí, tosóidh EEA leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

-Formáidí agus córas faisnéise a fhorbairt le haghaidh na bPleananna Náisiúnta um Athchóiriú (lena n-áirítear pleananna chun bacainní abhann a bhaint);

- Formáid agus córas faisnéise a fhorbairt le haghaidh tuairisciú tréimhsiúil ar na bearta a chuirtear chun feidhme agus ar na limistéir a athbhunaítear agus ar an mbail atá ar na héiceachórais agus ar phobail na speiceas;

- lámhleabhar léirmhíniúcháin a fhorbairt do chineálacha gnáthóige in Iarscríbhinn II;

- Tacú le modheolaíocht a bhunú chun faireachán a dhéanamh, táscairí a roghnú, agus measúnú a dhéanamh ar dhea-bhail sna héiceachórais/gnáthóga/speicis sin, rud nach bhfuil ar fáil go fóill mar bhonn chun spriocanna a leagan síos i gcéim 2 (e.g. éiceachórais áirithe sna Réigiúin is Forimeallaí): Déanfar an cúram sin i gcomhar le JRC agus AS ENV;

Tar éis an teacht i bhfeidhm (tá coinne leis ó 2024 ar aghaidh):

- 2024-2026: Tacaíocht chun spriocanna a shainiú atá nasctha leis na limistéir ina ndéanfar an t-athbhunú: tacú le Ballstáit chun meastachán a dhéanamh ar an limistéar atá le hathbhunú chun Stádas Caomhantais Fabhrach a bhaint amach (d’fhéadfaí tús a chur le hullmhúchán roimh theacht i bhfeidhm dó);

- 2024-2050: Aisghabháil/láimhseáil/rialú cáilíochta sonraí agus bainistíocht na gcóras/na gceanglas tuairiscithe leictreonaigh. Áirítear leis sin foilsiú sonraí agus

| |
|---|
| rochtain ar na sonraí sin a áirithiú (e.g. léarscáileanna idirghníomhacha, deaiseanna, tuarascálacha).<br><br>- Ó 2024 ar aghaidh: Faireachán a dhéanamh ar spriocanna áirithe e.g. trí Copernicus, amhail na spriocanna uirbeacha maidir le spás glas uirbeach agus ceannbhrat na gcrann;<br><br>- 2024-2050 (ar bhonn leanúnach): Sonraí a fhoilsiú agus a léirshamhlú agus rochtain a fháil orthu (tuarascálacha, deaiseanna, léarscáileanna), agus úsáid á baint, nuair is féidir, as na córais faisnéise atá ann cheana (An Córas Faisnéise Bithéagsúlachta don Eoraip, an Lárionad Eolais um Bithéagsúlacht, an Córas Faisnéise Uisce don Eoraip, an Córas Faisnéise Foraoise don Eoraip etc.);<br><br>- ~2026-2027 (an chéad bhabhta): tacú le measúnú a dhéanamh ar na Pleananna Náisiúnta um Athchóiriú a chuireann na Ballstáit isteach (in éineacht leis an gCoimisiún agus leis an gconraitheoir seachtrach);<br><br>- Ó 2030 ar aghaidh, ag tarlú gach 3 bliana: Measúnú na mBallstát ar thuarascálacha ar dhul chun cinn maidir leis an dul chun cinn a dhéantar ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais chun na spriocanna a bhaint amach, bunaithe ar na bearta athchóirithe agus na treochtaí i mbail a thuairiscíonn na Ballstáit faoina n-oibleagáidí tuairiscithe (agus úsáid á baint as an bhformáid tuairiscithe a fhorbraítear faoin dara pointe den tábla seo), chomh maith leis na torthaí ar an treocht i stádas caomhantais na ngnáthóg agus na speiceas bunaithe ar na sonraí faireacháin a thuairiscíonn na Ballstáit faoi Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga agus Airteagal 12 den Treoir maidir le hÉin, agus faisnéis a thuairiscítear faoi Airteagal 15 de Threoir 2000/60/CE, Airteagal 12 de Threoir 2009/147/CE, agus Airteagal 18 de Threoir 2008/56/CE.<br><br>- 2024-2050: Deasc Chabhrach na mBallstát: tacaíocht chórasach do na Ballstáit maidir leis na ceisteanna teicniúla a bhaineann le faireachán, tuairisciú, spriocanna a leagan síos, ullmhú an Phlean Náisiúnta um Athchóiriú.<br><br>I roinnt de na céimeanna cur chun feidhme thuas, trí úsáid a bhaint as torthaí taighde (e.g. ó IPBES agus ó Chlár Réime an Aontais um Thaighde agus um Nuálaíocht) agus trí úsáid a bhaint as uirlisí eolaíocha (e.g. samhaltú, cásanna, tuarascálacha ón bpainéal saineolaithe) tacófar le hobair EEA, JRC agus AS ENV agus comhlánófar an obair sin. |

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

| |
|---|
| Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal Eorpach (ex- ante):<br><br>- Is dúshlán mórscála agus trasteorann iad cailliúint na bithéagsúlachta agus díghrádú na n-éiceachóras, lena n-áirítear brúnna ar éiceachórais, agus ní féidir dul i ngleic go héifeachtúil leis an dúshlán sin ar leibhéal na mBallstát amháin.<br><br>An breisluach ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (ex- post): |

- Tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais ar an scála ceart chun leibhéil shuntasacha athchóirithe a bhaint amach agus chun tairbhiú de shineirgí agus de ghnóthachain éifeachtúlachta. Mar shampla, má dhéantar éiceachóras amháin a athchóiriú (lena dtacaítear le bithéagsúlacht an éiceachórais ar an gcaoi sin), bíonn tionchar dearfach aige sin ar éiceachórais chomharsanacha nó nasctha eile agus ar bhithéagsúlacht na n-éiceachóras sin. Bíonn rath níos fearr ar go leor speiceas i líonra nasctha éiceachóras.

- Chruthódh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais cothroime iomaíochta, lena dtabharfaí aghaidh ar fhadhb an 'tsaorthairbhithe', i.e. roinnt Ballstát nach ngníomhaíonn ar a dtionscnamh féin chun éiceachórais a athchóiriú ar a gcríocha féin, is féidir leo buntáistí gearrthéarmacha éagóracha a fháil i gcomparáid leis na Ballstáit sin a athchóiríonn éiceachórais as a stuaim féin. Is iondúil go dtarlaíonn sé sin i réigiúin trasteorann.

- Trí ghníomhaíocht uaillmhianach, chomhordaithe a dhéanamh maidir le hathchóiriú na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras ar leibhéal an Aontais, tabharfar an chreidiúnacht is gá don Aontas chun 'dea-shampla a thabhairt agus gníomhú' ar an leibhéal idirnáisiúnta.

### 1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Níor leor go dtí seo na hiarrachtaí maidir le hathchóiriú na n-éiceachóras. Aithníodh trí theip beartais:

1. Bhí na spriocanna deonacha neamhéifeachtach. Níor baineadh amach sprioc dheonach Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2020 maidir le 15 % ar a laghad de na héiceachórais dhíghrádaithe a athbhunú. Sa staidéar meastóireachta ar an straitéis sin, sainaithníodh go raibh cineál deonach na spriocanna seachas an ceangal dlíthiúil a ghabhann leo i measc na gcúiseanna le teip in athchóiriú na n-éiceachóras. Ba bhac tábhachtach iad an easpa tiomantais agus easpa tosaíocht pholaitiúil do ghníomhaíochtaí athchóirithe ina dhiaidh sin, rud a fhágann go bhfuil easpa maoinithe agus acmhainní á leithdháileadh ar athchóiriú. Ar an taobh eile, sprioc eile den Straitéis Bhithéagsúlachta go dtí 2020, maidir le speicis choimhthíocha ionracha, atá ceangailteach ó thaobh dlí le glacadh rialacháin nua, is é an toradh a bhí uirthi gur cuireadh an sprioc sin chun feidhme den chuid is mó agus go raibh tairbhí ann nach mbainfí amach dá mbeidís deonach.

2. Easnaimh sa reachtaíocht atá ann cheana. Sa mheastóireacht ar an Straitéis Bhithéagsúlachta go dtí 2020 agus ar roinnt de na príomhphíosaí reachtaíochta, léiríodh fadhbanna maidir le cur chun feidhme, rud a léiríonn castacht na saincheisteanna idir lámha. Thairis sin, tá roinnt easnamh fós ann, ós rud é nach bhfuil gnéithe den reachtaíocht sonrach go leor (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí), faoi cheangal ama (an Treoir maidir le Gnáthóga) nó intomhaiste (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) chun cuspóirí athchóirithe a bhaint amach.

3. Easpa cur chuige cuimsitheach. Déileáiltear le héiceachórais ar leithligh le píosaí éagsúla reachtaíochta, rud a d'fhág go bhfuil roinnt dúshlán ann ó thaobh cur chun feidhme comhordaithe de. Tá na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, an Treoir Réime maidir le hUisce agus an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí comhleanúnach i gcoitinne, ach mar sin féin léiríodh sa tSeiceáil Oiriúnachta ar na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga roinnt dúshlán sa chur chun feidhme i gcás ina mbíonn na Treoracha sin ag idirghníomhú, mar shampla dobharlaigh a mbraitheann a stádas ar a

ngnáthóga bruachánacha máguaird, agus ba cheart déileáil leo ar bhealach comhtháite chun cuspóirí sonracha athchóirithe a bhaint amach, mar shampla i gcás tuilemhánna.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tagann an tionscnamh faoi scáth an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, straitéis an Aontais um fhás inbhuanaithe. Áirítear leis sin an cuspóir atá ann a áirithiú go mbeidh bithéagsúlacht an Aontais ar shlí an téarnaimh faoi 2030, agus go ndéanfar éiceachórais uile an Aontais a athchóiriú faoi 2050. Leagtar síos ann spriocanna ceangailteacha chun éiceachórais, gnáthóga agus speicis atá díghrádaithe a athchóiriú chun go mbeidh dea-bhail orthu arís. Leanann sé freisin na huaillmhianta a leagtar amach i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 agus rannchuidíonn sé le baint amach na n-uaillmhianta.

Tagann an tionscnamh faoi Cheannteideal 3 (Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol), Teideal 9 (An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide) den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027. Cuideoidh an reachtaíocht le cistiú a shlógadh d'fhonn an uaillmhian 7.5 % den chaiteachas bliantúil a sholáthar faoi CAI do chuspóirí bithéagsúlachta sa bhliain 2024 agus 10 % den chaiteachas bliantúil faoi CAI do chuspóirí bithéagsúlachta in 2026 agus 2027, agus an forluí atá ann idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta á gcur san áireamh ag an am céanna.

Tá an togra comhlántach leis na bearta eile a leagtar amach sa Straitéis Bhithéagsúlachta go dtí 2030, go háirithe: 1) Oibriú i gcomhpháirtíocht leis an tionsclaíocht agus leis an ngnó chun rialachas corparáideach inbhuanaithe a neartú; 2) tacsanomaíocht Aontais i leith maoiniú inbhuanaithe agus Straitéis Athnuaite maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a fhorbairt chun infheistíochtaí atá fabhrach don bhithéagsúlacht a áirithiú; 3) comhar idirnáisiúnta a neartú chun glacadh beart comhchosúil a chur chun cinn (tagann sé seo faoi chaibidil 14 – Gníomhaíocht Sheachtrach – de CAI).

Leis an Straitéis Bhithéagsúlachta, leagadh síos an sprioc EUR 20 billiún ar a laghad a scaoileadh in aghaidh na bliana le haghaidh caiteachas ar an dúlra, lena n-áirítear tosaíochtaí infheistíochta Natura 2000 agus bonneagar glas, agus tionscnamh tiomnaithe maidir le caipiteal nádúrtha agus geilleagar ciorclach a bhunú, faoi InvestEU, chun EUR 10 mbilliún ar a laghad a shlógadh sna 10 mbliana amach romhainn. Thairis sin, tacaíonn Straitéis Athnuaite maidir le Maoiniú Inbhuanaithe ó mhí Iúil 2021 le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a rannchuidíonn le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus bunaítear creat chun a áirithiú go gcuireann an córas airgeadais le rioscaí don bhithéagsúlacht atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a mhaolú agus go dtugtar léiriú níos fearr ar an gcaoi a ndéanann cailliúint na bithéagsúlachta dochar do bhrabúsacht agus d'ionchais fhadtéarmacha cuideachtaí

Sa tréimhse 2021-2027, cumhdófar an caiteachas tacaíochta (le cur chun feidhme ag na Ballstáit) leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Clár Eorpach don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE), an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (Fís Eorpach), an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe, Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe

Iascaigh, an Clár Spáis an Aontais, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, InvestEU, an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, agus maoiniú náisiúnta ó na Ballstáit agus cistiú príobháideach.

